# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL FORFÁS 2011

# Don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta

De bhun an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993, cuireann Forfás, leis seo, a thuarascáil agus a chuntais i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011.

Eoin O'Driscoll
Cathaoirleach

Martin Shanahan
Príomhfheidhmeannach

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Maidir Linne | 3 |
| Bord Forfás | 10 |
| Lucht Bainistíochta Forfás | 13 |
| Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh | 15 |
| Gníomhaíochtaí Beartais | 26 |
| Fiontraíocht | 30 |
| Eolas & Nuálaíocht | 53 |
| Iomaíochas | 76 |
| Daoine | 90 |
| Discover Science & Engineering | 99 |
| Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) | 108 |
| Rialachas Corparáideach | 115 |
| Ráitis Airgeadais | 122 |
| Aguisín 1: Comhairlí Comhairleacha | 145 |
| Aguisín 2: Foilseacháin úrnua de chuid Forfás | 150 |

# Maidir Linn

# Maidir Linne

Is é Forfás an bord náisiúnta comhairleach beartais um fhiontraíocht, thrádáil, eolaíocht, theicneolaíocht agus nuálaíocht.

Chomh maith lena phríomhfheidhmeanna beartais, i measc na ngníomhaíochtaí eile de chuid Forfás in 2011 bhí feasacht[1], creidiúnú agus seirbhísí corparáideacha comhroinnte.





## Anailís agus Comhairle Bheartais

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta é Forfás, a oibríonn go dlúth le comhghníomhaireachtaí RPFN agus Forfás, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann le comhleanúnachas beartas a chinntiú ar fud na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta a thacaíonn le fás na fiontraíochta agus cruthú post.

1 I rith na bliana 2011 riar Forfás clár náisiúnta um fheasacht eolaíochta na hÉireann, Discover Science and Engineering (DSE) Ar 1 Eanáir 2012 aistríodh freagracht as bainistiú an chláir DSE chuig Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Cuireann Forfás comhairle beartais neamhspleách ar fáil don Aire, don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus don Rialtas i raon réimsí beartais ó thaobh na fiontraíochta de. Nascann sé fiontair san earnáil phríobháideach leis an gcóras poiblí agus tá daoine aonair ó na hearnálacha príobháideacha agus poiblí ina n-ionadaithe ar an mBord. Tá mórán de na réimsí beartais a mbíonn tionchar acu ar an bhfiontraíocht faoi shainchúram an Aire agus tá an fhreagracht i ndáil le réimsí eile faoi shainchúram airí agus ranna eile, ach bíonn tionchar díreach nó indíreach acu ar fhorbairt na fiontraíochta. Éilíonn sé seo ar Forfás feidhmiú thar réimse ranna agus gníomhaireachtaí rialtais.

## Forfás, a Chomhghníomhaireachtaí agus a Chomhairlí Comhairleacha




## Fócas 2011

Thug comhairle beartais Forfás in 2011 aghaidh ar cheithre réimse uileghabhálach beartais a bhí ríthábhachtach do rathúlacht na fiontraíochta in Éirinn agus tá cur síos ar ár gcuid oibre i Rannóg Gníomhaíochtaí na tuarascála seo.

| | |
|---|---|
| **Fiontraíocht** | Tacú le forbairt fiontar agus post inbhuanaithe |
| **Eolas & Nuálaíocht** | Taighde agus teicneolaíocht a chur ag obair do ghnó agus d'Éirinn |
| **Iomaíochas** | A chinntiú gur áit mhaith í Éire le dul i mbun gnó |
| **Daoine** | Lucht saothair ardoilte, cumasach agus solúbtha a fhorbairt |

### Fiontraíocht - Tacú le forbairt fiontar agus post inbhuanaithe

Tá bonn láidir fiontar in Éirinn, idir iad siúd faoi úinéireacht dhúchasach agus eachtrach araon, chomh maith le cultúr a spreagann cuideachtaí chun forbairt agus leathnú. Ina chuid oibre leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus le réimse leathan páirtithe leasmhara, soláthraíonn Forfás comhairle beartais thar réimse leathan saincheisteanna fiontraíochta chun cur le timpeallacht ina gcothaítear fiontair inbhuanaithe rathúla.

### Eolas agus Nuálaíocht - Taighde agus teicneolaíocht a chur ag obair do ghnó agus d'Éirinn

Níl aon teorainn leis an nuálaíocht. Is féidir le soláthraithe nó custaiméirí, iomaitheoirí nó fostaithe, in Éirinn nó go hidirnáisiunta í a chur ar fáil. Is féidir baint a bheith aici le gné ar bith de ghnó – táirgí, seirbhísí, feidhmchláir teicneolaíochta, próisis, dearaí nó struchtúir eagraíochta nua nó feabhsaithe. Tá an nuálaíocht ar cheann de na tosca bunriachtanacha a shaineoidh rath na bhfiontar in Éirinn amach anseo.

Ina chuid oibre leis an RPFN agus le ranna rialtais eile, cuireann Forfás lena chinntiú go soláthraíonn beartais eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta fás agus poist d'Éirinn trí bhonn láidir fianaise a chur le chéile agus a anailísiú ónar féidir comhairle beartais a sholáthar i ndáil le saincheisteanna ríthábhachtacha STI náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### Iomaíochas - A chinntiú gur áit mhaith í Éire le dul i mbun gnó

Tá sé ríthábhachtach go mbeimid in ann dul san iomaíocht ar mhargaí idirnáisiúnta agus líon na n-earraí agus na seirbhísí ard-bhreisluacha a chuirimid ar fáil a mhéadú le go dtiocfaidh rath ar an ngeilleagar agus go mbeidh caighdeán maith maireachtála againn amach anseo. Cé go bhfáiltítear roimh fheabhsuithe a tharla le déanaí inár gcuid iomaíochais idirnáisiúnta, beidh orainn díriú isteach ar chostais sa gheilleagar a laghdú, cur le táirgiúlacht, a chinntiú go mbeidh ár mbeartais trádála oiriúnaithe do rathúlacht sna margaí idirnáisiúnta, agus go ndíreofar an infheistíocht chaipitil phoiblí ar réimsí a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag forbairt fiontraíochta na todhchaí. Soláthraíonn Forfás féin agus a chuid oibre leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais, raon taighde, anailíse agus comhairle ar shaincheisteanna a bhaineann lenár gcumas iomaíochais náisiúnta chomh maith le díriú ar ár mealltacht mar áit le dul i mbun gnó inti a chaomhnú.

### Daoine - Lucht saothair ardoilte, cumasach agus solúbtha a fhorbairt

Tá infheistíocht straitéiseach leanúnach i bhforbairt ar muintir ina gné ríthábhachtach do rath geilleagrach na hÉireann. Soláthraíonn Forfás comhairle ar bheartais a chinntíonn go soláthraíonn Éire oideachas, oiliúint agus breisoiliúint a chomhlíonann riachtanais na bhfiontar reatha agus na todhchaí agus a thacóidh le solúbthacht sa mhargadh saothair.

Leanann Forfás féin agus trína chuid oibre leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ar aghaidh ag tacú le polasaithe dírithe ar fhorbairt mhuintir na hÉireann trí raon anailíse agus comhairle a sholáthar i ndáil le riachtanais scileanna fhiontair Éireannacha agus conas is féidir le hÉire dul i ngleic le riachtanais oiliúna ár lucht saothair.

### Tacaíocht Beartais

Chomh maith le hobair beartais leanúnach, soláthraíonn Forfás comhairle beartais fhreagrúil, fhíor-ama don Aire agus don RPFN ar raon saincheisteanna a thagann chun cinn. Tacaíonn Forfás chomh maith leis an RPFN i ndáil le torthaí a chomhairle a chur chun cinn agus a chur chun feidhme.

Bainistíonn Forfás obair de chuid Chomhairle na hÉireann um Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuáil, an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí agus na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus cuireann sé tacaíocht anailíse agus taighde ar fáil dóibh.

Tá ról comhordaithe ag Forfás maidir le feidhmeanna a chomhghníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Déanann Forfás measúnú freisin ar idirghabhálacha beartais fiontraíochta.

## Feasacht, Creidiúnú agus Seirbhísí Roinnte agus Corparáideacha

### Feasacht

I rith na bliana 2011 riar Forfás an clár náisiúnta feasachta, Discover Science and Engineering (DSE) Soláthraíonn an clár seo feachtas feasachta spriocdhírithe, straitéiseach agus inchainníochtúil, a bhfuil sé de chuspóir aige:

- Méadú a dhéanamh ar líon na mac léinn a dhéanann staidéar ar na heolaíochtaí fisiceacha agus ar mhatamaitic – scileanna agus eolas atá riachtanach chun Éire a fhorbairt mar gheilleagar eolasbhunaithe;
- Dearcadh dearfach a chur chun cinn maidir le slí bheatha sna san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic; agus
- Tuiscint phoiblí níos fearr a chothú maidir leis na heolaíochtaí fisiceacha, an innealtóireacht agus leis an matamaitic agus maidir leis an luach a ghabhann leo do shochaí na hÉireann.

### Creidiúnú

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) an comhlacht náisiúnta ceaptha le freagracht iomlán as creidiúnú in Éirinn agus is fo-bhord agus rannóg de chuid Forfás é.

Tá sé freagrach as creidiúnú saotharlanna, comhlachtaí deimhniúcháin agus comhlachtaí cigireachta. Is é an t-aon sínitheoir de chuid na hÉireann do na comhaontuithe iltaobhacha (MLAnna) don Eoraip trí mheán an Chomhair Eorpaigh um Chreidiúnú (EA) agus ar bhonn domhanda trí mheán an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) agus an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnaithe (IAF).

Cuireann sé creidiúnú ar fáil de réir na sraithe caighdeán agus treoracha ISO 17000 ábhartha um Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán agus de réir shraith comhchuibhithe EN 45000 na gcaighdeán Eorpach.

In Eanáir 2010, ainmníodh an INAB mar an comhlacht náisiúnta aonair um chreidiúnú d'Éire de bhun Rialacháin 765/2008 a sholáthraíonn creat dlíthiúil um sholáthar seirbhísí creidiúnaithe ar fud na hEorpa.

## Seirbhísí Roinnte agus Corparáideacha

Cuireann Forfás seirbhísí corparáideacha roinnte ar leith ar fáil d'Fhiontraíocht Éireann, do GFT Éireann, d'Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta don Rialtas, d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus d'Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI). Soláthraítear na seirbhísí roinnte seo i réimsí inar féidir le Forfás éifeachtacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí seo a fheabhsú nó sa chás go bhfuil oibleagáidí ar Forfás mar fhostóir dhlíthiúil na foirne sna gníomhaireachtaí sin. Cuimsíonn na seirbhísí seo gnéithe de sheirbhísí airgeadais agus cuntasaíochta, acmhainní daonna, pinsin, bainistíocht áiseanna agus maoine, earraí isteach, teachtairí, seirbhísí fáiltithe/teileafónaí, comhordú na n-árachas corparáideach agus bainistíocht líonra um Shaoráil Faisnéise do na gníomhaireachtaí fiontraíochta agus do roinnt comhlachtaí poiblí eile.

Mar fhostóir dlíthiúil foirne ar fud na ngníomhaireachtaí forbartha (Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann), déanann Forfás bainistiú lárnach ar a scéimeanna pinsin de chuid Forfás féin agus na n-eagraíochtaí a tháinig roimhe[2], ar na hoibleagáidí géilliúlachta pinsean gaolmhara agus ar na scéimeanna árachais agus sochar foirne ábhartha. Déileálann Forfás ar bhonn lárnach le fiosruithe pinsean áirithe ó chomhaltaí foirne ar fud na ngníomhaireachtaí, riarann sé cúraimí a bhaineann le pinsin do thart ar 1,220 pinsinéir chomh maith lena dtaifid ghaolmhara agus taifid agus fiosruithe ó thart ar 540 iarfhostaí a bhfuil sochair phinsin iarchurtha acu. Íocann Forfás gach sochar pinsin, ar bhonn leanúnach, d'fhoireann scortha agus d'fhoireann atá ag dul ar scor ó GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Forfás, chomh maith leis na heagraíochtaí a bhí ann rompu.

Soláthraíonn an Príomhchomhairleoir Eolaíochta don Rialtas sainchomhairle neamhspleách ar aon ghné den Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (STI) a d'fhéadfadh an Rialtas a iarraidh. Feidhmíonn Forfás mar an t-óstach dlíthiúil d'Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta ó bunaíodh an Oifig i Meán Fómhair 2004. I gcomhthéacs a cuid gníomhaíochtaí agus comhairle feidhmíonn an oifig go neamhspleách ó Bhord agus ó bhainistíocht Forfás ach, mar óstach don Oifig, feidhmíonn Forfás mar an t-eintiteas dlíthiúil d'oibleagáidí conartha ó lá go chéile a bhaineann le hobair na hOifige agus soláthraíonn sé an Príomhchomhairleoir Eolaíochta le raon iomlán seirbhísí tacaíochta corparáideacha, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta dlí, AD, bainistíocht saoráidí, TF, soláthar, beartais agus nósanna imeachta rialachais s.rl. Tá riarachán laethúil na hOifige faoi réir rialachais agus nósanna imeachta Forfás.

Tá ceannléasanna iarfhoirgneamh ceanncheathrún an Údaráis Fhorbartha Tionscail, lena n-áirítear Teach Pháirc Wilton, i seilbh Forfás. I dTeach Pháirc Wilton, soláthraíonn Forfás do bhainistiú agus soláthar lárnach áiseanna, glanadh, cúiréirí, taisteal, teileachumarsáid, lónadóireacht, slándáil, soláthar agus stóráil earraí stáiseanóireachta agus earraí gaolmhara le haghaidh GFT Éireann, SFI agus SEAI. Tá Forfás freagrach chomh maith as bainistiú maoine Theach Pháirc Wilton lena n-áirítear athbhreithnithe cíosa, idirchaidreamh tionóntaí (ón earnáil phoiblí agus roinnt tionóntaí na hearnála príobháidí), toiliú na dtiarnaí talún s.rl.

2 An tÚdarás Forbartha Tionscail, Eolas, an Bord Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta, an Bord Tráchtála agus Comhairle Earraí Éireann.

Tá Forfás freagrach as na costais a éiríonn as oibleagáidí léasa do Theach Carrisbrook agus do Theach Knockmaun, iad araon a bhí ar léas ag an iar-Údarás Forbartha Tionscail tráth dá raibh.

## Ag Tacú le Fóram Oscailte Euroscience (ESOF) 2012

Is gnáthchruinniú eolaíochta idirdhisciplíneach, pan-Eorpach é ESOF 2012 a tionóladh gach dara bliain ó 2004 ar aghaidh. Beidh sé ag teacht go dtí Baile Átha Cliath in Iúil 2012. Tabharfaidh an t-imeacht, cúig lá ar fhad, os cionn 2,000 eolaí, ceannaire gnó, oifigeach rialtais, lucht déanta beartas agus príomh-mheáin idirnáisiúnta le chéile le plé a dhéanamh ar thogha agus rogha an taighde Eorpaigh chomh maith le haghaidh a thabhairt ar na mórdhúshláin eolaíocha domhanda atá ann faoi láthair, lena n-áirítear fuinneamh, athrú aeráide, bia agus sláinte. Thar cúig lá beidh níos mó ná 150 seisiún eolaíochta, gairme agus um eolaíocht-go-gnó ar bun, le níos mó ná 500 cainteoir, lena n-áirítear 26 príomhchainteoir agus cúig bhuaiteoir na duaise Nobel, taispeántas idirghníomhach agus áit mhargaidh nuálaíochta. In aitheantas d'óstáil na comhdhála ESOF mór le rá ar bun i mí Iúil na bliana seo, táthar tar éis Baile Átha Cliath a ainmniú go foirmiúil mar Chathair na hEolaíochta don bhliain 2012.

Le cur le ESOF 2012, beidh féile deich lá *Eolaíocht sa Chathair* ar bun i mBaile Átha Cliath d'fhonn rannpháirtíocht mhéadaithe na dtoscairí cuairtíochta leis an ngnáthphobal a uasmhéadú. Díríonn clár na féile ar dhaoine fásta, teaghlaigh, leanaí, déagóirí, mic léinn, taighdeoirí, speisialtóirí agus neamh-speisialtóirí, na meáin agus cuairteoirí chuig Baile Átha Cliath agus Éire. Cuimseoidh an clár imeachtaí 'céad uaire ar domhan' a dhéanfaidh spéis na meán a mhúscailt agus ar an taobh eile de beidh imeachtaí mórthaibhseacha ar bun a mbeidh rannpháirtíocht fhairsing pobail ag baint leo.

Tá Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta don Rialtas freagrach as an ESOF 2012 agus Baile Átha Cliath-Cathair na hEolaíochta 2012 a sheachadadh. Ó bhuaigh Baile Átha Cliath an comórtas oscailte d'óstáil an ESOF 2012 i mí na Samhna 2008 agus suas chomh fada le tús an imeachta, thacaigh Forfás go mór le heagrú agus pleanáil do Bhaile Átha Cliath-Cathair na hEolaíochta 2012 trí sheirbhísí tacaíochta agus foireann a sholáthar lena n-áirítear dlí, AD, earcaíocht, airgeadas, bainistíochta saoráidí, TF, soláthar, beartais agus nósanna imeachta rialachais.

## Deontas an Oireachtais

Tá Ráitis Airgeadais mhionsonraithe de chuid Forfás tugtha ar leathanach 116 den tuarascáil seo.

Chuir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maoiniú deontais Oireachtais ar luach €44.46 milliún ar fáil do Forfás in 2011. In 2011, leithdháileadh 28 faoin gcéad den mhaoiniú seo ar chaiteachas do ghníomhaíochtaí beartais agus seirbhísí corparáideacha agus roinnte. Úsáideadh an 72 faoin gcéad eile den deontas Oireachtais chun pinsin a íoc le pinsinéirí trasghníomhaireachta (.i. Forfás, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus na heagraíochtaí a tháinig rompu).

# Bord Forfás

# Bord Forfás



**Eoin O'Driscoll**
**Cathaoirleach, Forfás**
Cathaoirleach, Iardheisceart



**Martin D. Shanahan**
Príomhfheidhmeannach Forfás



**Bob Brannock**
**Uachtarán, Oibríochtaí Eorpacha**
Genworth Financial



**Timothy Dullea**
Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin,
Comharchumann Thiobraid Árann



**Mark Ferguson**
Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann



**Miriam Magner Flynn**
Stiúrthóir Bainistíochta, Career Decisions



**John Murphy**
Ard-Rúnaí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta



**William O'Brien**
Príomhfheidhmeannach Wm O'Brien Plant Hire Ltd



**Barry O'Leary**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GFT Éireann



**Frank Ryan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann



**An Dr. Don Thornhill**
Comhairleoir Gnó agus Stiúrthóir Cuideachta



**Michael O'Leary**
Rúnaí an Bhoird

D'éirigh Sean Gorman as a phost mar Ard-Rúnaí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta nuair a chuaigh sé ar scor ó Bhord Forfás i nDeireadh Fómhair 2011.

Chuaigh Paul O'Toole, Ard-Stiúrthóir, FÁS agus Simon Barry, Príomheacnamaí Phoblacht na hÉireann, Margaí Caipitil Bhanc Uladh ar scor, ar bhonn uainíochta, i mí na Nollag 2011.

Glacadh leis an Oll. Mark Ferguson chuig Bord Forfás in Eanáir 2012 tar éis a ceapadh é mar Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Glacadh le John Murphy chuig Bord Forfás in Eanáir 2012 tar éis a ceapadh é mar Ard-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

## Coiste Iniúchóireachta Forfás

William O'Brien (Cathaoirleach)

Eoin O'Driscoll

Tim Dullea

Sean Gorman*

John Murphy**

*D'éirigh Sean Gorman as Coiste Iniúchóireachta Forfás nuair a chuaigh sé ar scor óna phost mar Ard-Rúnaí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2011.

**Glacadh le John Murphy chuig Coiste Iniúchóireachta Forfás i mí na Bealtaine 2012.

## Coiste Forbartha Bainistíochta Forfás

Eoin O'Driscoll (Cathaoirleach)

An Dr. Don Thornhill

Miriam Magner Flynn

# Lucht Bainistíochta Forfás

**Príomhfheidhmeannach**



**Martin D. Shanahan**

**An Rannán Fiontar agus Trádála**

**An Rannán Eolaíochta, Teicneolaíochta, Nuálaíochta, Oideachais agus Scileanna**



**Declan Hughes**
Bainisteoir Rannáin

**Folamh**

Bainisteoir Rannáin



**Michael O'Leary**
Bainisteoir Roinne Oifig an Rúnaí, AD, Pinsin & Cumarsáid



**Adrian Devitt**
Bainisteoir Roinne, Anailís Eacnamaíoch, Iomaíochais, Bonneagair, Cánach & Airgeadais



**Eoin Gahan**
Bainisteoir Roinne
Anailís Trádála, Comhshaoil & Suirbhé



**Marie Bourke**
Bainisteoir RoinneBeartas um Oideachas, Scileanna & an Margadh Saothair



**Maria Ginnity**
Bainisteoir RoinneBeartas Fiontraíochta & Luachálacha



**John Dooley**
Bainisteoir RoinneBeartas Taighde & Forbartha



**Adrienne Duff**
Bainisteoir, Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú



Joe Heavey
Bainisteoir RoinneAirgeadas



**Karen Hynes**
Bainisteoir RoinneBeartas Nuálaíochta

**Folamh**

Bainisteoir Roinne, Córais & Áiseanna Trasghníomhaireachta

Chuaigh Peter Brabazon, Bainisteoir, Discover Science and Engineering agus Eamonn Kearney, Bainisteoir Roinne, Córais & Áiseanna Trasghníomhaireachta ar scor i mí Feabhra 2012

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh



**Eoin O'Driscoll**
Cathaoirleach



**Martin D. Shanahan**
Príomhfheidhmeannach

## Comhthéacs Beartais

Cé go gcuireann Forfás mórán seirbhísí tábhachtacha ar fáil don Rialtas, do na gníomhaireachtaí forbartha fiontair, agus don phobal gnó trína chomhghnéithe, is é príomhról Forfás comhairle beartais atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar. Dá bhrí sin tá sé iomchuí tosú le comhthéacs an bheartais reatha.

Ó thaobh dhearcadh na hÉireann de, is féidir breathnú ar 2011 mar bhliain ina ndearnadh comhdhlúthú agus dul chun cinn. Den chéad uair ó 2007, d'fhás geilleagar na hÉireann, go príomha de thoradh ar fheidhmíocht easpórtála a raibh teacht aniar réasúnta uirthi  Tá iarmhéid chuntas reatha na hÉireann tar éis athrú ar ais go barrachas, lena dtugtar le fios b'fhéidir go bhfuil an geilleagar ag gníomhú laistigh dá chuid acmhainní níos fearr anois, agus lena ndéantar idirdhealú eadrainn agus mórán geilleagar eile atá go mór i bhfiacha amhail an Ghréig, an Iodáil, an Spáinn agus an Phortaingéil. Rinneadh dul chun cinn maidir leis an gcóras baincéireachta a chobhsú chomh maith – go dtí seo rinneadh €16.2 billiún a chomhdhlúthú trí chaiteachas a laghdú agus trí cháin a mhéadú.  Tá coigeartuithe dar luach €8.6 billiún beartaithe idir seo agus 2015.  Cé gur léir go bhfuil na bearta sin an-deacair, is gá iad a ghlacadh, agus is cosúil go mbeidh siad éifeachtach: meastar go laghdófar Easnamh Rialtais Ghinearálta na hÉireann ó 10.1 faoin gcéad in 2011 go dtí 2.9 faoin gcéad faoi 2015.

Tá dúshláin fós ann - lean na leibhéil fhostaíochta ag ísliú agus na leibhéil dífhostaíochta ag ardú – ach ag ráta níos moille ná na blianta le déanaí. De thoradh ar éileamh an lag ó thomhaltóirí, éiginnteachtaí leanúnacha faoi théarnamh agus margaí idirnáisiúnta agus soláthar teoranta creidmheasa, tá gnóthaí faoi bhrú suntasach agus iad ag iarradh teacht slán agus fás.

Tá na sraitheanna éagsúla de bheartas rialtais atá tábhachtach don fhiontar á dtarraingt le chéile níos mó, lena gcinnteofar go mbeidh na Ranna agus na Gníomhaireachtaí uile ag obair le chéile ar bhealach barrmhaith agus comhlántach agus go mbainfear amach fás geilleagrach agus fás i bhfostaíocht ar deireadh.  *Dearbhaíonn An Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012* cuspóir an Rialtais go mbeidh dhá mhilliún duine i bhfostaíocht faoi 2020 agus leagtar amach fís ann ina mbeidh Éire mar an tír bheag is fearr chun gnó a dhéanamh inti.

Caithfear an méid sin go léir a bhaint amach i dtimpeallacht eacnamaíochta idirnáisiúnta shuaite. Creideann formhór na mbreathnóirí idirnáisiúnta cé gurb é téarnamh domhanda an cás is dóchúla (i bpáirt de thoradh ar dhálaí airgeadais feabhsaithe agus ar phraghsanna tráchtearraí ag éirí), go bhfuil rioscaí suntasacha fós ann ar an taobh thíos agus go mbeidh téarnamh ar bith leochaileach go ceann i bhfad. Ar an iomlán, meastar go mbeidh fás lag ach dearfach le feiceáil i ngeilleagair shárfhorbartha thar na blianta amach romhainn.

Is iad margaí atá ag teacht chun cinn foinse iarbhír an fháis áfach, a bhfuiltear ag súil go mbeidh fás níos láidre le feiceáil iontu, rud a chruthóidh dúshláin agus deiseanna araon d'Éirinn ó thaobh trádála agus infheistíochta de.

Níos cóngaraí dúinn sa bhaile, tá rioscaí an-réadúla i gceist le téarnamh an AE agus go háirithe le téarnamh limistéar an euro. Brúdh an geilleagar ar ais go cúlú i ndara leath 2011, toisc gur tháinig ábhair imní thromchúiseacha chun cinn arís maidir le géarchéim an fhiachais cheannasaigh agus téarnamh i limistéar an euro, agus tá fás beagán diúltach réamh-mheasta le haghaidh 2012.

Ar phointe dearfach áfach, agus d'ainneoin na rioscaí atá luaite thuas, réamh-mheasann an Coimisiún Eorpach go mbeidh fás le feiceáil arís in 2013 d'Éirinn agus do limistéar an euro. Tugann an Coimisiún faoi deara áfach, de bharr scála an chúlaithe agus na faidhbe idircheangailte de thoradh ar ghéarchéim an fhiachais cheannasaigh, go mbeidh téarnamh an AE ina bpróiseas céimseach ina mbeidh dífhostaíocht fós ann agus rátaí fáis faoi bhun acmhainneacht.

## Fás agus Poist a Ghnóthú

### Fócas ar Chur Chun Feidhme

I bhfianaise na ndúshlán náisiúnta agus idirnáisiúnta atá os ár gcomhair, tá an pobal agus lucht déanta beartas ag lorg réiteach. Níl aon réiteach iontach ann áfach, as a mbainfear torthaí láithreacha agus lena gcuirfear ar chumas na hÉireann filleadh ar fhás i bhfostaíocht go tapa. Cé go bhféadfadh sé a bheith inmhianaithe agus sólásach dá bhféadfaimis díriú ar líon beag míreanna gnímh ardtionchair chun fás agus fostaíocht a chruthú, tá dearcadh den sórt sin míréalaíoch. Is iad fiontair a chruthaíonn poist agus is í an fhírinne ná go bhfuil raon leathan gníomhartha riachtanach lena chinntiú go mbeidh fiontair i suíomh maith agus go mbeidh sé de chumas acu tairbhe a bhaint as aon téarnamh domhanda. Ní mór gníomh cinntitheach, comhbheartaithe agus tráthúil a ghlacadh ar fud réimse iomlán an bheartais fhiontair.

Tá béim ar fhorfheidhmiú agus ar ghníomh á cur chun cinn ag Forfás leis na blianta fada anuas. Dírítear go soiléir sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012* ar ghníomhartha a bhaineann le fiontar a fhorfheidhmiú agus a sholáthar, agus tá sé d'aidhm leis leas a bhaint as neart comhchoiteann gnóthaí, seirbhísí poiblí agus lucht déanta beartas. Leagtar amach breis agus 270 gníomh ann, atá ceaptha chun iomaíochas a fheabhsú, fiontar a fhás (cibé ag an gcéim tionscanta, forleathnaithe nó idirnáisiúnaithe), tionchar na hinfheistíochta dírí coigríche a threisiú agus ar deireadh poist agus dálaí maireachtála níos fearr a sholáthar. Tá gníomhartha i ngach ceann de na réimsí sin a d'fhéadfadh dul i gcion go mór ar ghnó agus poist a mhéadú in Éirinn. I ngach cás, táthar tar éis na gníomhairí a bheidh freagrach as an gcur i gcrích, na garspriocanna is gá a bhaint amach agus na hacmhainní a bheidh ag teastáil le haghaidh forfheidhmithe a aithint.

In 2011, agus é ag obair go dlúth le Richard Bruton, T.D., an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus lena Roinn, thiomnaigh Forfás líon suntasach acmhainní, lenar tugadh

tacaíocht taighde agus anailíse, chun an Plean Gníomhaíochta a fhorbairt. In 2012, tá Forfás freagrach as toradh a sholáthar ar líon suntasach de na gníomhartha sin. Tá saineolas á chur ar fáil aige do Roinn an Taoisigh chomh maith, chun an Plean a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air, agus tá sé páirteach sa Choiste Monatóireachta mar aon le Roinn an Taoisigh, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Níos tábhachtaí ná sin, is tús é *An Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012* ar phróiseas pleanála bliantúil lena chinntiú go gcoinníonn Éire a tiomantas don timpeallacht ghnó is fearr is féidir le haghaidh ratha a bhaint amach. Is é an t-aon bhealach inar féidir le hÉirinn na spriocanna uaillmhianacha sin a bhaint amach ná fócas a choinneáil ar fhorfheidhmiú agus deimhin a dhéanamh de go dtagann gníomhartha chun cinn i gcomhréir le riachtanais an fhiontair.

### Easpórtálacha

Is í an fhostaíocht, nó an dífhostaíocht b'fhéidir, an tsaincheist eacnamaíoch agus shóisialta is mó atá os comhair lucht déanta beartas agus saoránach araon anois. Amhail an ráithe dheireanach 2011, bhí 302,000 duine dífhostaithe in Éirinn, arb ionann agus 14.3 faoin gcéad den lucht saothair. D'ainneoin táscairí de chobhsú sa mhargadh saothair, toisc nach bhfuil na leibhéil fhostaíochta ag ardú tá dífhostaíocht fhadtéarmach agus dífhostaíocht i measc daoine óga ag dul i méid agus ag éirí ina bhfadhbanna níos tromchúisí i gcónaí.

Is é an dúshlán anois earnálacha a aithint ina gcreidim gur féidir deiseanna imleora fostaíochta a ghiniúint chun na poist a cailleadh in earnálacha amhail earnáil na tógála a athsholáthar.

Faoi láthair, is iad na hearnálacha easpórtála na gnéithe amháin den gheilleagar atá ag cur le fás eacnamaíoch – agus meastar go bhfanfaidh tomhaltas, infheistíocht agus caiteachas an rialtais lag amach anseo.

Cé gur fhan easpórtáil athléimneach i gcomparáid le hearnálacha eile an gheilleagair – in 2011 tháinig fás 4.1 faoin gcéad ar onnmhairí tráchtearraí agus tháinig fás 7.1 faoin gcéad ar onnmhairí seirbhíse in 2011 – ní féidir linn a bheith bogásach. D'ainneoin go bhfuil luachanna easpórtála ag dul i méid, tá Éire ag streachailt chun a sciar den mhargadh domhanda a choimeád, go háirithe maidir le honnmhairí tráchtearraí agus i margaí atá ag teacht chun cinn amhail an Bhrasaíl, an tSín agus an India. Is cúis imní faoi leith é sin toisc gurb iad siúd na príomhghníomhairí atá ag cur borradh faoin bhfás eacnamaíoch domhanda. Bíonn onnmhairí Éireannacha dírithe ar raon réasúnta cúng earnálacha – is iad ceimic chógaisíochta agus seirbhísí ríomhaire an dá earnáil easpórtála is mó. Cé gur cheart moladh a thabhairt d'fheidhmíocht an dá earnáil sin, chomh maith leis an earnáil agraibhia atá dúchasach den chuid is mó, fós is gá éagsúlú ó thaobh earnálacha agus margaí de. Táthar chun cosaint paitinne a chailleadh anseo gan mhoill agus is cosúil go mbeidh tionchar aige sin ar onnmhairí na hÉireann ón earnáil cógaisíochta díreach amach anseo. Tá fócas leanúnach ar oibriú leis an earnáil chun gníomhaíochtaí atá tábhachtach go straitéiseach a ghabháil laistigh dá gcorparáidí, nó le haistriú chuig céad ghlúin eile an táirgthe, fós éigeantach le haghaidh ratha na hearnála eolaíochtaí beatha ina hiomláine in Éirinn amach anseo.

Le linn 2011, rinne Forfás, i gcomhar leis an gComhairle Trádála Easpórtálacha, monatóireacht ar an dul chun cinn leis an Straitéis maidir le Trádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht. Táimid ag obair freisin leis na gníomhaireachtaí agus Ranna Rialtais ábhartha chun an fhéidearthacht de dheiseanna comhpháirtíochta eacnamaíochta le geilleagair

ardfháis a aithint. Ina leith seo tá Forfás dírithe ach go háirithe ar acmhainneacht na dtíortha BRIC.

### An Margadh Saothair agus Eacnamaíocht Intíre

Ní chruthófar fás eacnamaíoch agus deiseanna imleora fostaíochta chun an ghéarchéim dífhostaíochta a réiteach de thoradh ar onnmhairí amháin. Beidh rannchuidiú dearfach ó na hearnálacha intíre de dhíth freisin chun fás inbhuanaithe a bhaint amach. Go háirithe, is gá infheistíocht i gcaipiteal táirgiúil a spreagadh agus timpeallacht a chruthú lena n-éascaítear fás inbhuanaithe i dtomhaltas.

Ó thaobh tomhaltais de, maolaíodh caiteachas tomhaltóirí de bharr ioncam laghdaithe in éineacht le hardleibhéil choigiltis. Tá éiginnteacht maidir leis an todhchaí tar éis dul i gcion ar mhuinín tomhaltóirí chomh maith. I bhfianaise srianta fioscacha, níl mórán bealaí díreacha ag an Rialtas chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin, seachas cobhsaíocht a sholáthar agus muinín a spreagadh arís. D'fhéadfadh an chobhsaíocht agus an mhuinín chéanna a d'fhéadfadh borradh a chur faoi chaiteachas tomhaltóirí a bheith ina buntáiste d'fhiontar chomh maith – ag spreagadh gnólachtaí chun infheistiú agus fostú de bhun na soiléireachta níos fearr agus na cinnteachta faoin todhchaí.

Tá raon réimsí eile beartais ann inar féidir leis an Rialtas gníomh a ghlacadh chun tacú leis an ngeilleagar intíre. Mar shampla, chun cruthú fostaíochta a éascú, tá sé tábhachtach go mbeadh struchtúr iomchuí ag sraith soláthair an mhargaidh shaothair chun tairbhe a bhaint as aon fheabhas ar éileamh. Is aonán casta é an margadh saothair, agus tagann a rialú faoi dhlínse roinnt ranna Rialtais éagsúla. Trí ghníomh comhordaithe agus comhlántach, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil scileanna oiriúnacha d'fhiontar ag oibrithe (fostaithe agus dífhostaithe araon). Chun é sin a dhéanamh, is gá monatóireacht leanúnach, measúnú agus, nuair is gá, athchóiriú a dhéanamh ar chláir oiliúna. Ní mór dúinn a chinntiú freisin go dtugtar tacaíocht chuí do dhaoine dífhostaithe nuair atá siad as obair, ag féachaint don idirghníomhú idir tacaíochtaí leasa shóisialaigh agus rátaí pá an mhargaidh shaothair agus go gcoinnítear i ngar don mhargadh saothair iad trí ghníomhachtú spriocdhírithe.

Thug Forfás tosaíocht do bheartais ar bhonn leanúnach lena chinntiú go leanfar ag infheistiú go straitéiseach inár ndaoine agus bhí moltaí beartais dírithe ar oideachas, oiliúint agus breisoiliúint a sholáthar lena gcomhlíontar riachtanais fiontar reatha agus fiontar amach anseo agus lena dtacaítear le solúbthacht an mhargaidh shaothair. Bhí Forfás chun tosaigh in 2011 ag brú ar aghaidh an gá le soláthar oideachais agus oiliúna a ailíniú le riachtanais scileanna fiontar. Le déanaí, cuireadh béim faoi leith ar éileamh agus soláthar scileanna TFC le haghaidh earnálacha TFC, airgeadais agus eile. Tacaíonn Forfás go mór le cláir a bhaineann le heolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic a chur chun cinn agus a sholáthar. Molann Forfás freisin go méadófar iarrachtaí atá dírithe ar oideachas matamaitice a threisiú ar gach leibhéal. In 2008, bhí Forfás agus an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí chun tosaigh ag tacú le pointí bónais a thabhairt isteach le haghaidh matamaitice ardleibhéil ar leibhéal na hArdteistiméireachta. Tugadh isteach iad den chéad uair in 2012 agus tá méadú suntasach tagtha ar líon na ndaltaí atá ag cur isteach ar an bpáipéar ardleibhéil i mbliana. In 2011, rannchuidigh Forfás le Cistí Gníomhachtaithe nua an Mhargaidh Shaothair a dhíriú ar réimsí ina bhfuil éileamh ar scileanna; ach is gá níos mó a dhéanamh maidir leis an bhforáil reatha ag ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus soláthraithe oiliúna.

## Iomaíochas

Ní mór dúinn iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann a uasmhéadú chun tacú lenár n-earnáil easpórtála agus chun fás in earnálacha ina ndéantar trádáil go háitiúil a thosú. Tagraíonn iomaíochas idirnáisiúnta do chumas gnólachtaí dul in iomaíocht go rathúil i margaí idirnáisiúnta. Tá trí phríomhghné idircheangailte in iomaíochas – iomaíochas costais; táirgiúlacht; agus nuálaíocht.

Ag féachaint ar dtús ar chostais, tá sé soiléir gur laghdaigh iomaíochas na hÉireann de réir a chéile ar feadh thréimhse na boilgeoige tógála agus tomhaltais, de réir mar a brúdh aníos tuarastail agus praghsanna de bharr srianta cumais agus an iomarca creidmheasa araon. Idir 2002 agus 2008, meastar go raibh caillteanas 30 faoin gcéad in iomaíochas costais na hÉireann. Óir tosaíodh an cúlú táimid tar éis roinnt dul chun cinn a dhéanamh chun é sin a réiteach de thoradh ar ísliú praghsanna coibhneasta agus ghluaiseachtaí fabhracha an ráta malairte. Ó Aibreán 2008 go hAibreán 2012, tháinig laghdú 7.6 faoin gcéad ar an Innéacs Comhchuibhithe Tomhaltóirí ainmniúil, fad is ar tháinig laghdú beagnach 15.2 faoin gcéad ar an Innéacs Comhchuibhithe Tomhaltóirí iarbhír. Rinneadh na gnóthachain sin go príomha de bharr tionchar timthriallach agus d'fhéadfadh siad athrú go tapa má mhéadaíonn praghsanna níos tapúla ná mar a tharlaíonn dár n-iomaitheoirí. Chun na gnóthachain sin a choinneáil agus chun iomaíochas costais a fheabhsú a thuilleadh, is gá iarracht a dhéanamh laghduithe costais a bhaint amach ar fud earnálacha uile an gheilleagair. Chun é sin a bhaint amach, beidh gá le hathchóirithe struchtúrtha. In 2011, lean Forfás air, trína chuid oibre leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais, ag déanamh tagarmharcála ar fheidhmíocht iomaíochais na hÉireann agus ag moladh gníomhaíochtaí chun í a fheabhsú.

Ní i gcostais ach comhpháirt amháin den iomaíochas áfach. Tá táirgiúlacht ina príomhghné a spreagann caighdeáin mhaireachtála agus iomaíochas. Cuireann fás i dtáirgiúlacht ar chumas gnólachtaí dul in iomaíocht go rathúil i margaí idirnáisiúnta trí ligean dóibh táirgí a tháirgeadh ar bhealach níos éifeachtúla agus níos cost-éifeachtúla. Thosaigh siad ó bhonn íseal, ach sáraíonn leibhéil táirgiúlachta na hÉireann leibhéil mórán dár bpiaraí agus dár bpríomh-iomaitheoirí anois. Tá leibhéil táirgiúlachta saothair na hÉireann tar éis méadú beagnach faoi thrí le tríocha bliain anuas. Cé go raibh líon beag earnálacha easpórtála mar spreagthóirí suntasacha na táirgiúlachta in Éirinn go traidisiúnta – go háirithe earnálacha na déantúsaíochta nua-aoisí agus na seirbhísí intrádála - tá bonn an fháis i dtáirgiúlacht in Éirinn ag leathnú. Is forbairt mhaith í sin agus léiríonn sí rannchuidiú méadaitheach na hearnála dúchasaí don fhás i dtáirgiúlacht in Éirinn. Nuair a thosaigh an cúlú, d'fhan feidhmíocht táirgiúlachta na hÉireann réasúnta láidir. Tharla suas le haon trian den fhás i dtáirgiúlacht in Éirinn ó 2007 de bharr an laghdaithe ar uaireanta arna n-oibriú de thoradh ar an gcúlú áfach. Ní féidir linn an méid a baineadh amach go dtí seo a chailleadh. Ó thaobh beartais de, ní mór díriú anois ar fheabhsuithe táirgiúlachta struchtúrtha a chur ar bun in earnálacha uile an gheilleagair.

Is í an iomaíocht tríú sraith an iomaíochais. Tá Éire agus gnóthaí Éireannacha tar éis infheistíocht shuntasach a dhéanamh i dtaighde agus forbairt mar ghné lárnach na nuálaíochta le deich mbliana anuas agus tá cumas taighde suntasach cruthaithe acu. Ní mór dúinn a chinntiú anois go ndéanfaimid an toradh ar an infheistíocht sin a uasmhéadú agus a luathú. Tá an caiteachas comhlán ar T&F (GERD) tar éis méadú breis agus faoi dhó le deich mbliana anuas. De thoradh na hinfheistíochta sin cuireadh feabhas ar mhealltacht na hÉireann d'infheisteoirí eachtracha agus cuireadh feabhas ar iomaíochas ár bhfiontar dúchasach agus ár bhfiontar faoi úinéireacht eachtrach. Ar leibhéal gnólachta, ní mór dúinn a chinntiú gur féidir le fiontair teacht ar na scileanna agus an caipiteal atá riachtanach chun táirgí agus próisis nua a thabhairt isteach lena gcuirfear feabhas ar a n-iomaíochas.

Molann Forfás go ndíreofar ar thorthaí agus ar thionchair chomh maith le hinfheistíocht i dTaighde agus Forbairt. Le linn 2011, thug Forfás faoi thaighde agus anailísiú fairsing d'fhonn tacú leis an mbeart náisiúnta chun na réimsí sin a aithint ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh infheistíochta Stáit i dtaighde agus forbairt, agus ina mbeidh an fhéidearthacht is mó d'fhostaíocht agus fás fiontair a sholáthar, mar aon le feabhsuithe i gcáilíocht na beatha. Is cosúil gurb é sin ceann de na forbairtí beartais is tábhachtaí ó thaobh beartais taighde agus forbartha de óir rinneadh an beart Réamhfhéachana Teicneolaíochta breis agus deich mbliana ó shin. Sa bheart sin, rinneadh iniúchadh ar láidreachtaí taighde reatha ag cur san áireamh thorthaí na hinfheistíochta ó 2000 i leith, rinneadh measúnú ar na naisc idir taighde agus forbairt arna maoiniú go poiblí agus an bonn fiontair reatha agus an ceann is dealraithí sa todhchaí, agus rinneadh iniúchadh ar réimsí ina bhfuil deiseanna ar cosúil go mbainfear amach an toradh is fearr ar infheistíocht cáiníocóirí i dtaighde agus forbairt agus go gcoinneofar poist ardchaighdeáin in Éirinn dá dtoradh. Aithnítear 14 réimse deiseanna sa taighde ina ndéanfar an chuid is mó d'infheistíocht Stáit na hÉireann i dTaighde agus Forbairt. Aithnítear san obair sin an tionchar sóisialta a bhíonn ag taighde agus dar ndóigh an gá atá le taighde beartais. Ghlac an Rialtas leis an mBeart um Thosaíocht don Taighde agus foilsíodh é i Márta 2012 agus tá Forfás ag tacú leis an ngrúpa forfheidhmithe faoi láthair, ar a bhfuil an tAire Sean Sherlock T.D. ina chathaoirleach.

Tá an beart um thosaíocht don taighde mar cheann de shraith beart i mbeartas nuálaíochta atá dírithe ar an tionchar is fearr is féidir a bhaint amach le hinfheistíocht Stáit. In 2011, rannchuidigh Forfás le forbairt Bheart Maoine Intleachtúla nua atá á bhreithniú ag an Rialtas. Thug Forfás, in éineacht le Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil (ACSTI), faoi athbhreithniú ar thírdhreach na n-ionad taighde Stát-mhaoinithe agus d'fhoilsigh sé moltaí a bhí dírithe ar dhul i ngleic le hinbhuanaitheacht an chórais sin sa todhchaí.

### Fás na Fiontraíochta

Is féidir na dúshláin shainiúla a bhaineann lenár mbonn fiontair a mhéadú a roinnt ina dhá chatagóir fhorleathana – feabhas a chur ar rath fiontar dúchasach agus infheistíocht dhíreach coigríche (FDI) a choinneáil agus leanúint lena mealladh.

Bailíonn Forfás sonraí go bliantúil maidir le feidhmíocht an ghrúpa cuideachtaí arna dtacú ag gníomhaireacht forbartha fiontair ó thaobh tionchar eacnamaíoch agus fostaíochta de. Bhí filleadh ar fhás dearfach (+1.5 faoin gcéad) le feiceáil i bhfostaíocht lánaimseartha i measc ghnólachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta in 2011 tar éis trí bliana de ghlanchaillteanas poist, agus bhí gnóthachain poist chomhlána (21,800) ar na leibhéil is airde ó 2008 agus caillteanais poist chomhlána (17,500) ar an leibhéal is ísle le deich mbliana anuas. Tá glanchaillteanais phoist i ndéantúsaíocht tar éis cobhsú agus tá méadú 4 faoin gcéad tagtha ar phoist seirbhísí. Tháinig méadú 4 faoin gcéad ar onnmhairí iomlána chuideachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta in 2010 i gcomparáid le leibhéil 2009. Tháinig méadú 14.7 faoin gcéad go €12.37 billiún ar onnmhairí dúchasacha, agus tháinig méadú 2.5 faoin gcéad ó €112 billiún go €114.62 billiún ar onnmhairí ghnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach idir 2009 agus 2010. Tháinig laghdú ar chaiteachas díreach na ngnólachtaí uile faoi thacaíocht gníomhaireachta i ngeilleagar na hÉireann in 2010 go €34.95 billiún áfach, b'ionann sin agus laghdú 4.4 faoin gcéad i gcomparáid le figiúr 2009 (4.8 faoin gcéad le haghaidh cuideachtaí Éireannacha agus 4 faoin gcéad le haghaidh chuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach). Is ionann gnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus beagnach leath den chaiteachas díreach i ngeilleagar na hÉireann in 2010.

Léiríonn mórán earnálacha an cumas fáis, lena n-áirítear earnálacha dea-fhorbartha amhail TFC, eolaíochtaí beatha, seirbhísí airgeadais agus agraibhia agus earnálacha nua amhail cluichí digiteacha teicneolaíochtaí glasa, sláinte phoiblí agus oideachas idirnáisiúnta. Is earnáil thábhachtach í an earnáil tógála i ngeilleagar ar bith agus ní foláir nó go mbeadh sí ag feidhmiú ar leibhéal inbhuanaithe. Rinneadh dochar mór don earnáil sin in Éirinn. In 2012 déanfaidh Forfás iniúchadh ar acmhainneacht na hearnála sin agus léireoidh sé straitéis nua don earnáil, ina gcuirfear béim faoi leith ar a hacmhainneacht ó thaobh onnmhairí agus infheistíochta dírí amach de.

Creideann Forfás go bhfuil déantúsaíocht fíorthábhachtach ó thaobh beartais fhiontair de. Cuireann déantúsaíocht deis ar fáil chun líon suntasach post a chruthú go háirithe nuair a bhíonn sí comhtháite le codanna eile den slabhra luacha in earnálacha ardluacha. Amhail gach earnáil eile, ní mór dúinn a bheith iomaíoch go hidirnáisiúnta le go mbeadh praghsanna inghlactha againn sa mhargadh le haghaidh post den sórt sin. Ceann de na rudaí is tábhachtaí atá le soláthar ag Forfás faoin *bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2012* ná straitéis chun tacú le déantúsaíocht in Éirinn.

Tá raon saincheisteanna timpeallachta gnó a théann i gcion ar gach gnó agus d'oibrigh Forfás leis na príomhpháirtithe leasmhara le linn 2011. Chuir sé comhairle beartais ar fáil maidir leis an saincheisteanna sin lena n-áirítear cáin, rochtain ar mhaoiniú, cáilíocht bonneagair, infhaighteacht scileanna agus laghdú an ualaigh riaracháin arna chur i bhfeidhm ag an Stát ar ghnólachtaí.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag Forfás ar na tacaíochtaí go léir arna soláthar ag na Gníomhaireachtaí Fiontair lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don chuspóir.

## Acmhainní agus Feidhmíocht Forfás

Go hinmheánach laistigh de Forfás, ba éilitheach an bhliain í 2011. Bhí riachtanas agus éileamh méadaithe maidir lenár seirbhísí taighde, seirbhísí comhairle beartais agus seirbhísí eile, fad is a lean acmhainní ag laghdú.

Óir tugadh isteach an moratóir ar earcaíocht, chaill Forfás aon trian dá chuid foirne agus d'oibríomar laistigh de leibhéil foirne ár gCreata Rialaithe Fostaíochta. Bhí tionchar suntasach ag an moratóir ar ár n-eagraíocht agus chailleamar líon mór dár bpearsanra fadtéarmach agus saineolaíoch, gan iad a athsholáthar. Mar thoradh, táimid tar éis athstruchtúrú, ath-eagrú agus tosaíochtaí nua a chinneadh agus táimid tar éis torthaí a sholáthar. D'éirigh linn go mór de bharr shaineolas, thiomantas agus ghairmiúlacht ár lucht bainistíochta agus ár bhfoirne. Chuir an laghdú ar acmhainní brú leanúnach ar chumas na heagraíochta toradh a sholáthar i leith a sainordaithe leathain, lena n-áirítear comhairle beartais agus seirbhísí oibriúcháin araon.

Tá sé deacair toradh agus tionchar ár bhfeidhme comhairle beartais a thomhas go cainníochtúil, ach téimid i dteagmháil lenár bpríomhpháirtithe leasmhara go rialta agus faighimid a gcuid aiseolais ar ár bhfeidhmíocht. Bhí an t-aiseolas sin an-dearfach ar fad agus léirigh sé an gá le comhairle beartais dá leithéid atá bunaithe ar fhianaise.

## Seirbhísí Neamh-Bheartais

Cé gurb é príomhfheidhm Forfás comhairle beartais a sholáthar, tá roinnt feidhmeanna suntasacha eile aige freisin lena n-áirítear creidiúnú, feasacht, agus seirbhísí corparáideacha agus seirbhísí roinnte.

### Creidiúnú

Tá an Margadh Eorpach aonair fíorthábhachtach d'Éirinn agus tá ról tábhachtach ag creidiúnú maidir le cinntiú go mbíonn rochtain ag táirgí agus seirbhísí Éireannacha ar mhargaí an AE agus ar mhargaí domhanda araon. Féadfaidh sé buntáiste iomaíochta a sholáthar agus cuireann sé caighdeáin agus cleachtais oibre feabhsaithe chun cinn.

Is rannán de chuid Forfás é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) agus deimhnítear le creidiúnú INAB go nglacfar le deimhniúcháin agus torthaí scrúdaithe ar fud an domhain. Cuireann creidiúnú deireadh leis an ngá le hilmheasúnuithe nuair a sheoltar earraí thar theorainneacha, agus dá bhrí sin tugtar an bhuntáiste iomaíochta is fearr is féidir d'Éirinn i margadh atá ag leathnú agus ag éirí níos dúshlánaí i gcónaí. Lean an t-éileamh ar sheirbhísí creidiúnaithe ó INAB ag dul i méid le linn 2011.

Amhail ranna eile Forfás, tá INAB tiomanta d'fheabhsú agus do fhreagairt ar riachtanais cliant. Lorgaíonn sé aiseolais trína láithreán Gréasáin, lorgaíonn sé ionchur óna measúnóirí chun a chuid próiseas a fheabhsú agus rinne sé suirbhé cliant le déanaí.

### Feasacht STEM

Le linn 2011, leanamar orainn ag cur feabhais ar an mbaint a bhí ag daltaí agus ag an bpobal i gcoitinne le heolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic trí raon gníomhaíochtaí feasachta. Tosaíodh an clár feasachta náisiúnta, Discover Science and Engineering (DSE), a aistríodh go dtí Fondúireacht Eolaíochta Éireann níos luaithe i mbliana, in Forfás in 2003 agus d'fhás sé go dtí an clár suntasach agus éifeachtach atá ann inniu. Bíonn an clár i dteagmháil dhíreach le 200,000 dalta bunscoile agus 10,000 dalta meánscoile ar fud na tíre agus tá sé tar éis clár gníomhaíochtaí a sholáthar lenar tugadh tuiscint níos fearr ar an eolaíocht, ar innealtóireacht agus ar mhatamaitic agus ar a luach sa tsochaí do mórán daoine. Thar na blianta, bhain Forfás leas as samhail chomhpháirtíochta agus as na bealaí cumarsáide agus an teicneolaíocht faisnéise is déanaí le dul i dteagmháil lena spriocghrúpaí agus tá sé tar éis tionchar an chláir a uasmhéadú le hacmhainní laghdaithe. Táimid an-bhródúil as an gclár seo agus ba mhaith linn gach rath a ghuí ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ar fhoireann an DSE sa todhchaí.

### Seirbhísí Roinnte

Lean foireann sheirbhísí corparáideacha roinnte Forfás orthu ag cur seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla ar fáil do GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, SFI, SEAI agus Oifig Phríomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais i gcaitheamh na bliana. Chomh maith le gníomhaíochtaí na seirbhísí roinnte in airgeadas agus cuntasaíocht, AD, pinsin, bainistíocht saoráidí agus maoine agus eile, chuir foirne sheirbhísí roinnte Forfás tacaíocht bhreise shuntasach ar fáil d'Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta atá freagrach as Cathair Eorpach na hEolaíochta i mBaile Átha Cliath in 2012, a mbeidh an chomhdháil eolaíochta is mó san Eoraip ESOF 2012 i mí Iúil mar phointe fócasach dá chuid.

## An Todhchaí

In 2011, léirigh an tAire Bruton a rún feidhm comhairle beartais Forfás a chomhtháthú isteach ina Roinn féin. Ba é aidhm an chomhtháthaithe sin leas a bhaint as sineirgí agus éifeachtúlachtaí agus gníomhartha agus beartas fiontair á bhforbairt agus á gcur i gcrích.

Chuaigh an Bord agus an fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin i dteagmháil go honnghníomhach, go dearfach agus go cuiditheach leis an Aire agus lena Roinn maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht de chomhtháthú dá leithéid, ag coimeád i gcuimhne gur gá cloí leis na príomhphrionsabail atá ina mbonn taca le comhairle beartais láidir, bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus leanúnachas soláthair sheirbhíse a chinntiú le linn aon phróisis athraithe dá thoradh.

Chun cinnteacht a sholáthar dár bhfoireann agus dár bpáirtithe leasmhara, ba mhian leis an mBord dul chun cinn a fheiceáil maidir leis an togra sin go tapa. Idir an dá linn, tá an eagraíocht dírithe ar ghnéithe uile a shainordaithe a sheachadadh.

## Buíochas

Tá Forfás tiomanta do chomhairle beartais bunaithe ar fhianaise a sholáthar, a bhfuil an tionchar is mó aici ar fhiontar agus lena gcomhlíontar ár spriocanna náisiúnta maidir le fiontar a fhás agus poist a chruthú. Bainimid tairbhe as treoir agus eolas mórán eagraíochtaí agus daoine aonair. Tá go leor daoine ar mhaith linn buíochas a ghabháil leo as ucht a gcuid tacaíochta lenár gcuid oibre i gcaitheamh na bliana 2011.

Oibríonn Forfás i gcomhpháirtíocht lenár máthair roinn, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do thacaíocht na Roinne. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Richard Bruton T.D., Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus lena chomhghleacaithe John Perry, T.D., Aire Mionghnóthaí agus Sean Sherlock, T.D., Aire Taighde agus Nuálaíochta ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta as an rannchuidiú agus an tacaíocht a thug siad dúinn. Ba mhian linn freisin buíochas a ghabháil le hiar-Ard-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Sean Gorman, a d'imigh ar scor le linn 2011 as a rannchuidiú. Táimid ag tnúth le raon tionscadal tábhachtach agus dúshlánach a chur chun cinn leis an Ard-Rúnaí nua, John Murphy, agus guímid gach rath air ina ról nua.

Mar gheall ar an gcineál gníomhaíochta a bhíonn ar bun ag Forfás, bíonn orainn obair thar roinnt mhaith ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais agus léargas fiontraíochta a thabhairt maidir lena réimsí beartais. Tá Forfás buíoch as an leibhéal rannpháirtíochta agus tiomantais a léirigh na ranna ar fad agus a gcuid gníomhaireachtaí in obair bheartais Forfás agus na gcomhairlí a dtacaímid leo.

Bíonn Forfás agus a chomhghníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag obair i ndlúthpháirt le chéile lena chinntiú go bhfuil beartais ag teacht le chéile agus go ndéantar gach iarracht lena chinntiú go mbaintear an leas is mó is féidir as na hacmhainní atá ar fáil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhghníomhaireachtaí as ucht a gcuid comhoibrithe agus a n-ionchuir i rith 2011. Faigheann Forfás tacaíocht freisin ina chuid oibre ó FÁS, Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta.

Tá pobal níos leithne páirtithe leasmhara ann a chuireann go mór lenár gcuid oibre chomh maith, lena n-áirítear grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar son fostóirí, ceardchumainn, institiúidí tríú leibhéal agus comhlachtaí oiliúna agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leo.

Bainistíonn Forfás obair trí chomhairle chomhairleacha agus tacaíonn sé leo. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'obair na ngrúpaí sin agus a gcathaoirligh an Dr Tom McCarthy (Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil), Una Halligan (an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí), agus an Dr Don Thornhill (an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais). Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin d'obair Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, faoi chathaoirleacht Tom O'Neill. In 2011, d'oibríomar go dlúth le Grúpa Stiúrtha an Bhirt Náisiúnta um Thosaíocht don Taighde agus ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do rannchuidiú Jim O'Hara.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin d'obair an Ghrúpa Chomhairligh do Mhionghhnóthaí, ar a bhfuil an tAire John Perry ina chathaoirleach, a ndéantar ionadaíocht ar son Forfás air agus ar chuir Forfás tacaíocht taighde ar fáil dó le linn na bliana. Oibrímid go dlúth freisin leis an bPríomh-Oifig Staidrimh ar shuirbhéanna agus bailiú sonraí agus táimid buíoch dá gcomhoibriú leanúnach.

Oibrímid go dlúth leis an Ollamh Patrick Cunningham, Príomh-Chomhairleoir Eolaíochta an Rialtais agus lena fhoireann agus tugaimid tacaíocht shuntasach dóibh. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo as a n-ionchuir agus guímid gach rath orthu agus comhdháil ESOF 2012 á cur ar bun acu i mí Iúil.

De dheasca na mbrúnna méadaitheacha ar lucht gnó agus ar fhiontraithe níl sé éasca dóibh am a thógáil as a gcuid gnóthaí agus a gcuid oibre. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil leo siúd go léir a thug a gcuid ama go fial chun plé linn go díreach nó go hindíreach trína ngrúpaí ionadaíocha.

D'oibrigh foireann Forfás go dian agus tá siad tar éis clár oibre fairsing agus dúshlánach a sholáthar in 2011. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leo. Bhí iarracht bhreise shuntasach de dhíth uathu chun an fócas a choinneáil, cáilíocht a bhaint amach agus solúbthacht a chinntiú, go háirithe i bhfianaise thionchair an laghdaithe ar acmhainní agus na timpeallachta oibre éiginnte.

# Gníomhaíochtaí Beartais

| Fiontraíocht | 30 |
|---|---|
| Suirbhéanna Fiontraíocht | 31 |
| • Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch (2010) | 31 |
| • Suirbhé Fostaíochta Bliantúil | 33 |
| Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012 | 39 |
| Tionscnamh Post | 40 |
| Measúnuithe um Chlár Gníomhaireachta | 40 |
| Grúpa Comhairleach do Ghnóthaí Beaga | 42 |
| Plean Gníomhaíochta Fostaíochta an Oirdheiscirt | 44 |
| Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach | 45 |
| Forbairt Earnála | 45 |
| An Earnáil Chluichí in Éirinn | 46 |
| Comhaontas na nEolaíochtaí Beatha | 48 |
| Straitéis um Theicneolaíocht Ghlan Idirghníomhaireachta | 49 |
| Agraibhia Glas, Cliste | 50 |
| Trádáil | 51 |
| • Tuarascáil Feidhmíochta um Thrádáil agus Infheistíocht | 51 |
| • Príomhthíortha do Chomhpháirtíochtaí Geilleagracha | 51 |
| • Tionchair Tograí um Léirscaoileadh Trádála d'Éirinn | 52 |

| Eolas agus Nuálaíocht | 53 |
|---|---|
| Suirbhéanna T&F | 54 |
| • Soláthar Sonraí Eurostat agus OECD | 54 |
| • Buiséad Eolaíochta 2010-2011 | 54 |
| • Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta - Táscairí 2011 | 59 |
| • Caiteachas Gnó ar Thaighde agus Fhorbairt | 64 |
| Beartú Tosaíochta Taighde | 64 |
| Beartas Taighde agus Nuálaíochta Idirnáisiúnta | 69 |
| • Ag déanamh ionadaíochta ar Éire ar an gCoiste um an 86 | 69 |

| | |
|---|---|
| • Limistéar Taighde Eorpach (ERAC)<br>• Gníomhaíochtaí Comhair Idirnáisiúnta<br>• Rannpháirtíocht ar Fhóram Idirnáisiúnta um Infreastruchtúr Taighde agus Eolaíocht Domhanda | 70<br>71 |
| Comhairle Chomhairleach don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht<br>o Inbhuanaitheacht na Lárionad Taighde<br>o Forbairt an Chreatchláir Nua um Thaighde agus Nuálaíocht, Horizon 2020<br>o Aighneacht chuig an gCleachtadh Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde | 71<br>72<br>74<br>75 |

| | |
|---|---|
| Iomaíochas | 76 |
| Athbhreithniú ar an Timpeallacht Mhaoinithe | 77 |
| Scéim Pháirteach Ráthaíochta Iasachta | 78 |
| Aighneacht Réamh-Bhuiséid don Téarnamh faoi stiúir Fiontraíochta | 78 |
| Athbhreithniú ar Iomaíochas na nIompórtálacha go hÉireann | 79 |
| Costais Saothair | 80 |
| Tosaíochtaí Infreastruchtúir don Fhiontraíocht | 80 |
| Ag Seachadadh Ardseirbhísí Leathanbhanda | 81 |
| Tosaíochtaí agus Saincheisteanna um Iomaíochas Fuinnimh don Fhiontraíocht | 82 |
| Infreastruchtúr Stuama | 84 |
| Ag Laghdú Costas Infreastruchtúir | 84 |
| Athbhreithniú ar Thionchar Eacnamaíoch na Teorann Miondíola | 85 |
| An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais<br>o Ráiteas ar Thosaíochtaí Iomaíochais<br>o An Costas um Dhul i mBun Gnó in Éirinn 2011<br>o Scórchárta Iomaíochais na hÉireann 2011<br>o Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2011 | 86<br>86<br>86<br>88<br>88 |

| | |
|---|---|
| Daoine | 90 |
| **Springboard - Ghlao um Gníomhachtú an Mhargaidh Saothair Ardoideachais** | **91** |
| **Treoirlínte um Ailíniú na gClár Breisoideachais le Riachtanais Scileanna na Fiontraíochta** | **92** |
| **Comh-Aighneacht (EGFSN/Forfás/NCC) chuig Comhairliúchán NCCA ar dhréacht-Ghearrchúrsa Fiontraíochta na hArdteistiméireachta** | **92** |
| **Aighneacht ar an Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020** | **93** |
| **Comhairle ar an mBeartas Imirce Eacnamaíochta** | **93** |
| **AE 2020: Ag Leagadh Sprioc um Ráta Fostaíochta na hÉireann** | **94** |
| **Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí** | **94** |
| o **Ag Dul i nGleic le Deacrachtaí Earcaíochta um Scileanna TFC na gCuideachtaí Dúchasacha agus faoi Úinéireacht Iasachta** | **95** |
| o **Ag Forbairt Aitheantais Réamhfhoghlama i gComhthéacs Cuspóirí Breisoiliúna na Straitéise Scileanna Náisiúnta** | **97** |
| o **Dul Chun Cinn ar Chur Chun Feidhme Moltaí Tuarascála EGFSN** | **97** |
| o **Comhoibriú le hAonad Taighde Margaidh Saothair agus Scileanna de chuid FÁS** | **98** |

# Fiontraíocht

## Beartais do phoist agus d'fhiontair inbhuanaithe

Tá bonn láidir in Éirinn d'fhiontar, idir fhiontair dhúchasacha agus iasachta araon agus cultúr a spreagann forbairt agus leathnú cuideachtaí.

Ag obair i gcomhar leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus páirtithe leasmhara éagsúla, soláthraíonn Forfás comhairle neamhspleách don Aire agus don RPFN maidir le réimsí beartais éagsúla bunaithe ar chúrsaí fiontraíochta de.

Tugaimid comhairle maidir le beartas fiontraíochta a thugann aitheantas don ról tábhachtach atá ag fiontair inbhuanaithe, iomaíocha i gcomhthéacs théarnamh eacnamaíoch na hÉireann.

Forbraímid pleananna gníomhaíochta soiléire chun cur leis an éiceachóras gnó ionas gur féidir le gach fiontar infheistiú, fás agus forbairt i dtimpeallacht dhomhanda fíoriomaíoch.

Tarraingímid aird ar réimsí earnálacha deiseanna fiontraíochta, bunaithe ar threochtaí domhanda agus láidreachtaí agus inniúlachtaí reatha na hÉireann, agus aithnítear gníomhaíochtaí earnáil-oiriúnaithe atá riachtanach chun dlús a chur faoi easpórtálacha agus fostaíocht.

Tugaimid comhairle maidir le straitéisí trádála, cur le caidreamh trádála reatha na hÉireann, agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn d'fhonn tionchar a imirt ar mhargaí nua agus éiritheacha a aithint.

Cuirimid le forbairt beartas réigiúnach agus tarraingímid aird ar a thábhachtaí atá áit, rochtain agus cáilíocht beatha d'infheistíocht fiontar agus fiontraíochta.

Déanaimid measúnú ar chláir ghníomhaireachtaí fiontraíochta ar bhealach cuimsitheach agus córasach d'fhonn oiriúnacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht a gcuspóirí agus seachadadh a thomhas.

Bailímid sonraí agus déanaimid anailís stuama, chríochnúil ar na sonraí seo arb ionann iad agus bonn riachtanach do dhea-chomhairle beartais. Déanaimid roinnt suirbhéanna fiontraíochta a úsáid sna réimsí beartais uile agus táimid freagrach chomh maith céanna as roinnt suirbhéanna idirnáisiúnta a dhéantar thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh agus Coimisiún an Aontais Eorpaigh.

## Suirbhéanna Fiontraíochta

In 2011 bhailigh Forfás raon sonraí ar fhostaíocht agus ar chaiteachais ó ghnólachtaí faoi thacaíocht ghníomhaireachta, agus rinneadh anailís ar na sonraí úd.


| |
|---|
| Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch (2010) |
| Suirbhé Fostaíochta Bliantúil |

### Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch (2010)

Is éard atá sa Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch (ABSEI) ná suirbhé ar chliaint Fhiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta mar aon le súil a choinneáil ar tháscairí feidhmíochta agus tairbhe do gheilleagar na hÉireann. Áirítear sa suirbhé seirbhísí trádála déantúsaíochta agus idirnáisiúnta gnólachtaí cliant in Éirinn a bhfuil deichniúr nó níos mó fostaithe acu (thart ar 3,600 fiontar). Ba é 63 faoin gcéad an ráta freagartha don suirbhé seo don bhliain 2010.

Cumhdaítear raon leathan táscairí sa cheistneoir, m.sh. díolachán agus easpórtálacha mar aon le míreanna caiteachais dála ceannach ábhar agus seirbhísí agus céatadán an chaiteachais sin a chaitear in Éirinn, infheistíochtaí párolla agus oiliúna. Is léir ó na torthaí feabhas a bheith tagtha ar fhiontair a fhaigheann tacaíocht ghníomhaireachta ó 2009 anonn; méadú ar dhíolachán do chuideachtaí faoi úinéireacht iasachta (2 faoin gcéad), méadú ar easpórtálacha do chuideachtaí Éireannacha agus faoi úinéireacht iasachta araon (15 faoin gcéad agus 2 faoin gcéad faoi seach) agus mhéadaigh an breisluach 3 faoin gcéad i gcás na ngnólachtaí faoi úinéireacht iasachta. Leis sin ráite, laghdaigh an caiteachas díreach i ngeilleagar na hÉireann i gcás na gcuideachtaí Éireannacha agus faoi úinéireacht iasachta, 5 faoin gcéad agus 4 faoin gcéad faoi seach ó 2009. Chomh maith leis sin, laghdaigh díolachán agus breisluach do ghnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach 3 faoin gcéad ó 2009.

**Figiúr 1:** **Ranníocaíocht na gCuideachtaí le Tacaíocht Ghníomhaireachta faoi Úinéireacht Éireannach i nGeilleagar na hÉireann, 2001 - 2010 (€billiún, praghsanna reatha)**





Foinse: Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2010 de chuid Forfás

Tá éifeacht shuntasach eacnamaíoch cliant na gníomhaireachta ar gheilleagar na hÉireann fós le sonrú go láidir, agus na cuideachtaí seo ag cur beagnach €35bn leis an ngeilleagar in 2010, idir costais phárolla agus ceannach ábhar agus seirbhísí Éireannacha. Laghdaigh caiteachas díreach (párolla agus ceannacháin ábhar agus seirbhísí Éireannacha) gnólachtaí Éireannacha 5 faoin gcéad i gcomparáid le leibhéil 2009 go €16.9 billiún, léargas ar thitim ar dhíolachán, agus tá an céatadán comhfhreagrach do ghnólachtaí faoi úinéireacht iasachta cothrom le 4 faoin gcéad (€17.9 billiún). In 2010, bhí caiteachas díreach gnólachtaí faoi úinéireacht iasachta i ngeilleagar na hÉireann cothrom le thart ar 14 faoin gcéad d'Olltáirgeacht Náisiúnta na hÉireann (OTN). In 2010, bhí caiteachas díreach gnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach i ngeilleagar na hÉireann cothrom le thart ar 13 faoin gcéad de OTN. Bhí an breisluach i ngach gnólacht faoi úinéireacht Éireannach cothrom le 9 faoin gcéad de OTN in 2010.

Mar atá thuasluaite, thuairiscigh cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach díolachán méadaithe 3 faoin gcéad in 2010 agus thuairiscigh gnólachtaí faoi úinéireacht iasachta méadú 2 faoin gcéad; in 2010 bhí díolachán gnólachtaí Éireannacha cothrom le €27.2 billiún, agus bhí an figiúr comhfhreagrach do ghnólachtaí iasachta cothrom le €118.9 billiún. Bhí easpórtálacha cothrom le €12.4 billiún (gnólachtaí Éireannacha) agus €114.6 billiún (gnólachtaí iasachta). Féach Figiúirí 1 thuas agus 2 thíos.

**Figiúr 2: Ranníocaíocht na gCuideachtaí le Tacaíocht Ghníomhaireachta faoi Úinéireacht Iasachta i nGeilleagar na hÉireann, 2001 - 2010 (€billiún, praghsanna reatha)**




Foinse: Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2010 de chuid Forfás

**Íocaíochtaí Cáin Chorparáide**

Le cois a gcaiteachas sa gheilleagar, soláthraíonn seirbhísí trádála agus airgeadais eacnamaíocha, déantúsaíochta agus idirnáisiúnta fáltas suntasach díreach don Státchiste trí íocaíochtaí cáin chorparáide. In 2010, bhí an toradh iomlán cáin chorparáide ó gach foinse cothrom le €3.9 billiún. Meastar go raibh gnólachtaí a fhaigheann tacaíocht ghníomhaireachta sna hearnálacha seirbhísí trádála déantúsaíochta agus idirnáisiúnta cothrom le €2.4bn, le cois €626m breise ó ghnólachtaí seirbhísí airgeadais trádála idirnáisiúnta, cothrom le €3.03bn (77 faoin gcéad) den €3.9bn den cháin chorparáide ar fad íoctha sa gheilleagar. Tá torthaí mionsonracha ar fáil ar shuíomh gréasáin Forfás.

**Suirbhé Fostaíochta Bliantúil**

Is ionann an Suirbhé Fostaíochta Bliantúil agus móráireamh bliantúil fostaíochta na gcuideachtaí príomhúla táirgthe, déantúsaíochta agus seirbhísí atá á dtacú ag na gníomhaíochtaí forbartha fiontraíochta, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta. Mar fhreagairt, tugann gnólachtaí áireamh nó meastachán d'fhostaithe buana lánaimseartha agus páirtaimseartha agus fostaithe eile amhail an 31 Deireadh Fómhair i mbliain an tsuirbhé. Tá an suirbhé seo déanta gach bliain ó 1973. Tá Forfás, ar aon dul lena shainordú gníomhaíochtaí Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann a chomhordú, ag leanúint leis an suirbhé a dhéanamh le comhoibriú fhoireann réigiúnach Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann. Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta a

dhéanann an suirbhé do chuideachtaí nach bhfuil laistigh de shainchúram Forfás agus cuirtear na torthaí san áireamh i mbunachar sonraí Forfás.

Bhí thart ar 8,000 gnólacht i gceist i móráireamh Shuirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011: ba ionann agus thart ar trí ceathrú díobh agus cliaint Fhiontraíocht Éireann; cliaint GFT ba ea an t-ochtú cuid; agus cliaint Fhorbairt Shionainne nó Údarás na Gaeltachta ba ea an t-ochtú cuid. Baineann, agus bhain, tábhacht le torthaí an tsuirbhé i gcás na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta, de bhrí go gcabhraíonn siad an leibhéal cruthaithe post i ngach earnáil a bhfuil baint ag cliaint leo a bhunú, agus comparáidí foriomlána a dhéanamh idir na hathruithe ar leibhéil fhostaíochta agus athruithe fostaíochta de réir earnála sa gheilleagar trí chéile.


Bhí an líon iomlán d'fhostaíocht bhuan lánaimseartha i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ghníomhaireachta i ngach earnáil cothrom le 284,471 in 2011. Is ionann é seo agus méadú 4,333 post (1.5 faoin gcéad) ar leibhéil fhostaíochta 2010, figiúr arb ionann é agus filleadh ar fhás dearfach fostaíochta i ndiaidh trí bliain as a chéile de chaillteanais fhostaíochta idir 2008 agus 2010. Mhéadaigh fostaíocht pháirtaimseartha 10.3 faoin gcéad idir 2010 agus 2011. Bhí fostaíocht iomlán lánaimseartha i measc cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach cothrom le 141,392 in 2011, méadú 0.4 faoin gcéad nó 629 post breise i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tá fostaíocht i gcuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach cothrom le 9,450 post nó 6.3 faoin gcéad níos ísle ná mar a bhí in 2002. I measc cuideachtaí faoi úinéireacht iasachta, bhí an fhostaíocht iomlán lánaimseartha cothrom le 143,079 in 2011, méadú ó 139,375 (méadú 2.7 faoin gcéad i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin). Tá fostaíocht i gcuideachtaí faoi úinéireacht iasachta 9 faoin gcéad (13,667 post) níos ísle ná mar a bhí leibhéil fhostaíochta 2002.

In 2011, le cois fostaíocht bhuan lánaimseartha, taifeadadh 38,434 post breise, idir sealadach agus páirtaimseartha, i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ghníomhaireachta, arb ionann na poist sin agus 21,044 i ngnólachtaí Éireannacha, agus an 17,390 post eile i ngnólachtaí faoi úinéireacht iasachta. Tá an leibhéal fostaíochta sealadach/páirtaimseartha le haghaidh 2011 méadaithe 3,586 i gcomparáid le leibhéil 2010 (10.3 faoin gcéad). I measc na gcuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach, bhí méadú 1,868 (9.7 faoin gcéad) ar fhostaíocht shealadach agus pháirtaimseartha in 2011. I ngnólachtaí faoi úinéireacht iasachta, mhéadaigh fostaíocht shealadach nó pháirtaimseartha 1,718 post (11 faoin gcéad) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Leis an dá chatagóir fostaíochta i dteannta a chéile (buan/lánaimseartha agus sealadach/páirtaimseartha), tá 322,905 duine anois fostaithe i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ghníomhaireachta, i gcomparáid le 340,745 in 2002.

Tá léargas le fáil i bhFigiúr 3 ar ghnóthachain post (gnólachtaí a bhfuil an fhostaíocht méadaithe iontu), caillteanais (gnólachtaí a bhfuil an fhostaíocht laghdaithe iontu) agus an glanathrú foriomlán fostaíochta. Sa tréimhse idir 2002 – 2004, thaifead cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ghníomhaireachta glanchaillteanais phost; ina dhiaidh sin, glantréimhse cruthaithe post a tugadh faoi deara idir 2005 – 2007. Is é an ghné is suntasaí a bhaineann leis an tréimhse idir 2008-2010, ag tús an chúlaithe eacnamaíoch glanchaillteanas post, agus bhí caillteanas ollmhór post le tabhairt faoi deara in 2009. In 2011, bhí glanghnóthachain fhostaíochta cothrom le 4,333 agus ábhar dóchais is ea go bhfuil ollghnóthachain phost ag an leibhéal is airde ó 2008, ag 21,800, agus go bhfuil ollchaillteanais phost (17,467) ag an leibhéal is ísle le breis is deich mbliana anuas.


**Figiúr 3: Gnóthachain, Caillteanais & Glanathrú Poist i bhFostaíocht Lánaimseartha Bhuan i gCuideachtaí Uile le Tacaíocht Ghníomhaireachta, 2002 - 2011**




Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011 de chuid Forfás

Is éard atá i bhFigiúr 4 ná miondealú earnálach ar fhostaíocht lánaimseartha bhuan i gcuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach bunaithe ar earnálacha éagsúla. In 2011, mhéadaigh fostaíocht 0.4 faoin gcéad sna hearnálacha ar fad i gcomparáid le 2010. San earnáil faisnéise, cumarsáide agus seirbhísí ríomhaireachta mhéadaigh fostaíocht earnála 3.2 faoin gcéad i gcomparáid le 2010. Bhí laghdú 0.6 faoin gcéad ar fhostaíocht ó 2010 le tabhairt faoi deara san Earnáil Ghnó, Airgeadais agus Seirbhísí Eile. Thar thréimhse 10 mbliana, áfach, tá méadú fostaíochta 75.8 faoin gcéad nó 11,915 post tugtha faoi deara san earnáil seo, agus ba ón earnáil Seirbhísí Gnó a d'eascair 6,305 post.

**Figiúr 4:** **Treochtaí Earnálacha i bhFostaíocht Lánaimseartha Bhuan laistigh de Chuideachtaí le Tacaíocht Ghníomhaireachta faoi Úinéireacht Éireannach, 2002 - 2011**






Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011 de chuid Forfás

Tugadh glanghnóthachan 147 post faoi deara san earnáil déantúsaíochta idir 2010 agus 2011, méadú 0.2 faoin gcéad, agus caillteanas 26,072 post nó 23.5 faoin gcéad ó 2002. Laistigh den earnáil déantúsaíochta, áfach, chruthaigh an earnáil bia 636 glanphost breise ó 2010, méadú 2 faoin gcéad. Tá méadú de 0.54 faoin gcéad i gcomparáid le 2010 tagtha ar an earnáil tógála, fóntas agus táirgeadh príomhúil, i ndiaidh trí bliana d'fhostaíocht mheathlaithe san earnáil, le caillteanas 3,570 post idir 2008 agus 2011.

Mar chion d'fhostaíocht iomlán faoi úinéireacht Éireannach, tá déantúsaíocht tite 73 faoin gcéad in 2002 go dtí 60 faoin gcéad in 2011. Le cois dearbhmhéadú fostaíochta 76 faoin gcéad idir 2002 agus 2011, tá cion na hEarnála Gnó, Airgeadais agus Seirbhísí Eile méadaithe ó 11 go 20 faoin gcéad sa tréimhse chéanna. Bhí méaduithe beaga i gcion ghrúpálacha na fostaíochta iomláine idir 2002 agus 2011 sna hearnálacha Tógála, Fóntas agus Táirgeadh Príomhúil agus sna hearnálacha Faisnéise, Cumarsáide agus Seirbhísí Ríomhaireachta (féach Figiúr 5).

**Figiúr 5:** **Comhréireanna Earnálacha na Fostaíochta Lánaimseartha Buan laistigh de Chuideachtaí le Tacaíocht Ghníomhaireachta faoi Úinéireacht Éireannach, 2002 agus 2011**





Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011 de chuid Forfás

Tá léargas le fáil i bhFigiúr 6 ar chéatadán na fostaíochta a fhaigheann tacaíocht ghníomhaireachta le haghaidh gach earnáil sa gheilleagar in 2002 agus in 2011. Níl cion fostaíochta na hearnála Tógála, Fóntas agus Táirgeadh Príomhúil san áireamh anseo thuas mar gheall ar a gcéatadáin neamhbhríocha. Díol suntais é cion laghdaithe na hearnála Déantúsaíochta agus na méaduithe sna hearnálacha Seirbhísí. Tá céatadán fostaíochta na hEarnála Gnó, Airgeadais agus Seirbhísí Eile méadaithe ó 6 go 1a faoin gcéad.

**Figiúr 6:** **Comhréireanna Earnálacha i bhFostaíocht Lánaimseartha Bhuan laistigh de Chuideachtaí le Tacaíocht Ghníomhaireachta faoi Úinéireacht Iasachta, 2001 agus 2010**




Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011 de chuid Forfás

## Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012

D'oibrigh Forfás i gcomhar leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus a roinn chun *Plean Gníomhaíochta do Phoist (APJ)* 2012 a fhorbairt. Ba ionann forbairt Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012 agus tús próiseas bliantúil chun Plean Gníomhaíochta a fhorbairt atá dírithe ar phoist agus ar an ngeilleagar fiontraíochta.

*Tá sé mar aidhm le APJ 2012* go mbeidh Éire ar an tír bheag is fearr ar domhan le gnó a dhéanamh inti agus an líon daoine atá ag obair in Éirinn a mhéadú faoi 100,000 faoin mbliain 2016. Is treoirphlean atá ann do ghníomhaíocht a dhéanann ailíniú ar gach roinn agus gníomhaireacht Rialtais bunaithe ar fhás fiontraíochta agus cuspóir post.

Dhírigh *APJ 2012* ar seacht sraith, seo a leanas an chéad sé cinn:

- Ag Forbairt Buntáiste Iomaíoch;
- Ag Tacú le Gnóthaí Nuathionscanta Dúchasacha;
- Ag Cuidiú le Gnóthaí Fás;
- Ag Mealladh Gnóthaí Nuathionscanta Fiontraíocha Isteach;
- Ag Forbairt agus ag Neartú Tionchair na hInfheistíochta Díreach Coigríche; agus
- Ag Forbairt Tionscnamh Fostaíochta sa Phobal.

San áireamh in *APJ 2012* freisin bhí roinn faoi Shaothrú Deiseanna Earnálacha inar tarraingíodh aird ar na gníomhaíochtaí atá riachtanach le tacú le hearnálacha reatha agus nua.




**Ag seoladh an chéad Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012**

Sa phictiúr tá (c-d) Eamonn Gilmore TD, Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha, Enda Kenny, TD, Taoiseach agus Richard Bruton, TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíocht

Rinneadh 270 gníomhaíocht in 14 roinn agus 36 gníomhaireacht, agus ainneoin iad a bheith díchosúil, ba aitheantas iad go raibh dul chun cinn á dhéanamh ar raon leathan saincheisteanna a raibh tionchar acu ar ghnóthaí, saincheisteanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ionchais fáis post.

Tá an próiseas a bhaineann le *APJ 2012* chomh tábhachtach le hábhar an phlean gníomhaíochta. Is chun críche cur chun feidhme a dearadh é. San áireamh sa phlean tá tascanna mionsonraithe, ainmnítear na daoine atá freagrach as seachadadh agus sonraítear amlínte.

Tá riachtanais tuairiscithe a bhaineann leis an bPlean curtha i bhfeidhm freisin. Tá coiste monatóireachta an Phlean Gníomhaíochta do Phoist bunaithe agus áirítear ann ionadaithe ó Forfás, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Roinn an Taoisigh. Tuairiscíonn an coiste monatóireachta don Choiste Comh-Aireachta um Théarnamh Eacnamaíoch agus Post d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar spriocanna. Tá roinnt d'fhoireann saineolaithe ó Forfás ag obair le Roinn an Taoisigh faoi láthair ar an bpróiseas monatóireachta.

Ullmhófar agus foilseofar tuarascálacha ráithiúla ar chur chun feidhme. Tá an chéad tuarascáil cur chun feidhme foilsithe agus tá 96 faoin gcéad de na gníomhaíochtaí spriocdhírithe le seachadadh sa chéad ráithe den Phlean.

Tá Forfás freagrach as seachadadh roinnt gníomhaíochtaí suntasach sa Phlean in 2012, lena n-áirítear:

- Sraith spriocanna iomaíocha a fhorbairt atá freagrach do ghníomhaíocht baile;
- Gníomhaíochtaí a fhorbairt a laghdaíonn costais nó moilleanna iomarcacha go córasach;
- Athruithe in oibriú rialtóirí earnálacha a chuirfeadh le hiomaíochas costais;
- Iniúchadh agus athbhreithniú ar iolracht ceadúnas a theastaíonn ó ghnóthaí chun an poitéinseal le haghaidh scor de roinnt ceadúnas a mheas agus ceadúnais a chónascadh;
- Straitéis náisiúnta don earnáil tógála a fhorbairt i gcomhar le páirtithe leasmhara; agus
- Fís fhadtréimhseach a fhorbairt don earnáil déantúsaíochta agus plean straitéiseach a chur i bhfeidhm a chinnteoidh cur i gcrích na físe seo.

Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012

## Tionscnamh Post

Tá an Rialtas tiomanta do, laistigh dá chéad thréimhse 100 lá in oifig, sraith gníomhaíochtaí a chur ar bun chun fás fostaíochta agus fiontar a chothú.

Ba é an Tionscnamh Post an chéad cheann de na gníomhaíochtaí seo. Sholáthair Forfás comhairle don Tionscnamh Post bunaithe ar thaighde atá déanta cheana féin, dearcthaí na ngníomhaireachtaí fiontraíochta mar aon le tabhairt faoi anailís nua fhócasaithe.

Bhí na bearta neodracha buiséid luaite sa Tionscnamh dírithe ar chabhrú le cruthú fostaíochta, deiseanna a sholáthar dóibh siúd a gcaill a bpost, agus muinín a chothú sa gheilleagar.

An Tionscnamh Post

## Measúnuithe um Chlár Gníomhaireachta

*Ba é a bhí mar aidhm le Beart a Dhéanamh – Fiontraíocht in Éirinn a Fhorbairt* ná Creatchlár a fhorbairt agus a chur chun feidhme, Creatchlár a bheadh mar bhonn le cur chuige córasach chun measúnuithe a dhéanamh ar chláir ghníomhaireachta. Chuir Forfás tús le clár measúnuithe in 2011.

Tá creatchlár measúnaithe forbartha, bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta ina sonraítear na modheolaíochtaí agus cur chuige d'fhonn comhtháthú agus inchomparáideacht uasta a chinntiú sna measúnuithe ar fad.

Cabhróidh an creatchlár seo le lucht déanta beartas agus dearthóirí clár tacaíochtaí fiontar measúnú a dhéanamh ar luach na n-idirghabhálacha beartais, feabhas leanúnach a dhéanamh ar dhearadh agus ar chur chun feidhme clár, agus an cultúr measúnaithe sa soláthar tacaíochta fiontraíochta a neartú.

Is é cuspóir shraith measúnuithe na gclár gníomhaireachta tacú le húsáid is fearr acmhainní i dtimpeallacht shrianta chun cuspóir beartais fiontraíochta a sheachadadh. Tá na cláir ghníomhaireachta curtha sna catagóirí seo a leanas bunaithe ar réimsí idirghabhála:

- Gnóthaí Nuathionscanta agus Fiontraíocht;
- Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht; agus
- Forbairt Gnó.

Ag tús 2012, chuir Forfás críoch le measúnuithe do thacaíochtaí do ghnóthaí nuathionscanta agus fiontraíochta a bhaineann le TF&N, atá le cur i gcrích faoi dheireadh 2012. Déantar gach clár a mheas bunaithe ar oiriúnacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht:

- Mar chlár ann féin;
- Mar chomhchuid laistigh den réimse ábhartha téamach; agus
- Laistigh de chomhthéacs uileghabhálach an bheartais fiontraíochta.

I measc an mheasúnaithe fiontraíochta agus tacaíochtaí do ghnóthaí nuathionscanta á soláthar ag Fiontraíocht Éireann agus na Boird Fiontar Contae (CEBanna) bhí roinnt clár – tacaíochtaí do ghnóthaí nuathionscanta ardacmhainne (HPSUs), micreaghnólachtaí agus gnóthaí nuathionscanta (CEBanna), cláir Do Ghnó Féin a Chur ar Bun agus roinnt clár fothaire. I measc na gclár fothaire tá ceardlanna smaointeoireachta, gearrsheisiúin oiliúna agus cláir fhadtréimhseacha níos déine (IdeaGen, Propel, Tús Fiontraíochta 1, Tús Fiontraíochta 2 agus CORD san áireamh).

I rith thréimhse an mheasúnaithe (2004-2010) tarraingíonn straitéisí beartas fiontar agus tuarascálacha gaolmhara aird ar an tábhacht a bhaineann le fiontraíocht agus gnóthaí nuathionscanta a spreagadh. Tá ról tábhachtach ag gnóthaí nuathionscanta i bhfás eacnamaíoch a bhrú chun cinn, agus is ionann táirgiúlacht agus nuálaíocht feabhsaithe agus ceann de na bealaí is féidir le hearnálacha nua nó fo-earnálacha na dtionscal reatha forbairt a dhéanamh in Éirinn, agus ar an tslí sin, meascán láidir fiontar a sheachadadh. Le déanaí, leagadh béim sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012* ar an tábhacht a bhaineann le gnóthaí nuathionscanta.

Tháinig athrú suntasach ar an gcomhthéacs eacnamaíoch sa tréimhse atá á meas, idir tréimhse ardfháis/dífhostaíocht íseal in 2004 go dtí tréimhse ard-dhífhostaíochta agus dúshláin mhéadaithe do ghnóthaí nuathionscanta i dtéarmaí rochtain ar airgeadas.

Ar aon dul leis an mbeartas fiontraíochta, tá tacaíochtaí airgeadais dírithe ar chuideachtaí seirbhísí trádála déantúsaíochta agus idirnáisiúnta, agus ar an tslí sin, an poitéinseal a bhaineann le díláithriú a laghdú.

Is éard a thugann toradh na hanailíse le fios, go ginearálta, ná go bhfuil na tréithe seo a leanas ag gabháil le gach ceann de na tionscnaimh aonair:

- Oiriúnach i gcomhthéacs thimpeallacht beartais an ama;
- Éifeachtach i gcuspóirí sonraithe a chomhlíonadh; agus
- Éifeachtúil.

Tá scóip ann, áfach, chun dúbláil phoitéinsil a laghdú, go háirithe i ndáil le hidirghabhálacha fothaire. Ó tharla gur chuir na measúnuithe tús le roinnt athruithe atá déanta chun cláir a shruthlíniú agus éifeachtúlachtaí a mhéadú áit ar cuí.

Áirítear sna príomh-mholtaí an riachtanas na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Beartas náisiúnta fiontraíochta a fhorbairt d'Éirinn le cur síos ar chuspóirí, spriocanna agus freagrachtaí;
- Tús a chur le córas measúnaithe ex-ante sna gníomhaireachtaí fiontraíochta, bunaithe ar chreatchlár measúnaithe Forfás, ionas go mbeidh na tacaíochtaí is oiriúnaí agus is féidir á soláthar chun déileáil le teip margaidh a bhaineann le pointe ama faoi leith. Ag an gcéim deartha, ba chóir go sonrófaí an réasúnaíocht, cuspóirí soiléire, spriocanna agus méadracht i measúnú ex-ante. Ag leibhéal córais ba chóir machnamh a dhéanamh freisin ar na nithe atá ann cheana féin d'fhonn dúbláil a sheachaint, agus d'fhonn eolas a sholáthar maidir le héirí as idirghabháil nach bhfuil inchosanta a thuilleadh.
- Sonraí a bhailiú agus a thiomsú a theastaíonn do mheasúnú cláir a bhfuil aithint méadracht ag an gcéim measúnaithe ex-ante mar bhonn leis. Laistigh de na CEBanna go háirithe, ní mór na tacaíochtaí atá dírithe ar riachtanais ghnóthaí nuathionscanta a bheith dílínithe uathu seo atá á soláthar do ghnóthlachtaí reatha agus gníomhaíochtaí eile.

Do chláir aonair:

- Measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le cohórt HPSUanna cruthaithe gach bliain a mhéadú ag féachaint don chaighdeán atá luaite le stádas HPSU a choimeád;
- Na cláir fothaire le haghaidh gnóthaí nuathionscanta a shruthlíniú, agus smaoineamh ar chur chuige modúlach a fhorbairt le déileáil le riachtanais na gcohórt difriúil agus an sprioclucht féachana;
- Éifeachtúlachtaí na gclár oiliúna atá á dtairiscint ag na CEBanna a mhéadú trí thuilleadh comhoibrithe ar dhearadh agus ar sheachadadh;
- A chinntiú go mbeidh aon chistí caipiteal fiontair EI amach anseo dírithe ar dhéileáil le teip margaidh atá le sonrú sa mhargadh VC faoi láthair agus in earnálacha atá ailínithe le straitéisí infheistíochta bainisteoirí cistí tráchtála VC.

## Grúpa Comhairleach do Ghnóthaí Beaga

Is é John Perry, T.D., an tAire um Ghnóthaí Beaga, cathaoirleach Ghrúpa Comhairleach do Ghnóthaí Beaga (AGSB). Ba é an Taoiseach a sheol AGSB i Meitheamh 2011 agus bhí dualgas ar an ngrúpa tuairisciú go díreach don Taoiseach roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2011. Cuimsíonn an bhallraíocht dá chuid lucht gnó a bhfuil taithí phearsanta acu ar ghnó a reáchtáil, comhlachtaí ionadaíocha gnó, gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta ábhartha

agus an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN). D'iarr an RPFN ar Forfás tacaíocht taighde agus anailíse a sholáthar.

Tharraing comhaltaí AGSB aird ar raon leathan saincheisteanna agus, le cabhair Forfás, chomhaontaigh na comhaltaí díriú ar na bacainní ar fhás ar dtús. Foilsíodh tuarascáil an ghrúpa, *Guth an Ghnó Bhig – Plean Gníomhaíochta*[3], *i mí na Samhna 2011.*

Sonraítear an méid seo a leanas i bpríomhthorthaí na tuarascála:

- Tá beagnach 200,000 gnó beag in Éirinn a bhfuil breis agus 655,000 duine ag obair iontu[4]. Tá níos lú ná deichniúr fostaithe ag céatadán suntasach de na gnóthaí seo.
- Bíonn go leor acu i mbun trádála ar mhargaí idirnáisiúnta, agus tá deis ag go leor gnólachtaí eile díriú ar mhargaí idirnáisiúnta freisin. Leanfaidh go leor gnóthaí ag díriú ar an margadh baile agus a bheith ag feidhmiú mar ghnóthaí beaga dá rogha féin.
- Tá baint ag gnóthaí beaga le roinnt mhaith earnálacha agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear bogearraí, teicneolaíochtaí míochaine, táirgeadh bia, ábhar digiteach, turasóireacht, miondíol agus mórdhíol, seirbhísí gnó, gairmiúla agus pearsanta – agus is cruthaitheoirí ardfhostaíochta go leor acu[5].
- Tá gnóthaí beaga scaipthe ar fud réigiúin éagsúla agus cuireann siad le spiorad pobail, ómós áite agus mealltacht suímh a fhorbairt mar áit fheiliúnach le maireachtáil inti agus le gnó a dhéanamh inti.
- Tá dúshláin gan choinne le sárú ag gnólachtaí beaga agus cúrsaí geilleagair mar atá faoi láthair. In 2009 bhí 8,000 níos lú gnóthaí agus 105,000 níos lú daoine fostaithe ag gnóthaí beaga ná mar a bhí in 2007.



**Seoladh um Thuarascáil an Ghrúpa Comhairleach do Ghnóthaí Beaga**

Ag seoladh na tuarascála i mí na Samhna 2011 tá John Perry, TD agus Aire um Ghnóthaí Beaga le comhaltaí AGSB agus rúnaíocht an AGSB

D'admhaigh comhaltaí AGSB go bhfuil cuid de na gníomhaíochtaí atá sonraithe sa tuarascáil ar chlár oibre an Rialtais cheana féin, agus leagadh béim an athuair ar an tábhacht a bhaineann leis seo i gcomhthéacs gnóthaí beaga. Sonraíodh gníomhaíochtaí faoi roinnt réimsí tosaíochta:

3 Is ionann na moltaí sa tuarascáil seo agus dearcthaí chomhaltaí an Ghrúpa Comhairleach do Ghnóthaí Beaga seachas dearcthaí Forfás.

4 Is éard atá i gceist le gnóthaí beaga ná gnóthaí a bhfuil níos lú ná 50 duine ag obair iontu

5 Sa tréimhse 2000 go 2007, sular chuir an cúlú geilleagrach a chos i dtaca, cruthaíodh breis agus 172,000 glanphost i bhfiontair bheaga a bhfuil baint acu leis na seirbhísí

- Rochtain ar Airgeadas agus Sreabhadh Airgid a Fheabhsú
- Costais Saothair
- Costais Eile um Dhul i mBun Gnó
- Rochtain ar Sholáthar Poiblí do Ghnó Beag
- Comhairle maidir le Géarchéim a Bhainistiú
- Forbairt Bainistíochta don Fhás
- An Geilleagar Folaithe

Tá gníomhaíochtaí eile fós dírithe ar chleachtais iomaíocha, rochtain níos éasca ar fhaisnéis do ghnólachtaí beaga agus réiteach agus dócmhainneacht neamhbhreithiúnach féich.

Bhí léargas le fáil in *Guth an Ghnó Bhig – Plean Gníomhaíochta* ar dhearcadh an ghnó bhig mar aon le heolas luachmhar don *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012* foilsithe ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta i mí Feabhra *2012*.

Tuarascáil an Ghrúpa Comhairleach do Ghnóthaí Beaga

## Plean Gníomhaíochta Fostaíochta an Oirdheiscirt

D'fhonn déileáil leis an ardleibhéal dífhostaíochta i réigiún an Oirdheiscirt agus dúnadh Talk Talk i gCathair Phort Láirge, d'iarr Richard Bruton, TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar Forfás cabhrú leis plean gníomhaíochta a fhorbairt don Oirdheisceart.

D'oibrigh Forfás i gcomhar leis na gníomhaireachtaí forbartha agus páirtithe leasmhara eile agus, ag cur leis an taighde agus leis an anailís a bhí déanta le haghaidh *Cláir Oibre Iomaíocha Réigiúnacha* (2009), soláthraíodh léargas cuimsitheach ar láidreachtaí agus ar phoitéinseal an réigiúin, mar aon le sraith gníomhaíochtaí a theastaíonn le déileáil le bacainní agus le cruthú agus fás fostaíochta a éascú amach anseo.

*Foilsíodh Plean Gníomhaíochta Fostaíochta Réigiún an Oirdheiscirt – Spotsolas ar an Oirdheisceart* i mí na Nollag 2011. Dhírigh na príomhghníomhaíochtaí ar na nithe seo a leanas:

- Tairseach réigiúnach a fhorbairt agus poiblíocht éifeachtach a dhéanamh ar an réigiún, lena n-áirítear aird a dhíriú ar phríomhthosaíochtaí forbartha do Chathair Phort Láirge agus cur chuige comhordaithe i measc na ngníomhaireachtaí fiontraíochta, údaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara réigiúnacha eile a chur chun cinn.
- An meascán fiontraíochta réigiúnaí a uasghrádú, trí bhéim a leagan ar ghníomhaireachtaí fiontraíochta an Oirdheiscirt, agus gníomhaíochtaí comhbheartaithe a dhíriú ar na nithe seo a leanas:
    - Fiontraíocht agus gnóthaí nuathionscanta a spreagadh;
    - Inbhuanaitheacht agus uasghrádú an bhoinn reatha fiontraíochta a chur chun cinn trí dhian-rannpháirtíocht na ngníomhaireachtaí le cliantchuideachtaí bunaithe;
    - Cur le mealltacht an Oirdheiscirt d'fhonn tairbhe a bhaint as an bpoitéinseal a bhaineann le hinfheistíocht fiontraíochta in earnálacha dála turasóireacht, agraibhia, teicneolaíocht ghlan, eolaíochtaí beatha agus seirbhísí trádála

idirnáisúnta, ag obair i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus leis na páirtithe leasmhara eile;

- Rannpháirtíocht mhéadaithe na ngnólachtaí i bhforbairt bainistíochta a spreagadh; agus
- Láidreachtaí ardoideachas réigiúnach a ghiaráil trí rannpháirtíocht struchtúrtha idir príomhghrúpaí taighde sna hinstitiúidí teicneolaíochta (ITanna) agus foirne earnála na ngníomhaireachtaí fiontraíochta.

- Sraith tionscnamh spriocdhírithe na ngníomhaireachtaí fiontraíochta a chur i bhfeidhm ar mhaithe le próiseas d'ionaid teagmhála agus do ghnó a fhorbairt a bheadh freagrach as gníomhaíocht ghaolmhar a sheachfhoinsiú san Oirdheisceart;
- Tacú leo siúd a gcaill a bpost le déanaí trí thionscnaimh bhreisoiliúna agus ghníomhachtaithe saothair; agus
- Tionscadail réigiúnacha infreastruchtúir a bhrú chun cinn, go háirithe trí athléimneacht an líonra crann taca leathanbhanda a neartú agus uasghrádú an N11 /M11 a chríochnú.

I mí na Samhna 2011, thionóil an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta Fóram Páirtithe Leasmhara don Oirdheisceart, tráth ar chuir Forfás an dréachtphlean gníomhaíochta i láthair. Tá an Fóram le bualadh le chéile go tráthúil agus é mar aidhm an cur chuige comhoibríoch a theastaíonn chun poitéinseal an Oirdheiscirt a fheabhsú mar áit mhealltach d'infheistíocht, do chruthú post agus d'fhás.

Plean Gníomhaíochta Fostaíochta an Oirdheiscirt

## Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach

Tugtar Cúnamh Stáit do ghnólachtaí chun forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn ar fud an AE. Is sna Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach (RAGanna) atá curtha i dtoll a chéile ag Coimisiún an AE a sonraítear na teorainneacha cúnamh deontais d'acmhainn a fhorbairt, treoirlínte atá 7dírithe go príomha ar thacú leis na limistéir atá faoi mhíbhuntáiste laistigh den AE. Tiocfaidh an réimeas reatha chun deireadh ag deireadh na bliana 2013. In 2011 cuireadh tús le hidirbheartaíochtaí chun cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéil cheadaithe trasghníomhaireachta um Chúnamh Stáit ar fud an AE i ndiaidh 2013 agus chomhordaigh Forfás freagra bunaidh trasghníomhaireachta don RPFN d'fhonn eolas a sholáthar faoi sheasamh na hÉireann ag céad chruinniú na mballstát i mí an Mhárta 2011.

Thionóil Forfás Grúpa Trasghíomhaireachta chun taighde, anailís agus comhairle a sholáthar don RPFN agus é mar aidhm a chinntiú go mbíonn an toradh is fearr agus is féidir ag Éire i dtéarmaí a cumas Cúnamh Réigiúnach a sholáthar le hinfheistíocht fiontraíochta a mhealladh (infheistíocht iasachta agus dhúchasach) i ndiaidh 2013 agus d'fhonn cur le forbairt réigiúnach chothromaithe.

## Forbairt Earnála

Tá ról lárnach ag Forfás i gclár oibre comhtháite a fhorbairt atá dírithe ar earnálacha a fhorbairt in Éirinn i gcomhthéacs iomaíochas domhanda méadaithe.  Éilíonn forbairt earnálach athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach d'fhonn éifeachtacht a chinntiú, rud a éilíonn scanadh ionchais, anailís ar fhorbairtí domhanda agus náisiúnta d'fhonn eolas a sholáthar do

chlár oibre rollach gníomhaíochta. Oibríonn Forfás leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus le páirtithe leasmhara eile chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh agus chun tús áite a thabhairt do bhacainní sonracha earnála agus nó cumasóirí d'fhonn cur le forbairt beartais, gníomhaíochtaí riachtanacha agus cur chun feidhme.

Sonraítear sa tsraith cúram forbartha ag Forfás clár oibre comhaontaithe trasghníomhaireachta. Tá sé mar bhonn leo:

- Eolas comhchoiteann na ngníomhaireachtaí a eascraíonn ón tionscal a bhailiú ar mhaithe le léargas cuimsitheach a thabhairt den earnáil, peirspictíochtaí dúchasacha agus iasachta san áireamh, mar aon le hearnálacha tacaithe neamh-RPFN;
- Sraith choiteann gníomhaíochtaí a shonrú a aontaíonn gníomhaireachtaí orthu agus a bheidh mar bhonn le forbairt beartais; agus
- Léargas luath a sholáthar maidir le hathruithe agus treochtaí struchtúrtha sa tionscal, athruithe agus treochtaí a d'fhéadfadh anailís beartais spriocdhírithe agus/nó malairt freagairtí a éileamh.

I ndiaidh na dtosaíochtaí gníomhaireachta comhaontaithe agus an cur chuige d'fhorbairt earnálach a shonrú go soiléir, úsáideadh na cúraimí earnála go héifeachtach le cur leis an gCleachtadh Tosaíochta Náisiúnta Taighde, an *Tionscnamh Post* (2011) agus *Plean Gníomhaíochta Fostaíochta an Oirdheiscirt*. Baineadh úsáid astu le heolas a sholáthar do dheiseanna earnálacha agus gníomhaíochtaí tacaíochta atá sonraithe sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012*.

Chríochnaigh Forfás athbhreithithe freisin ar úinéireacht na meán in Éirinn agus pleanáil leanúnachais ghnó don aimsir chrua don RPFN.

## An Earnáil Chluichí in Éirinn

Mar fhreagairt ar iarratas ón tionscal agus ó na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta, thug Forfás faoi dhianstaidéar ar an earnáil cluichí. Sonraítear na nithe seo a leanas san fhoilseachán *An Earnáil Chluichí in Éirinn: Plean Gníomhaíochta don Fhás, a foilsíodh in 2011:*

- Deiseanna don earnáil in Éirinn i gcomhthéacs tionscail atá ag éirí níos casta agus a bhfuil iomaíocht dhomhanda níos déine le sonrú ann; agus
- Gníomhaíochtaí a theastaíonn le tacú le cruthú agus le fás post.

Cuireadh le taighde Forfás trí dhul i gcomhairle le ceannairí gnó san earnáil chluichí in Éirinn agus thar lear, trí anailís chomparáideach dhomhanda agus tíre a dhéanamh, agus trí ionchur luachmhar na ngníomhaireachtaí fiontraíochta.

### Acmhainneacht Fháis na hÉireann

Sonraítear sa tuarascáil an fás dochreidte atá tagtha ar an earnáil dhomhanda, go háirithe i réimsí na gcluichí ar líne agus na meán sóisialta. Tá a cumas cruthaithe ag Éire cheana féin mar ionad mealltach d'infheistíocht fiontraíochta san earnáil agus faoi láthair tá cuid de na cuideachtaí is mó cáil san earnáil dhomhanda seo (lena n-áirítear Activision, EA, Zynga, Big Fish, PopCap, Havok, Demonware) ag obair sa tír d'fhonn cur le bonn na ngnóthaí nuathionscanta dúchasacha cluichí. I bhfianaise ár láidreachtaí reatha agus dinimic laistigh

den earnáil dhomhanda, tá tuilleadh poitéinsil ann d'fhás breise san earnáil in Éirinn, sna réimsí seo a leanas:

- Ardsheirbhísiú cluichí – le béim ar bhailiú faisnéis custaiméirí (anailísíocht, eispéireas imreoirí, bainistiú pobal ar líne, logánú s.rl.);
- Forbairt chruthaitheach cluichí – cur leis an bpoitéinseal cruthaitheach laistigh d'Éirinn agus na cluichí ar éirigh go maith leo roimhe seo;
- Teicneolaíochtaí cumasúcháin – nuálaíocht ardáin, mianadóireacht sonraí agus anailísíocht, agus samhlacha gnó néal-bhunaithe; agus
- Saothrú maoin intleachtúil agus foilsitheoireacht ar líne – lena n-áirítear gníomhaíochtaí dála trádáil idirchuideachta IP, bainistiú sócmhainní digiteacha, saincheadú bainistíocht branda s.rl.

Mar cheannródaí laistigh den gheilleagar éiritheach digiteach, is comhchuid thábhachtach de mheascán fiontraíochta na hÉireann an earnáil chluichí. Maítear sa tuarascáil go dteastaíonn bealach smaointeoireachta nua i dtéarmaí freagairtí beartais d'fhonn freastal ar nádúr mear-athraitheach na hearnála agus na timpeallachta fíor-ama a bhfuil a samhlacha gnó á struchtúrú ag cuideachtaí iontu i gcomhthéacs an gheilleagair dhigitigh.

Má dhéantar na gníomhaíochtaí cearta chun tuilleadh fáis a spreagadh, tá an poitéinseal ag an earnáil leibhéil fhostaíochta a dhúbailt go 4,500 faoi 2014. Is ionann an figiúr seo agus fomheastachán ar impleacht nascachta agus idirspleáchais le gníomhaíochtaí ginearálta, lena n-áirítear ionchur chruthaitheach ó bheochan, léiriú teilifíse/scannán agus fógraíocht mar aon le hinfreastruchtúir agus seirbhísí dála óstáil sonraí, íocaíochtaí seachfhoinsithe, billeáil, logánú agus slándáil faisnéise.



**Ag seoladh Plean Gníomhaíochta Forfás don Earnáil Chluichí in Éirinn**

Sa phictiúr (c-d) ag seoladh An Earnáil Chluichí in Éirinn: Plean Gníomhaíochta don Fhás tá Richard Bruton, TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíocht agus Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach Forfás.

### Gníomhaíochtaí don Fhás Luathaithe

Bunaithe ar pheirspictíocht beartas fiontraíochta de teastaíonn athrú uaillmhianach agus cinntitheach chun réimeas níos réamhthagraí, comhtháite agus sofhreagraí a sheachadadh d'fhonn tacú leis an earnáil chluichí (agus an geilleagar digiteach níos ginearálta) in Éirinn. Gné ríthábhachtach is ea idirghníomhaíocht níos dinimiciúla a fhorbairt idir gnólachtaí, an

saol acadúil agus an córas rialtais. Díríonn na gníomhaíochtaí atá sonraithe sa tuarascáil ar shé phríomhréimse, agus tá achoimre anseo thíos:

- Braisle idirnáisiúnta a fhorbairt: a mbeidh sé mar aidhm léi nascacht idir earnálacha gaolmhara, náisiúnta agus idirnáisiúnta, a spreagadh. Príomhchéim is ea foireann forbartha braisle tionscal-treoraithe a bhunú.
- Scileanna agus eispéireas a fheabhsú: dírithe ar dhéileáil le riachtanais ghearrthréimhseacha; céimithe a thuigeann an tionscal a fhorbairt; agus fás fadtréimhseach a éascú. Tá gníomhaíochtaí dírithe ar a chinntiú go mbeidh ar chumas na hÉireann dul in iomaíocht ar bhonn idirnáisiúnta chun oibrithe ardoilte taistil a mhealladh; déileáil le bearnaí práinneacha sna scileanna teicneolaíochta; comhoibriú idir institiúidí ardoideachais agus an tionscal a mhéadú; agus cur le feasacht na hearnála ar infheidhmeacht ábhair STEM.
- Dlús a chur faoi fhás i bhforbairt an ábhair chruthaithigh trí roinnt tionscnamh, lena n-áirítear painéal comhairleach idirnáisiúnta a bhunú agus sa mheántréimhse, cinneadh a dhéanamh faoin bpoitéinseal a bhaineann le hionstraim airgeadais nua a úsáid chun críche forbairt ábhair.
- Cur le hinfheictheacht idirnáisiúnta trí phoiblíocht chomhordaithe faoin mbranda Nuálaíocht Éireann, agus sraith imeachtaí téamacha idirnáisiúnta cluichí a óstáil;
- Cur le feasacht faoi ghníomhaíochtaí TF&N laistigh den earnáil chluichí trí cheardlann tacaíochtaí T&F a óstáil, agus measúnú a dhéanamh ar ról na n-eolaíochtaí sóisialta in T&F an tionscail chluichí agus dlí an chóipchirt ag leibhéal AE a leasú.
- Na gníomhaíochtaí a theastaíonn le déileáil le bacainní ar infheistíocht i líonraí an chéad ghlúin eile den leathanbhanda (NGNanna) a bhrú chun cinn dírithe ar rialú réamh-infheistíochta, pleanáil infreastruchtúir agus infheistíochta agus spreagadh éilimh (Tá na gníomhaíochtaí a theastaíonn i ndáil le NGNanna sonraithe ag Forfás in *Ardfheidhmíocht Leathanbhanda agus Tosaíochtaí Beartais na hÉireann,* féach leathanach 77.

An Earnáil Chluichí in Éirinn: Plean Gníomhaíochta don Fhás

## Comhaontas na nEolaíochtaí Beatha

Lean Forfás ag soláthar tacaíochta do Chomhaontas na nEolaíochtaí Beatha, comhaontas a bunaíodh in Eanáir 2010 i ndiaidh foilsiú tuarascáil staidéar Forfás, *Eolaíochtaí Beatha Sláinte – Peirspictíocht Fiontraíochta* (2009). Is é an Dr. Paul Duffy, Leasuachtarán Aonad Oibriúcháin an tSoláthair Sheachtraigh, Pfizer, cathaoirleach an Chomhaontais. Tá ionadaithe ón tionscal, RPFN, na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta, an córas cúram sláinte, mar aon le taighdeoirí páirteach sa chomhaontas.

I rith na bliana bhí páirt ag comhaltaí an Chomhaontais i ndáil le:

- Tionchar a imirt ar thiomantas an Rialtais d'ionaid teicneolaíochta do tháirgeadh cógaisíochta, feistí leighis agus sláinte nasctha;
- Cur le rath imeacht na Comhairle Inréimnithe ar tháirgí measctha i mBealtaine 2011, imeacht ar fhreastail breis is 220 toscaire ón earnáil cúram sláinte, ón tionscal agus ón saol acadúil air;

- Cur leis an gCleachtadh Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde, ag leagan béime ar réimsí taighde a mbaineann fíorthábhacht leo i gcomhthéacs fhás na hearnála amach anseo; agus
- Cur le forbairt an *Chláir don Rialtas* (2011) agus an *Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012.*

Tá athrú céimnithe in acmhainn agus nuálaíocht riachtanach d'fhás na hearnála in Éirinn, rud a éilíonn athrú ar an mbealach a idirghníomhaíonn an tionscal agus seirbhísí sláinte lena chéile. Tá deis ann do ghnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn táirgí agus seirbhísí nuálacha a sholáthar don chóras cúram sláinte – agus a bheith páirteach sa réiteach chun éifeachtúlachtaí méadaithe agus torthaí níos fearr d'othair a sheachadadh. Sa chomhthéacs seo, is é an tosaíocht atá luaite leis an gComhaontas le haghaidh 2012, dul i bhfeidhm ar na nithe seo a leanas:

- Mol nuálaíochta cúram leanaí a sheachadadh chun dlús a chur faoi chomhoibriú idir an córas sláinte agus fiontraíocht tráchtála;
- An Bille um Fhaisnéis Sláinte a achtú d'fhonn tacú le timpeallacht a chabhróidh le taighde sláinte in Éirinn; agus
- Cur chuige náisiúnta maidir le bithbhaincéireacht a fhorbairt, a chuimsíonn beartas náisiúnta agus cleachtais agus nósanna imeachta caighdeánaithe.

Eolaíochtaí Beatha in Éirinn: Dearcadh Fiontraíochta

## Straitéis um Theicneolaíocht Ghlan Idirghníomhaireachta

In Aibreán 2011, chuir Forfás tús le próiseas chun cur chuige comhordaithe idirghníomhaireachta a fhorbairt bunaithe ar an ngeilleagar glas i gcomhar le hionadaithe ó RPFN, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, SEAI agus SFI, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus Foras na Mara. Tá an próiseas seo fós ar siúl agus buaileann ionadaithe na gníomhaireachta lena chéile go rialta.

Ag eascairt ón obair seo, forbraíodh *Straitéis Idirghníomhaireachta an Gheilleagair Ghlais* i Meán Fómhair 2011, straitéis ina sonraítear plean gníomhaíochta trasghníomhaireachta d'fhás fiontraíochta agus do phoist sa gheilleagar glas. Tarraingíodh aird ar na nithe seo a leanas ach go hairithe:

- Bealach chun freagairt chomhordaithe agus phráinneach ó ranna agus ó ghníomhaireachtaí Rialtais chun déileáil le príomhbhacainní ar phoitéinseal fás earnálach a bhaint amach. Riachtanas bunúsach is ea go bhforbródh an Rialtas ráiteas tráchtála ar léiriú intinne ar an ngeilleagar glas agus ar bhunú struchtúr comhordaithe chun na príomhghníomhaithe le déileáil le bacainní beartais a ailíniú. Tá an ráiteas ar léiriú intinne á fhorbairt faoi láthair ag an RPFN ar aon dul le Beart 7.3.1 den *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012*;
- I measc na ngníomhaíochtaí tosaíochta beartais atá aitheanta do chóras níos leithne an Rialtais tá: cur chuige comhordaithe tráchtála a chur i bhfeidhm in earnáil na n-ábhar in-athnuaite; a chinntiú go bhfuil próisis infheistíocht phoiblí agus soláthair sásta glacadh le teicneolaíochtaí nua glasa le heaspórtáil; déileáil le heaspa scileanna ar aon dul le tuarascáil *Riachtanais Scileanna sa Todhchaí d'Fhiontraíocht laistigh den Gheilleagar Glas in Éirinn* (2010) de chuid an EGFSN; comhdhlúthú na bpríomhréimsí de thaighde glas a fheabhsú; agus comhtháthú brandála íomhá ghlas na hÉireann a fheabhsú;

- Is iad na fo-earnálacha tosaíochta a bhfuil na gníomhaireachtaí ag díriú orthu mar na hearnálacha leis an bpoitéinseal is fearr d'fhostaíocht in Éirinn ná fuinneamh in-athnuaite (ar an gcladach, amach ón gcladach, aigéan, gréine agus micrighiniúint); eangacha cliste; earraí agus seirbhísí tíosach ar fhuinneamh; uisce agus fuíolluisce; iompar ísealcharbóin; agus
- Éascaíonn na pleananna gníomhaíochta a bhfuil na gníomhaireachtaí aonair tiomanta dóibh, cruthú fostaíochta sna réimsí tosaíochta sa ghearrthréimhse.

Cuireadh *Straitéis Idighníomhaireachta an Gheilleagair Ghlais* faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus is í an straitéis seo a bhí mar bhonn leis na moltaí faoin nGeilleagar Glas atá le fáil sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012.*

## Agraibhia Glas, Cliste

I rith 2011, d'oibrigh Forfás le roinnt príomhpháirtithe leasmhara in earnáil agraibhia na hÉireann (lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Comhlachas Thionscail Déiríochta na hÉireann, Cumann Comhar-Eagraíochtaí na hÉireann, Bord Bia agus Fiontraíocht Éireann) chun measúnú a dhéanamh, bunaithe ar pheirspictíocht fiontraíochta de, ar na roghanna beartais chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa ón earnáil talmhaíochta a laghdú gan stop a chur leis an earnáil na spriocanna atá sonraithe i dtuarascáil *Food Harvest 2020 an Rialtais a chur i gcrích*. Tharraing an obair seo aird ar roinnt príomh-shaincheisteanna:

- *Sonraítear in Food Harvest 2020* spriocanna suntasacha fáis d'earnáil agraibhia na hÉireann. Trí inbhuanaitheacht a fheabhsú d'fhéadfaí cabhrú leis an earnáil na spriocanna seo a chur i gcrích trí chaighdeán tairgí a fheabhsú, éifeachtacht úsáid ionchur a mhéadú (go háirithe i réimsí dála fuinneamh, leasachán agus beatha) agus cur le brabúsacht agus ioncaim na hearnála agraibhia. Chomh maith leis sin, tá ról tábhachtach ag inbhuanaitheacht feabhsaithe i ndáil le costais a laghdú, go háirithe ó tharla go bhféadfadh tionchar a bheith ag urrús poitéinseal faoi bhealach in éagumas na hÉireann spriocanna laghdaithe astaíochtaí AE a chomhlíonadh trí ghníomhaíocht baile ar iomaíochas costais earnáil agraibhia na hÉireann.
- Dúshlán suntasach é fás na hearnála a dhíchúpláil ó thionchar timpeallachta agus tá tús curtha le roinnt tionscnamh léirithe. D'fhonn déileáil leis an riachtanas cur le haschur ar bhealach pleanáilte agus déine astaíochtaí a laghdú do gach aonad aschuir, tá gá le raon gníomhaíochtaí ag gach leibhéal den slabhra soláthar bia ón bhfeirm go dtí an pláta, chun oibriú i dtreo feirmeacha *Harvest 2020* a fhorbairt mar shamhlacha inbhuanaitheachta.
- Ina theannta sin, tá baint ghníomhach ag fiontair agus ag próiseálaithe i gcórais agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt ar féidir iad a chur i bhfeidhm chun dlús a chur faoi tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht. Is féidir na teicneolaíochtaí agus na seirbhísí seo a chur i bhfeidhm in Éirinn agus is féidir iad a easpórtáil chomh maith céanna chuig margaí suntasacha fáis, margaí a éilíonn córais feabhsaithe ó tharla breis éileamh a bheith ar bhia.

Tá sé tábhachtach go mbeadh comhaontú ann maidir le spriocanna *Food Harvest 2020* a chur i gcrích ar bhealach a laghdaíonn déine astaíochtaí in aghaidh an aonaid aschuir agus a

chuireann le forbairt teicneolaíochtaí agraibhia cliste agus dlútheolais. Ní mór do gach aisteoir ag gach leibhéal d'earnáil agraibhia na hÉireann an poitéinseal a bhaineann le méadú ar aschur in *Food Harvest 2020* a chur in iúl go náisiúnta mar aon le léiriú a thabhairt ar an mbealach ar féidir leas a bhaint as inbhuanaitheacht chun costais a laghdú agus brabúsacht a mhéadú. Tá deis ann Éire a chur chun cinn go hidirnáisiúnta mar ionad feabhais ina bhfuil táirgí, teicneolaíochtaí agus córais feirme inbhuanaithe. Ina theannta sin, tá gá le dreasachtaí a fheabhsú do ghníomhaíochtaí maolaithe san earnáil agraibhia. Príomhthosaíocht sa réimse seo é rolladh amach scéim baile frithháirimh san earnáil talmhaíochta d'fhonn athrú a dhreasú.

## Trádáil

### Tuarascáil Feidhmíochta um Thrádáil agus Infheistíocht

Sonraítear i Straitéis an Rialtais ar Thrádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht, a seoladh i Meán Fómhair 2010, sraith gníomhaíochtaí le haghaidh téarnamh inbhuanaithe gheilleagar na hÉireann, trí fhás dírithe ar easpórtálacha. Ní mór measúnú leanúnach a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí seo i dtéarmaí na spriocanna uaillmhianacha d'fhás easpórtálacha earraí agus seirbhísí agus FDI a chomhlíonadh.

Tarraingítear aird sa tuarascáil *Trádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht ar fhaisnéis sonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta mar aon le suirbhéanna Forfás le tuiscint níos leithne a fhorbairt ar ról na fiontraíochta i seasamh domhanda na hÉireann i ndáil le trádáil, turasóireacht agus infheistíocht a fheabhsú*. Tugtar le chéile ann staitistic faoi thrádáil agus infheistíocht in Éirinn mar aon le hanailís ar féidir í a úsáid mar bhonn le déanamh beartas. Déantar measúnú ann go háirithe ar dhul chun cinn chun na spriocanna atá luaite sa Straitéis Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta a chomhlíonadh, agus is ionann é freisin agus ionchur in obair na Comhairle Trádála Iasachta. Rinneadh dul chun cinn maith in 2011 maidir le spriocanna 2015 d'fhás easpórtálacha dúchasacha, líon turasóirí, tionscadail infheistíochta agus cruthú post nua a chomhlíonadh.

Trádáil agus Infheistíocht i nGeilleagar Cliste

### Príomhthíortha na gComhpháirtíochtaí Geilleagracha

Bhí domhandú agus méadú cumhachtaí nua eacnamaíocha mar bhonn le caidreamh idirnáisiúnta níos casta idir tíortha agus cuideachtaí. Sa todhchaí, ní bheidh ar chumas na hÉireann gníomhú ina haonar agus beidh sé riachtanach oibriú i gcomhar le tíortha eile, go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil, chun comhphacáiste gníomhaíochta a bhaint amach bunaithe ar acmhainn roinnte agus ar láidreachtaí comhlántacha.

I rith 2011, chuir Forfás tús le tionscadal a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar phoitéinseal geilleagair nua agus ardfháis, a bpríomhthosaíochtaí straitéiseacha forbartha agus pleananna trádála náisiúnta agus infheistíochta. Tá réimsí tosaigh deise do chomhoibriú le roinnt tíortha aitheanta, i dtéarmaí nasc eacnamaíoch, lena n-áirítear infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) agus infheistíocht dhíreach amach (ODI), easpórtálacha agus iompórtálacha, T&F, oideachas agus turasóireacht. Tá comhairliúchán forleathan déanta le gníomhaireachtaí ábhartha, ranna rialtais agus gnóthaí chun measúnú a dhéanamh ar dheiseanna straitéiseacha agus chun príomhréimsí gníomhaíochta a aithint. Is ann d'aschuir

an tionscadail seo chun cur le gníomhaíocht reatha gníomhaireachta agus déanfar iad a fhorbairt ag leibhéal straitéiseach amach anseo. Tá an obair curtha i gcrích i gcomhthéacs *Straitéis Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta* an Rialtais. In 2011, is ar an tSín, an India agus an tSeapáin a bheidh an bhéim á leagan.

Bunaithe ar an obair seo, cuirfidh Forfás críoch le plean gníomhaíochta straitéiseach Éire-An tSín faoi lár 2012. Tá sé seo ag teacht le hobair atá déanta ag Forfás, Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, lucht acadúil, an earnáil phríobháideach agus comhpháirtithe de bhunadh na Síne. Tarraingeofar aird ann ar straitéis comhpháirtíochta, lena n-áirítear forbairt trádála, infheistíochta agus earnálacha, tionscadail shuaitheanta agus feabhsuithe ar choinníollacha creatchláir.

## Tionchair Tograí um Léirscaoileadh Trádála d'Éirinn

Mar bhaill den Aontas Eorpach agus den Eagraíocht Dhomhanda Trádála, tá baint lárnach ag Éire le hidirbheartaíochtaí leanúnacha faoi stiúir an Choimisiúin Eorpaigh chun margaí idirnáisiúnta a oscailt amach agus trádáil earraí agus seirbhísí a chur san áireamh. Is é an ról atá ag Forfás anailís a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag bearta molta trádála.

Is iad na haidhmeanna atá leis an obair seo measúnú a dhéanamh, chomh fada agus is féidir, ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag comhaontaithe beartaithe ar an earnáil fiontraíochta in Éirinn, d'fhonn teacht ar thuiscint níos fearr ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag torthaí áirithe na n-idirbheartaíochtaí agus tacú leis an RPFN le hidirbheartaíochtaí ag leibhéal AE maidir le seasamh coiteann a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh i ndáil le teacht ar chomhaontú le tíortha eile agus le grúpaí réigiúnacha.

# Eolas & Nuálaíocht

## Eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht ag obair do ghnó agus d'Éirinn

Níl aon teorannacha leis an nuálaíocht.  Féadann sé eascairt ó sholáthraithe agus chustaiméirí, iomaitheoirí agus fostaithe, in Éirinn nó ar fud an domhain. D'fhéadfadh go mbeadh baint aici le haon ghné den ghnó - táirgí, seirbhísí, feidhmchláir teicneolaíochta, próisis, dearthaí agus struchtúir eagraíochtaí nua nó feabhsaithe.  Tá nuálaíocht ar cheann de na fachtóirí bunúsacha a shocróidh rath fiontar in Éirinn amach anseo.

Cuireann Forfás le cinntiú go gcabhraíonn tionscnaimh bheartais um eolaíocht, theicneolaíocht agus nuálaíocht (STI) le fiontraíocht in Éirinn trí bhunús láidir fianaise a chur le chéile ar féidir comhairle beartais faoi shaincheisteanna lárnacha náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le STI agus trí hanailís a dhéanamh air.

Is muid an ghníomhaireacht Stáit a bhfuil freagracht reachtúil uirthi as comhairle a chur ar an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ar an Rialtas faoin mbeartas um eolaíocht, theicneolaíocht agus nuálaíocht.

Bailímid agus déanaimid anailís ar shonraí ó na suirbhéanna náisiúnta STI a gcuirimid i gcrích.

Glacaimid páirt i mbeartas STI agus i gcláir agus tionscnaimh taighde ar fud an domhain agus éascaímid rannpháirtíocht na hÉireann iontu.

Déanaimid maoirseacht agus measúnú ar chláir náisiúnta agus idirnáisiúnta STI chun cinntiú go bhféadann Éire rannpháirtíocht agus feidhmíocht a uasmhéadú.

Déanaimid bainistíocht ar obair Chomhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil (ACSTI), cuirimid taighde agus anailís ar fáil di agus forbraímid moltaí thar ceann na Comhairle.

## Suirbhéanna T&F

Déanann Forfás suirbhéanna agus bailíonn sé sonraí agus déanann sé anailís orthu chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha agus nuálaíochta in Éirinn. In 2011 san áireamh iontu seo bhí:

- Buiséad Eolaíochta 2010-2011
- Straitéis um Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuálaíocht – Táscairí 2011
- Caiteachas Gnó ar Thaighde agus Forbairt (BERD)

### Soláthar Sonraí Eurostat agus OECD


Tá Éire faoi shainordú de réir dhlí staitistiúil na hEorpa chun sonraí tráthúla faoi T&F in earnálacha éagsúla gheilleagar na hÉireann a chur ar fáil do Eurostat agus don OECD. Is ar bhonn ráithiúil a sholáthraíonn Forfás cuid mhór de na sonraí. Baineann na sonraí le T&F ardoideachais (taighde agus forbairt ardoideachais) (HERD)), caiteachas gnó ar T&F (BERD), ollchaiteachas ar T&F (GERD), caiteachais rialtais ar T&F (GovERD) lena n-áirítear meastacháin T&F bunaithe san ospidéal, agus leithreasaí agus eisíocaíochtaí ar T&F a dtugann an rialtas tacaíocht dóibh (GBAORD). Eascraíonn na sonraí ó shuirbhéanna curtha i gcrích ag Forfás agus an CSO ar BERD (débhliantúil), ar HERD (débhliantúil), ar Bhuiséid Eolaíochta (bliantúil), agus ar an Suirbhé um Nuálaíocht Phobail (débhliantúil).

### An Buiséad Eolaíochta 2010-2011

Déanann an Buiséad Eolaíochta maoirseacht ar mhaoiniú poiblí agus ar fheidhmíocht na hEolaíochta & na Teicneolaíochta (E&T) agus na Taighde & na Forbartha (T&F) atá urraithe ag an Stát agus tá sé mar aidhm aige méadraigh lárnacha feidhmíochta laistigh d'earnáil an Stáit a ghabháil. [6]Suirbhé bliantúil é sin agus tá sé sainordaithe faoi Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh. 753/2004 agus déantar é de réir na sainmhínithe, na rialacha agus na dtreoirlínte atá leagtha amach i Lámhleabhar Frascati de chuid an OECD Ceadaíonn sé sin sraith sonraí coitianta a bhunú ar fud thíortha go léir an OECD agus an AE, rud a éascaíonn comparáidí agus tagarmharcáil níos fearr ar fud an domhain. Bailítear sonraí faoi chaiteachas an rialtais agus ar an líon atá fostaithe i réimse na taighde agus na forbartha. Bhí 37 roinn rialtais i mbun ghníomhaíocht E&T nó T&F de chineál éigin in 2010-2011. Meastar gur tháinig laghdú in 2011 ar an gcaiteachas foriomlán ar eolaíocht, teicneolaíocht, agus taighde agus forbairt tar éis tréimhse d'fhás tapa. Rinneadh ciorruithe ar chaiteachas i go leor réimsí cláir aonair. Tugtar achoimre thíos ar thorthaí lárnacha an tsuirbhé reatha.

6 OECD (2002), Lámhleabhar Frascati: Proposed Standard Practice for Surveys on Research and Experimental Development, OECD, Páras, www.oecd.org/sti/frascatimanual

**Figiúr 7** **Caiteachas Eolaíochta & Teicneolaíochta Iomlán an Stáit, 2002-2011 (€bn.)**




Foinse: Buiséad Eolaíochta 2010-2011 de chuid Forfás

Meastar gur ionann an méid iomlán de chaiteachas poiblí ar E&T sa bhliain 2011 agus €2.369bn. Sa chomhthéacs reatha, is ionann sin agus laghdú 7.0 faoin gcéad ar fhigiúr táirgeachta na bliana 2010 de chuid €2.549bn. Agus boilsciú á thógáil san áireamh, is é an laghdú céatadáin ná 10.1 faoin gcéad.


**Figiúr 8** **Caiteachas Eolaíochta & Teicneolaíochta Iomlán an Stáit mar Chéatadán de chuid OTN, 2002-2011**




Foinse: Buiséad Eolaíochta 2010-2011 de chuid Forfás

Nuair a dhéantar an caiteachas leithdháilte le haghaidh 2011 a ríomh de réir an fhigiúr OTN measta le haghaidh 2011 taispeántar laghdú 0.12 faoin gcéad go déine caithimh E&T de chuid 1.87 faoin gcéad den OTN.

**Figiúr 9 Caiteachas Eolaíochta & Teicneolaíochta Iomlán de réir Gníomhaíochta, 2002-2011 (praghsanna reatha €m)**





Foinse: Buiséad Eolaíochta 2010-2011 de chuid Forfás

Ag féachaint ar na gnéithe éagsúla de chaitheamh an Stáit ar E&T feictear gur tháinig an laghdú ba mhó ar chaiteachas measta in 2011 chun cinn i réimse Oideachas agus Oiliúint E&T. Idir 2010 agus 2011 meastar gur tháinig laghdú ó €1.25bn go €1.03bn ar chaiteachas E&T Státmhaoinithe sa réimse sin. Tá caiteachas i réimse lárnach na taighde agus na teicneolaíochta á choimeád agus maoiniú á laghdú ó €917m go €912m, laghdú imeallach de chuid 0.5 faoin gcéad.

### Comparáid Idirnáisiúnta den T&F (GBAORD) mar Chéatadán den OTI/OTN (2010*)[7]

Tá an Fhionlainn, áit a bhfuil na leithreasaí agus na heisíocaíochtaí ar chaiteachas T&F a dtacaíonn an rialtas leo (GBOARD) cothrom le 1.07 faoin gcéad den OTN, ar cheann de na tíortha OECD is láidre atá ag feidhmiú, agus tagann an Phortaingéil sa dara háit ag 1.02 faoin gcéad den OTN. De réir na sonraí is deireanaí atá ar fáil faoin meándéine GBAORD san AE (27 dtír) meastar go bhfuil sé cothrom le thart ar 0.6 faoin gcéad den OTN, ráta beagáinín níos lú ná ráta na hÉireann.

**Figiúr 10 Comparáid Idirnáisiúnta ar an Meánráta Fáis Bliantúil um T&F, 2005-2010**





Foinse: Buiséad Eolaíochta 2010-2011 de chuid Forfás

Nuair a dhéantar comparáid ar an bhfás ar mheánchaiteachas na hÉireann ar thaighde agus fhorbairt shibhialta ó 2005 i gcomparáid le rogha tíortha eile a bhfuil sonraí ar fáil dóibh taispeántar go bhfuil ráta íseal de 1.5 faoin gcéad i gcaitheamh na tréimhse ag Éirinn, mar atá léirithe i bhFigiúr 10.

Tá ráta fáis na hÉireann ag 1.5 faoin gcéad níos ísle na meánráta an AE (27 faoin gcéad) mar atá 4.6 faoin gcéad i gcaitheamh na tréimhse céanna.

7 OECD – Príomhtháscairí Eolaíochta & Teicneolaíochta, 2010, Iml. 2 [Main Science & Technology Indicators, 2010, Vol. 2]. Tá na sonraí GBAORD uile a úsáidtear sna graif seo mar GBAORD 'sibhialta' .i. eisiatar caiteachas cosanta.

**Figiúr 11** **T&F arna nDéanamh laistigh d'Earnáil an Stáit (GOVERD[8]) - Treocht & mar Chéatadán den OTN, 2002-2011**





Léiríonn an treocht 10-mbliana go bhfuil leibhéil Chaiteachas an Rialtais ar T&F níos ísle mar a bhí riamh agus go bhfuil caiteachas ar T&F arna ndéanamh in earnáil an Stáit laghdaithe ó bhuaicmhéid de €141m in 2007 go dtí an leithdháileadh reatha de €85m (Figiúr 11). I measc na Ranna agus na nGníomhaireachtaí Rialtais a dhéanann T&F tá Teagasc, Foras na Mara agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tá GOVERD mar chéatadán den OTN thar an tréimhse deich-mbliana ó 2002 go 2011 léirithe i bhFigiúr 11 chomh maith. Léiríonn sé sin gur tháinig laghdú ar leibhéal na T&F arna ndéanamh in earnáil an Stáit, mar chéatadán den OTN, ó 0.12 faoin gcéad in 2002 go 0.07 faoin gcéad in 2011.

8 GOVERD –Caiteachas an Rialtais ar T&F

**Figiúr 12** **Pearsanra T&F iomlán de réir Gairme in Earnáil an Rialtais (Headcount, 2009-2011)**




Foinse: Buiséad Eolaíochta 2010-2011 de chuid Forfás

Léiríonn *Buiséad Eolaíochta* de chuid Forfás gur tháinig méadú beag in 2011 ar líon na gcomhaltaí pearsanta atá fostaithe i T&F in institiúidí laistigh d'earnáil an rialtais i gcomparáid leis na figiúir a taifeadadh le haghaidh 2010. Idir 2010 agus 2011 tháinig méadú 5.1 faoin gcéad ar líon na dtaighdeoirí PhD, agus tháinig laghdú 4.8 faoin gcéad thar an tréimhse chéanna ar líon na dtaighdeoirí nach bhfuil PhD acu. Meastar go dtiocfaidh méadú 11.9 faoin gcéad in 2011 ar líon na dteicneoirí i gcomparáid le 2010. Freisin tháinig laghdú 5.5 faoin gcéad in 2011 ar líon na gcomhaltaí foirne tacaíochta taighde.


### Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta - Táscairí 2011[9]

Is é prionsabal na Straitéise Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta[10] (SSTI) ná go bhféadann feabhas sa taighde agus méadú ar nuálaíocht san earnáil fiontraíochta cabhrú le hathstruchtúrú geilleagrach na hÉireann a luathú agus muid a chur i dtreo fáis inbhuanaithe arís. In 2011 d'ullmhaigh Forfás tuarascáil dul chun cinn ar na méadraigh lárnacha san SSTI agus soláthraíonn *Tuarascáil na dTáscairí SSTI* sonraí sonracha chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir lenár n-infheistíocht san STI agus na brabúis inchainníochtaithe ar an infheistíocht sin anuas go dtí seo. Cuirtear san áireamh freisin forbhreathnú ar an réimse gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit a bhfuil cúram leagtha orthu as an straitéis a chur i bhfeidhm. Tá roinnt táscairí lárnacha léirithe anois.

9 Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta - Táscairí [Strategy for Science, Technology and Innovation – Indicators], RPFN & Forfás, Nollaig 2011 http://www.forfas.ie/publication/search.jsp?ft=/publications/2011/title,8702,en.php

10 Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2006 - 2013 [Strategy for Science, Technology and Innovation 2006 - 2013], RFTF, Meitheamh 2006 http://www.djei.ie/publications/science/2006/sciencestrategy.pdf


**Figiúr 13 Ollchaiteachas ar T&F (GERD), €m praghsanna reatha, 1999-2009**




Foinse: CSO/Forfás, díorthaithe ón Suirbhé ar T&F san Earnáil Ghnó, 2009/10; Suirbhé T&F san Earnáil Ardoideachais de chuid Forfás, 2008; Feidhmíocht agus Maoiniú T&F in Earnáil an Stáit 2009/2010 de chuid Forfás.

Tháinig méadú ar GERD ó €2.03bn in 2005 go €2.84bn in 2009. Tá thart ar dhá thrian de GERD á dhéanamh ag tionscal príobháideach in Éirinn, atá cosúil le meán an OECD (69.6% in 2008) agus os cionn meán an AE áit nach bhfuil ach leath den T&F iomlán maoinithe ag an earnáil fiontraíochta. Feidhmíonn an earnáil ardoideachais thart ar 29.4% (17% ar fud an OECD) den iomlán, le 4.3% den iomlán á chaitheamh ag earnáil an Rialtais (is é meánráta an OECD ná 10.9%).

**Figiúr 14: Caiteachas Gnó ar T&F (BERD[11]), 2001-2010,€m, Caiteachas Reatha agus Caipitil**




Foinse: Suirbhé um Chaiteachas Gnó ar T&F 2009/2010 de chuid Forfás/CSO


Léiríonn miondealú ar an gcaiteachas gnó gur caitheadh an cion ba mhó ar chostais reatha, .i. daoine, cé gur fhan infheistíocht chaipitil láidir thar an tréimhse

**Caipiteal Daonna**

Tá an méadú ar an earnáil ceathrú leibhéil (Máistreachtaí agus PhD, Leibhéil 10/11) ag leanúint ar aghaidh. Tá méadú ag teacht ar líon na mac léinn atá ag clárú i gcláir iarchéime Eolaíochta, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta (SET) agus i gcláir sna Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (HSS) in ollscoileanna.

11 Caiteachas Gnó ar Thaighde agus Fhorbairt 2009/10 (BERD), CSO & Forfás, Aibreán 2011

**Figiúr 15 Céimithe PhD ó Ollscoileanna 2005 & 2010 (Instit. Teicneolaíochta 2010)**





Foinse: Anailís Forfás ar shonraí Rollaithe Mac Léinn an HEA

Tháinig méadú ar líon na gcéimithe PhD ó 774 in 2005 go 1,153 in 2010 ó earnáil na hollscoile (+48%). Tháinig méadú de 34% thar an tréimhse ar chéimithe PhD SET de réir na sprice sa SSTI ó 576 in 2005 go 776 in 2010 (96.8% de sprioc an SSTI mar atá 801), le 56 chéimí SET eile ó earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta (IT). I ndisciplíní HSS, tháinig méadú ar líon na gcéimithe PhD ó 198 in 2005 go 377 in 2010 ó earnáil na hollscoile, is ionann sin agus méadú 90% i gcomparáid le 2005, (33.6% chun tosaigh ar sprioc an SSTI de chuid 282). Lena chois sin bhí 13 chéimí PhD HSS ón earnáil IT in 2010.

### Táscairí ar Ghníomhaíocht T&F

Léiríonn na táscairí méadú ar ghníomhaíocht T&F le linn thréimhse na *Straitéise Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta*. Tháinig méadú suntasach ar chomhaontuithe ceadúnais idir eagraíochtaí taighde atá tacaithe ag tionscal agus ag an bpobal le linn na tréimhse 2005 go 2009 ach tháinig laghdú beag in 2010.

**Figiúr 16** **Comhaontuithe Ceadúnais idir Ghnólachtaí agus Eagraíochtaí Taighde Phoiblí, 2005-2010**




Foinse: Fiontraíocht Éireann

**Conclúidí**

- Tugann an fhianaise iomlán le tuiscint nach bhfuil aon amhras ach gur chabhraigh na méaduithe leanúnacha ar ionchuir agus aschuir taighde poiblí agus príobháidí ó 2008-2009 le daingne onnmhairí agus bunús níos leithne d'fhiontair agus dul i mbun ghníomhaíocht T&F agus nuálaíochta agus méadú ag teacht ar leibhéal déine na T&F i bhfiontair.
- Comharthaíonn na sonraí is déanaí don tréimhse 2010-2011, áfach, go ndearnadh roinnt gearrtha siar ar chaiteachas poiblí agus go raibh roinnt measarthachta i gceist maidir le bearta aschuir. Cé gur féidir é sin a thuiscint i bhfianaise an gheilleagair reatha, rachadh níos mó maolaithe ar R&D atá maoinithe ag an bpobal i bhfeidhm ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le hacmhainn nuálaíochta a mhéadú ar leibhéal comhlachtaí agus ar fheidhmíocht onnmhairí mar gheall ar an gcaidreamh láidir idir na hathróga sin go dtí seo.
- Ní mór d'Éirinn leanúint ar aghaidh leis an rian fáis leanúnach i gcaiteachas dúchasach T&F, i ndéantúsaíocht ach go háirithe, chun go mbeidh sí in ann margaí onnmhairí a bhaint amach.
- Is léir ó na sonraí freisin go leanann fás ar aschur agus onnmhairí ar aghaidh sna hearnálacha nua-aimseartha agus sna hearnálacha a dhéanann T&F le linn chúlú eacnamaíochta. Tá méadú tagtha ar líon na ngnóthas atá ag tabhairt faoi T&F agus ar a gcuid déine T&F, i dtreo na meán earnálach idirnáisiúnta, ach tá níos mó dul chun cinn ag teastáil chun feidhmíocht ar leibhéal gnóthais a thógáil go gcaighdeán na n-iomaitheoirí ar fud an domhain. Tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíocht tráchtálaithe ag institiúidí ardoideachais. Tá Éire de réir sprice chun méadú ar aschuir caipitil dhaonna a bhaint amach, agus an t-aschur eolaíochta agus innealtóireachta ag cloí leis an sprioc don bhliain 2009 agus chun tosaigh ar an sprioc le haghaidh na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta.
- Tháinig laghdú i gcomparáid le 2008 ar aschuir taighde san earnáil phoiblí. Is cosúil go rachaidh tionchar moillithe na laghduithe deireanacha ar chaiteachas i bhfeidhm freisin

ar aschuir sa todhchaí. Tá feabhas ag teacht ar iomaíochas idirnáisiúnta na taighde agus méadú tagtha ar thionchair luanna agus tá maoiniú FP7 an AE de réir sprice le haghaidh €600m go dtí 2013.

### Caiteachas Gnó ar Thaighde agus Forbairt (BERD)

Suirbhé débhliantúil ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha fiontar in Éirinn é an Suirbhé um *Chaiteachas Gnó ar Thaighde agus Forbairt 2009/2010* (BERD). Éilítear an suirbhé BERD faoi Dhlí Choimisiún an AE. Bhailigh an suirbhé faisnéis faoi ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha fiontar thar gach earnáil ghnó den gheilleagar agus is iad Forfás i dteannta leis an CSO a dhéanann é chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht maidir le bailiú sonraí staitistiúla agus chun an t-ualach ar na fiontair rannpháirteacha a laghdú. Scaoileadh na torthaí deireanacha le haghaidh 2009 agus meastacháin le haghaidh 2010 sa suirbhé reatha a tugadh chun críche in Aibreán 2011.

Comharthaíonn na torthaí gur chaith fiontair thar gach earnáil ghnó beagnach €1.87bn ar T&F in Éirinn in 2009, agus is iad na meastacháin le haghaidh 2010 ná €1.83bn. Bhain beagnach 83 faoin gcéad den chaiteachas go léir in 2011 le caiteachas reatha, agus fiontair ag caitheamh €947 milliún ar chostais saothair agus €595 milliún ar chostais reatha eile. Chaith fiontair €222 milliún ar uirlisí agus threalamh (gan bogearraí a áireamh) i dteannta le beagnach €50 milliún ar chostais talún agus fhoirgnimh. Caitheadh beagnach €24 milliún ar íocaíochtaí le haghaidh ceadúnas chun táirgí intleachta a úsáid, agus caitheadh beagnach €28 milliún ar bhogearraí a ceannaíodh chun críocha T&F amháin, i dteannta le €2.7 milliún ar fhorbairt bogearraí intí agus arna n-úsáid intí. Bhí beagnach 15,800 duine i mbun T&F in Éirinn in 2009. Bhí 8,960 taighdeoir ann, a raibh 1,639 díobh fostaithe mar thaighdeoirí a raibh cáilíocht PhD acu, chomh maith le 3,572 teicneoir 3,241 comhalta foirne tacaíochta. Bhí 11,959 comhalta foirne taighde Coibhéise Lánaimseartha (FTE) in Éirinn in 2009. Taighdeoirí a raibh cáilíocht PhD acu a bhí i mbeagnach 1,500 de na FTEnna sin, agus bhí níos mó ná 6,250 taighdeoir FTE eile ann.

Bhí beagnach 1,300 fiontar i mbun T&F in Éirinn in 2009. Chaith níos mó ná dhá thrian de na fiontair go léir suas le €500,000 ar ghníomhaíochtaí T&F, agus chaith thart ar 10 faoin gcéad €2 mhilliún nó níos mó.

## Beartú Tosaíochta Taighde

Bhunaigh an Rialtas an Grúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde i Meán Fómhair 2010. Leagadh cúram ar na ngrúpa as roinnt réimsí tosaíochta a aithint a bhféadfaí infheistíocht phoiblí i dtaighde agus forbairt (T&F) a dhíriú iontu sna blianta amach romhainn. Sna deich mbliana roimhe sin rinneadh infheistíocht phoiblí agus phríobháideach ar leibhéal mór agus comhsheasmhach san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht agus sa Nuálaíocht (STI) agus measadh go raibh sé in am cur leis na láidreachtaí a d’eascair ón infheistíocht sin agus infheistíocht amach anseo a dhíriú sna réimsí is mó is cosúil go mbeidh tionchar acu ar an ngeilleagar. Iarradh ar an ngrúpa sa bhfuil seacht mball déag ann, agus a bhfuil Jim O’ Hara ina chathaoirleach air, tuairisc a thabhairt faoi Mheán Fómhair 2011.

Mar rúnaíocht don ghrúpa, thug Forfás faoi anailís fhairsing chun tacú leis an gcleachtadh náisiúnta um beartú tosaíochta taighde agus rinne sé bainistíocht ar chlár fairsing de rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.




## Grúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde

Sa phictiúr tá (ar chúl c-d) Martin Shanagher, Sean Dorgan, an tOll. Brian McCraith, an Dr Tom McCarthy, an Dr Alastair Glass, Ian Quinn, an tOll. Nicholas Canny, Maurice Roche. Chun tosaigh (c-d) Martin Naughton, Kevin McCarthy, Marion Coy, Jim O'Hara, Martin D. Shanahan, an tOll. Frances Ruane, an tOll. Patrick Cunningham. Comhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha nach bhfuil sa phictiúr: an tOll. Frank Convery agus Brian J Hayes.

Seo a leanas a rinne an grúpa:

- Bhunaigh sé meithleacha oibre téamacha chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus réimsí tosaíochta a mholadh don Ghrúpa Stiúrtha;
- D'aontaigh sé ar shraith critéar le húsáid ar bhonn comhsheasmhach thar gach ceann de na meithleacha oibre téamacha chun na réimsí tosaíochta a aithint; agus
- Bhunaigh sé cuid mhór faisnéise trí staidéir fhoirmiúla agus trí rannpháirtíocht struchtúrach páirtithe leasmhara chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid is a chomhlíon na réimsí molta na critéir chomhaontaithe.

Tá na ceithre chritéar ardleibhéil arna n-úsáid ag gach ceann de na meithleacha oibre téamacha leagtha amach thíos:

| | |
|---|---|
| 1 | Baineann an réimse tosaíochta le margadh nó margaí domhanda móra a bhfuil fiontair bunaithe in Éirinn san iomaíocht iontu cheana féin nó a bhféadann siad dul san iomaíocht go réadúil iontu |
| 2 | Tá T&F arna ndéanamh go poiblí in Éirinn riachtanach chun leas a bhaint as an réimse tosaíochta agus déanfaidh siad taighde agus nuálaíocht san earnáil phríobháideach in Éirinn a chomhlánú |

| | |
|---|---|
| **3** | Tá láidreachtaí (a ndéantar a thomhas go hoibiachtúil) cruthaithe ag Éirinn nó tá siad á gcruthú aici i ndisciplíní taighde atá ábhartha don réimse tosaíochta |
| **4** | Léiríonn an réimse tosaíochta cur chuige oiriúnach i dtreo dúshláin atá aitheanta go náisiúnta agus/nó dúshláin domhanda ar cheart d'Éirinn tabhairt faoi |

Tar éis plé agus dul i ngleic arís le páirtithe leasmhara maidir le moltaí na meithleacha oibre téamacha, chuir an Grúpa Stiúrtha a thuarascáil faoi bhráid an Rialtais. D'aithin an Grúpa Stiúrtha ceithre cinn déag de réimsí tosaíochta (féach thíos) a ndíreofar T&F arna ndéanamh go poiblí in Éirinn orthu le haghaidh na gcúig bliana amach romhainn. Tá na réimsí tosaíochta tacaithe ag taighde thar go leor réimsí agus tá cuid de na hardáin tábhachtacha eolaíochta agus teicneolaíochta atá mar bhuntaca dóibh aitheanta sa tuarascáil. D'aithin an Grúpa Stiúrtha freisin an ról tábhachtach atá ag taighde chun críocha beartais, agus taighde chun críocha eolais, i gcóras STI atá inmharthana agus a fheidhmíonn go maith. Chun tionchar geilleagrach na taighde agus na forbartha arna ndéanamh go poiblí a bhrostú, rinne an Grúpa Stiúrtha trí mholadh déag maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht an chóras maoinithe.

## Réimsí Tosaíochta

| Réimsí Tosaíochta | Cur Síos |
|---|---|
| **Cumarsáid agus Gréasáin na Todhchaí** | Dul i ngleic leis na dúshláin mar atá inscálaitheacht, acmhainn, tréchur, soghluaisteacht agus iontaofacht an idirlín, lena n-áirítear na nithe seo a leanas a úsáid:<br>▪ Bainistíocht Gréasán agus Seirbhísí – conas is fearr an gréasán a bhainistiú agus a sheirbheáil i bhfianaise éileamh nua ó fhearais agus fheidhmchláir.<br>▪ Cumarsáidí Seasta, Soghluaiste agus Gan Sreang– Ceangal agus comhoibriú a chumasú. |
| **Anailísíocht, Bainistíocht, Slándáil agus Príobháideachas Sonraí** | Sonraí a iompú go faisnéis agus sa deireadh go heolas ar féidir leas eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint as. Tá dhá ghné mhóra ag baint leis:<br>▪ Anailísíocht Sonraí agus Bainistíocht Sonraí – Sonraí a bhainistiú mar acmhainn agus iad a iompú go faisnéis úsáideach.<br>▪ Slándáil agus Príobháideacht – Faisnéis a chosaint agus sonraí a rialáil. |
| **Ardáin, Ábhar agus Feidhmchláir Dhigiteacha** | Táirgí agus seirbhís a fhorbairt agus a sheachadadh chun táirgiúlacht na fiontraíochta agus cáilíocht na beatha a fheabhsú. Áirítear ann:<br>▪ Ábhar Digiteach agus Feidhmchláir– forbairt ábhair agus forbairt feidhmchlár i réimsí mar ríomhchluichiú, ríomhchluichíocht agus ríomhthurasóireacht.<br>▪ Comhéadan innill-daonna, ilmheáin, timpeallacht um chruthú seirbhísí ilmhódacha. |
| **Maireachtáil** | Díriú ar theicneolaíochtaí a éascaíonn cúram sláinte a sheachadadh agus a |

| | |
|---|---|
| **Neamhspleách & Sláinte Chónasctha** | chabhraíonn le maireachtáil go cianda, ag aistriú bhéim an chúraim go dtí an t-othar ina dteach féin. Féadann teicneolaíochtaí um shláinte chónasctha agus maireachtáil neamhspleách seachadadh chúram agus sheirbhísí sláinte ar fud an domhain a athrú chun feabhais, trí hualaigh ar chórais sláinte a laghdú agus feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála agus neamhspleáchas ár gcuid daonraí aosaithe. Tá an réimse sin i mbun forbartha agus tá deis ann Éire a bhunú mar ionad profa um réitigh sláinte cónasctha. |
| **Feistí Leighis** | Trí sheasamh na hÉireann mar mol um feistí leighis a neartú níos mó, trí láidreachtaí reatha na fiontraíochta agus na taighde a chuimsiú agus trí fhorbairt agus dhéantúsaíocht na chéad ghlúin eile d'fheistí leighis a stiúradh anseo. |
| **Diagnóisic Leighis** | Cinntiú go mbaintear lántairbhe as láidreachtaí taighde a forbraíodh thar na deich mbliana seo caite d'infheistíocht. D'fhorbair Éire acmhainn mhór taighde i raon leathan réimsí a thacaíonn le forbairt na diagnóisice, lena n-áirítear taighde bhithleighis, nanaitheicneolaíocht, ábhair agus fótónaic agus ba cheart deiseanna um thráchtálú i réimsí fáis atá i mbun forbartha mar leigheas pearsantaithe/diagnóisic chomhghabhálach; diagnóisic a bhaineann le cothú; diagnóisic tréidliachta, feistí pointe cúraim agus feidhmchláir i sláinte chónasctha, a chur chun cinn trí hinfheistíocht agus/nó chomhordú spriocdhírithe. |
| **Teiripic** | Inniúlacht agus gníomhaíocht a fhorbairt i réimsí taighde, teicneolaíochta agus forbartha réamhdhéantúsaíochta chun freagra a thabhairt ar ghá an tionscail le tacaíocht, agus chun cinntiú go mbeidh céimithe ar fáil a fhostófar in oibríochtaí forbartha intí. Maidir le seachadadh drugaí tá deis ann cuideachtaí dúchasacha a fhorbairt a bheidh bunaithe ar chórais nuálaíochta um sheachadadh drugaí, agus tá acmhainn mhór fiontraíochta agus taighde ag Éirinn. |
| **Bia na Sláinte** | Forbairt a dhéanamh ar an acmhainn chun bianna nó ábhair fheidhmiúla a fhorbairt agus a tháirgeadh in Éirinn. Is é an dúshlán atá i gceist ná cuimsiú iomlán an bhonn taighde agus na fiontraíochta a chinntiú agus aimsiú, forbairt agus seachadadh ábhair agus bianna feidhmiúla nua a chumasú. |
| **Táirgeadh agus Próiseáil Bia Inbhuanaithe** | Inbhuanaithe, iomaíoch agus éifeachtúil:<br>▪ Táirgeadh agraibhia lena n-áirítear úsáid talún & foraoiseacht a bharrfheabhsú;<br>▪ Muirí – saothrú éisc fhiáin & dobharshaothrú; agus<br>▪ Próiseáil bia lena n-áirítear bianna sábháilte breisluacha agus nuálaíocha a dhéanamh. |
| **Fuinneamh Inathnuaite Muirí Easchósta** | Éire a bhunú mar mhol taighde, forbartha agus nuálaíochta chun teicneolaíochtaí & seirbhísí fuinnimh inathnuaite muirí easchósta a fhorbairt agus chun tionscail luathchéime um fuinneamh muirí & TFC muirí a fhorbairt. Trínár gcuid acmhainní muirí a thráchtálú d'fhéadfadh Éire |

| | |
|---|---|
| | bheith ina glaneaspórtálaí fuinnimh. |
| **Eangacha Cliste & Cathracha Cliste** | Eangacha cliste agus cathracha cliste a fhorbairt agus úsáid á baint as sraith teicneolaíochtaí lena n-áirítear bogearraí, crua-earraí braiteora agus córais rialaithe agus comhéadain. |
| **Iomaíochas Déantúsaíochta** | Córais bhainistíochta teicneolaíochta agus eolais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun costais a laghdú, diomailt a dhíbirt agus feabhas a chur ar cháilíocht táirgí le haghaidh iomaíochas mhéadaithe. |
| **Teicneolaíochtaí Próiseála agus Ábhair Núíosacha** | Feabhas a chur ar chumais i dteicneolaíochtaí agus in ábhair phróiseála chun coimeád iomaíoch sa déantúsaíocht ardteicniúil, ard-bhreisluacha. |
| **Nuálaíocht i Seirbhísí agus i gCleachtais Ghnó** | Cur ar chumas na hearnálacha déantúsaíochta agus seirbhíse freagra a thabhairt ar thábhacht mhéadaitheach na seirbhísí agus nuálaíocht a éascú i dtairiscint agus seachadadh seirbhísí agus i gcleachtais ghnó. |

Tar éis mholtaí an Ghrúpa Stiúrtha, d'aontaigh an Rialtas go ndíreofar cistiú a dheonófar ar bhonn iomaíoch le haghaidh taighde arna déanamh in earnáil an ardoideachais agus in eagraíochtaí taighde poiblí ar na réimsí a aithneoidh an grúpa, agus go bhfágfar raon feidhme chun taighde eile a shaothrú atá dírithe ar bheartas agus bunaithe ar fhianaise.



## Ag Iompú Dea-Smaointe go Poist

Sa phictiúr ag seoladh na Tuarascála de chuid an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde tá; Richard Bruton, T.D., Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Sean Sherlock, T.D., Aire Taighde agus Nuálaíochta agus Jim O'Hara, Cathaoirleach an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde

Nuair a foilsíodh an tuarascáil, d'fhógair an Rialtas go rabhthas chun Grúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta a bhunú, a mbeidh an tAire Sherlock ina chathaoirleach air agus a dtabharfaidh Forfás tacaíocht dó, agus a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i bhfeidhm mholtaí na tuarascála. Cuimseoidh comhaltaí an Ghrúpa, a thabharfaidh tuairisc don Choiste Comh-Aireachta ar Théarnamh Geilleagrach agus Phoist, gach Roinn agus gníomhaireacht Rialtais atá freagrach as buiséid taighde.

Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde

## Beartas Taighde agus Nuálaíochta Idirnáisiúnta

Glacann Forfás páirt i bhfóraim ardleibhéil ar bheartas taighde agus nuálaíochta idirnáisiúnta ar leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta chun tuairimí na hÉireann a thabhairt thar ceann an RPFN. I measc na bhfóram sin tá an Coiste um an Limistéar Taighde Eorpach (ERAC) agus Coiste an OCED um Beartas Eolaíochta agus Teicneolaíochta (CTSP) áit a dtugann Forfás tuairim na hÉireann ar bheartas fiontraíochta, agus a gcoimeádann agus a méadaíonn sé a chuid eolais sa réimse chun forbairt beartas ábhartha a fheabhsú.



### Tugann an Coimisinéir Máire Geoghegan-Quinn cuairt ar Forfás

In 2011, chuir Forfás fáilte roimh an gCoimisinéir Máire Geoghegan-Quinn chun labhairt faoi thionscadail ag cur leis an gclár oibre fiontair, taighde agus nuálaíochta in Éirinn. Sa phictiúr (c-d): an Dr Jacqueline E M Allan, Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, an Coimisinéir Geoghegan Quinn agus Karen Hynes.

### Ag déanamh ionadaíochta ar Éirinn ar an gCoiste um an Limistéar Taighde Eorpach (ERAC)

Bunaíodh an Coiste um an Limistéar Taighde Eorpach, ar tugadh CREST air roimhe sin, in 2010 agus tá sé ina choiste comhairleach straitéiseach a chabhraíonn leis an gCoimisiún Eorpach agus le Comhairle an Aontais Eorpaigh lena gcuid oibre i réimse na taighde agus na forbartha teicneolaíochta. Tá ról láidir ag ERAC maidir le comhairle a chur ar an gCoimisiún agus an gComhairle i réimsí mar Chreatchláir TFT an AE (FP7 agus Horizon 2020), Creat an ERA agus na tosaíochtaí TFT&N um Uachtaránacht an AE. Déanann Ardstiúrthóir Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Thaighde agus Nuálaíocht cathaoirleacht air.

Glacann Forfás páirt in ERAC leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN), agus tugann sé tosaíocht áirithe i gcónaí don nasc idir taighde agus nuálaíocht, rud atá aitheanta go maith anois i mbeartas nua an AE, agus áitíonn sé ar a shon. Téann Forfás, i dteannta leis an RPFN agus lena chuid gníomhaireachtaí eile, i gcomhairle ar bhonn leanúnach le páirtithe leasmhara lárnacha maidir le saincheisteanna beartais lárnacha a phléitear san ERAC chun cinntiú go gcuirtear tuairimí na hÉireann agus fhiontair na hÉireann in iúl ar leibhéal na hEorpa agus go gcoimeádtar pobal na hÉireann ar a eolas faoi fhorbairtí Eorpacha.

Ag an gComhairle Iomaíochais i bhFeabhra 2011, thug Airí gealltanas go mbainfeadh ballstáit an Aontais Eorpach an Limistéar Taighde Eorpach (ERA) amach faoi 2014. Léiríonn an cinneadh seo an príomhthosaíocht i sainchúram an Choimisinéara um Thaighde agus Nuálaíocht, an Coimisinéir, Máire Geoghegan-Quinn, “chun céim dheimhneach chun tosaigh a thabhairt chun an Limistéar Taighde Eorpach a thógáil”.

Is iad cuspóirí an ERA aghaidh a thabhairt ar na riachtanais i ndáil le:

- Acmhainní daonna den chéad scoth a sholáthar le haghaidh taighde agus margadh saothair Eorpach aonair atá oscailte, tarraingteach agus iomaíoch.
- Oibriú trasteorann taighde, taighdeoirí agus institiúidí taighde laistigh den AE (maoiniú taighde san AE a chomhordú agus a chuimsiú) a éascú.
- Bonneagair den chéad scoth a fhorbairt agus a chothabháil, agus rochtain orthu a chinntiú.
- Scaipeadh an eolais laistigh den AE agus lastall a fheabhsú.
- Cur ar chumas an AE bheith ina chomhpháirtí straitéiseach tarraingteach chun dul i mbun comhoibrithe éifeachtaigh idirnáisiúnta.
- Straitéis éifeachtach iomlán um beartas taighde an AE a chinntiú ar bhealach comhordaithe ar leibhéal na mballstát agus an AE agus idir na ballstáit.

Tá obair ullmhúcháin á déanamh ag an gCoimisiún Eorpach chun an ERA a bhaint amach lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar na bacainní féideartha go léir a thagann salach fós ar chríochnú tráthúil an ERA agus ar na gníomhartha go léir a d'fhéadfaí a ghlacadh chun deireadh a chur leis na bacainní sin . Tá sé an-tábhachtach go leanfadh Éire ar aghaidh ag glacadh páirte sa ERA agus go mbeadh tionchar aici ar fhorbairt an Limistéir chun cinntiú go réitíonn cuspóirí, beartais agus cistiú na hÉireann leo siúd atá ag an Eoraip. Chun cabhrú le beartas a fhorbairt i leith an ERA ar leibhéal na hEorpa, tugadh cuireadh do Forfás, thar ceann na hÉireann, dul isteach i mbord stiúrtha leathnaithe an ERAC agus ghlac sé páirt i bhforbairt a dhéanamh ar Thuairim an ERAC ar Chreat ERA (ERAC 1215/11, 9 Nollaig 2011) mar a d'iarr Airí i mBealtaine 2011, lenar áiríodh gníomhú mar rapóirtéir do sheimineár pháirtithe leasmhara an ERAC chun an comhairliúchán poiblí ar an gCreat ERA, a reáchtáladh ar an 13 Meán Fómhair.

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Eorpach togra a dhéanamh i lár 2012 le haghaidh Chreat ERA, a úsáidfidh an AE chun comhordú a dhéanamh ar a chuid gníomhaíochtaí go léir i dtaighde agus i bhforbairt theicneolaíochta agus nuálaíocht in 2014-2020 agus chun tacú leo, lena n-áirítear an timpeallacht don chlár maoinithe nua um thaighde agus nuálaíocht, Horizon 2020 (féach leathanach 72).

### Gníomhaíochtaí Comhair Idirnáisiúnta

I dteannta le páirt a ghlacadh san ERAC, bhí Forfás ina rannpháirtí i bhFóram Straitéiseach an AE um Chomhar Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (SFIC) sa chéad leath de 2011 agus i gCoiste an OECD um Beartas Eolaíochta agus Teicneolaíochta (CSTP).

Cumraíocht thiomnaithe den Choiste um an Limistéar Taighde Eorpach (ERAC) atá san Fhóram Straitéiseach um Chomhar Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (SFIC) agus é mar aidhm aige éascú a dhéanamh ar fhorbairt, chur i bhfeidhm agus mhaoirseacht bhreise ar an ngné idirnáisiúnta den Limistéar Taighde Eorpach. Is é atá i gceist lena chuid oibre den chuid is mó ná roinnt eolais agus comhairliúchán idir ballstáit, tíortha gaolmhara agus an Coimisiún chun tosaíochtaí coitianta a aithint, i dtaobh tríú tíortha, a d'fhéadfadh go n-eascródh tionscnaimh chomordaithe nó comhthionscnaimh astu. Tá SFIC comhdhéanta d'ionadaithe ardleibhéil ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach. Sa chéad leath de 2011, ghníomhaigh Forfás mar thoscaire na hÉireann don SFIC thar ceann an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus tugadh an ról don RPFN sa dara leath den bhliain. Thar ceann na hÉireann

thacaigh Forfás le togra an SFIC chun díriú ar an tSín, ar SAM, ar an mBrasaíl agus an India mar thíortha lárnacha chun gníomhaíochtaí comhair a dhíriú orthu.

Déanann CTSP an OECD comhar idirnáisiúnta agus comhordú beartais a chur chun cinn i réimsí de bheartas STI ar leibhéal domhanda idir os cionn 30 tír lena n-áirítear SAM, an AE, an tSeapáin agus an Chóiré. Chomh maith leis sin téann Forfás i ngleic lena chuid Meithleacha Oibre ar Nanaitheicneolaíocht (WPN); ar Bheartas Nuálaíochta agus Teicneolaíochta (TIP) agus le bonneagar taighde agus TFT&N domhanda (an Fóram Eolaíochta Domhanda).

### Rannpháirtíocht ar Fhóram Idirnáisiúnta um Infreastruchtúr Taighde agus Eolaíocht Domhanda

Chun taighde agus forbairt ardchaighdeáin a dhéanamh in Éirinn, lena n-áirítear obair chomhoibritheach idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, tá sé riachtanach go gcuirfí infreastruchtúr taighde oiriúnach ar fáil lena n-áirítear r-infreastruchtúr agus go dtabharfaí rochtain air . I bhfianaise an mhéid infheistíochta náisiúnta a rinneadh san eolaíocht agus sa teicneolaíocht anuas go dtí seo agus an tiomantais leanúnaigh don todhchaí, tá sé tábhachtach go mbeadh taighdeoirí na hÉireann in ann rochtain a fháil ar an infreastruchtúr is oiriúnaí dá gcuid oibre, bíodh go bhfuil sé sin in Éirinn nó thar lear. Cuireann rannpháirtíocht san Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Taighde (ESFRI) ar chumas Forfás agus an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA), mar chomhthoscairí náisiúnta, malartú agus scaipeadh eolais a chothú agus éascú a dhéanamh ar chinntí náisiúnta agus Eorpacha ar leibhéal beartais maidir le hábhair a bhaineann le hinfreastruchtúr taighde na hEorpa.

I rith 2011 d'óstáil na comhthoscairí náisiúnta cruinnithe ráithiúla d'ionadaithe institiúide, gníomhaireachta agus rialtais chun plé a dhéanamh ar stádas thionscadail an ESFRI ar threochlár an ESFRI a bhfuil Éire rannpháirteach iontu, chun dea-chleachtas a mhalartú agus chun dul i ngleic le haon saincheisteanna a tháinig chun cinn ó thaobh an bheartais náisiúnta nó Eorpaigh. Éascaíonn rannpháirtíocht Forfás an ceangal idir clár oibre an tionscail agus cinntí atá á ndéanamh faoi infreastruchtúr ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

## Comhairle Chomhairleach don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

Is í an Chomhairle Chomhairleach don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ACSTI) comhlacht comhairleach ardleibhéil an Rialtais ar shaincheisteanna beartais eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta (STI) agus tá sí mar fho-Bhord de chuid Forfás.

Tá sí ar an bpríomhidirghabhálaí idir páirtithe leasmhara agus déantóirí beartais sa réimse STI. Is é cúram na Comhairle ná cur le straitéis náisiúnta chomhtháite agus éifeachtach le haghaidh STI a fhorbairt agus a sheachadadh agus comhairle a chur ar an Rialtas ar bheartas meántéarmach agus fadtéarmach um STI.

Riarann Forfás obair an ACSTI agus soláthraíonn sé í le taighde agus anailís. Is é Bord Forfás a cheapann an ACSTI. In 2011 dhírigh an Chomhairle ar na réimsí seo a leanas:

- Inbhuanaitheacht na Lárionad Taighde
- Forbairt an Chreatchláir Nua um Thaighde agus Nuálaíocht, Horizon 2020
- Aighneacht chuig an gCleachtadh Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde

## Inbhuanaitheacht na Lárionad Taighde

Tháinig forbairt thapa le deich mbliain anuas ar phunann na lárionad taighde a dtugann an Stát tacaíocht dóibh mar thoradh ar mhaoiniú mór ag roinnt ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais agus ag na hinstitiúidí ardoideachais agus tá sí mar chuid shuntasach anois den bhonn taighde a mhaoinítear go poiblí. Tá réimse leathan de shamhlacha cistithe éagsúla le feiceáil i dtírdhreach na lárionad taighde in Éirinn.

Fuarthas i dtuarascáil an ACSTI, *Inbhuanaitheacht na Lárionad Taighde,* go bhfuil réimse leathan saincheisteanna ann maidir le hinmharthanacht lárionad taighde. Baineann siad siúd le meascán agus próifíl na lárionad taighde sa tírdhreach, leis an ngá le maoirseacht ar an tírdhreach chun ceanglais TF&N a chomhlíonadh agus leis an ngá le samhlacha maoinithe chun inmharthanacht na lárionad aonair a bhaint amach. Faightear sa staidéar freisin go bhfuil bearna ann i dtírdhreach reatha na lárionad taighde a dtugann an Stát tacaíocht dóibh i gcomparáid le dlínsí eile nach mór dul i ngleic leis chun tacú go hiomlán leis na deiseanna tráchtála a eascraíonn ó thaighde.

Tá na moltaí atá leagtha amach sa tuarascáil dírithe ar an mbrabús ar infheistíocht an Stáit i lárionaid taighde amach anseo a bharrfheabhsú. Tá siad bunaithe ar an mbunús nach bhféadann na lárionaid go léir leanúint orthu gan chríoch agus nár cheart go mbeadh orthu déanamh amhlaidh, ach gur cheart iad a mhaoiniú ar bhealach a chuireann ar a gcumas forbairt agus a gcuid aschur ionchais a bhaint amach, ar bhealach inmharthana. Tugtar fís sa tuarascáil do thírdhreach na lárionad taighde amach anseo, creat chun í sin a thabhairt chun saoil trí mhaoirseacht ar an tírdhreach agus shraith de threoracha um shamhlacha maoinithe.

### Príomhthorthaí

### Tírdhreach an Lárionaid Taighde

- Trí lárionaid na hÉireann a chatagóiriú de réir a misin lárnaigh déantar soláthar do theanga níos simplí ar féidir a úsáid chun tréithe thírdhreach na lárionad taighde a phlé – sa chóras poiblí agus ar bhealach tábhachtach, le páirtithe leasmhara. Moltar go n-aithneodh páirtithe leasmhara go dtagann an tsraith reatha de lárionaid a dtugann an Stát tacaíocht dóibh faoi aon cheann de na ceithre ghrúpa seo a leanas: ionaid acadúla, ionaid acadúla-tionscail, ionaid dírithe ar thionscal, ionaid dírithe ar mhisean & earnáil.
- Ar mhaithe le soiléireacht tá sé riachtanach go gcuirfí in iúl go soiléir an bhéim ar an gcothrom idir aschuir acadúla agus tráchtála a bhfuil lárionaid éagsúla ag súil léi. Mar sin, moltar go bhforbrófaí sraith choitianta táscairí le haghaidh na lárionad agus go leagfaí spriocanna tácaire le haghaidh gach lárionaid a chomharthaíonn go soiléir an cothrom idir méadraigh acadúla agus tráchtála.
- Tá maoiniú dóthanach le haghaidh lárionad ag teastáil chun leibhéal scála oiriúnach a bhaint amach chomh maith leis an tsraith oiriúnach scileanna chun tacú le cumas an lárionaid a chuid deiseanna a uasmhéadú chun a chuspóirí taighde a chomhlíonadh. I bhfianaise an staid airgeadais reatha in Éirinn meastar go mbainfear amach na brabúis is fearr agus is féidir ar infheistíocht an Stáit i lárionaid taighde trí mhaoiniú dóthanach a thabhairt dó líon níos lú ionad, seachas na buiséid mhaoinithe srianta a scaipeadh an iomarca.
- Ar bhunús ionchur ó thionscal, agus treoir á tógáil ó ionaid chomparadóra, is cosúil go bhfuil forbairt eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta (RTOnna) mar chuid nádúrtha den dul chun cinn maidir le córas cothrom nuálaíochta náisiúnta. Tá RTOnna dírithe ar thaighde fheidhmeach arna ndíriú ar riachtanais mheántéarmacha an tionscail chomh maith le forbairt ghearrthéarmach na teicneolaíochta agus seirbhísí teicniúla do chliaint

tionscail (oireann siad do ghrúpa na lárionad atá dírithe ar thionscal). Moltar sa chomhthéacs sin go gcuirfeadh maoinitheoirí an Stáit tús le scéim mhaoinithe chun tacú le haistriú féideartha lárionad reatha agus/nó le lárionaid nua a thabhairt isteach agus é mar aidhm líon beag RTOnna a fhorbairt thar na 10-20 bliain amach romhainn.

**Maoirseacht**

- Moltar thar ceann an Rialtais, go mbunódh an RPFN grúpaí mar a theastaíonn chun dul i mbun maoirseachta straitéisí ar fheidhmíocht phunann na lárionad taighde chun gréasán barrfheabhsaithe a chinntiú. Chuimseodh an obair sin sonraí maidir le feidhmíocht thírdhreach na lárionad taighde a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu.

**Inbhuanaitheacht na Lárionad Taighde Aonair**

Molann an tuarascáil treoir a chur ar fáil faoi shamhlacha maoinithe chun soiléireacht a chinntiú le haghaidh lárionad taighde, le haghaidh maoinitheoirí Stáit, agus le haghaidh páirtithe leasmhara seachtracha.

- Éagsúlú Maoinithe
  - Ba cheart do mhaoinitheoirí náisiúnta úsáid a bhaint as na samhlacha aircitíopúla a forbraíodh sa tuarascáil seo mar threoir chun ionchas a shocrú maidir leis na foinsí éagsúla maoinithe ar cheart do lárionaid a lorg. Ba cheart go ndéanfadh maoinitheoirí náisiúnta an cion den mhaoiniú foriomlán ar cheart do lárionaid iarracht a dhéanamh a bhaint amach.
  - Ba cheart dreasachtaí a thabhairt do lárionaid a dtugann an Stát tacaíocht dóibh chun méadú a dhéanamh ar a leibhéal d'ioncam neamh-státchiste, de réir mar atá oiriúnach do chuspóirí lárnacha lárionaid.
  - Ní mór leanúint ar aghaidh le dreasachtaí agus tionscnaimh chun idirghníomhú méadaithe an tionscail le lárionaid a dtugann an Stát tacaíocht dóibh a stiúradh.
- Daoine
  - Cuimsíonn an tuarascáil freisin treoir faoin tacaíocht do bhaill foirne oibriúcháin, bhaill foirne taighde, agus bhaill foirne tacaíochta taighde.
- Trealamh
  - Ba cheart meicníochtaí maoinithe a chur i bhfeidhm chun tacú le sraitheanna trealaimh agus iad a choimeád (lena n-áirítear cistí cothabhála agus maoiniú do shainoibreoirí).
- Maoiniú Bunúsach/Lárnach Lárionaid
  - Moltar go ndéanfadh institiúidí ardoideachais (HEInna) agus maoinitheoirí náisiúnta sraith de roghanna féideartha um dheiseanna bunúsacha/lárnacha maoinithe lárionad a cheapadh agus a thaifeadadh le haghaidh lárionad a bhfuil tréimhse maoinithe téarma sheasa críochnaithe acu.

Tagann an tuarascáil ar an gconclúid go mbeadh úsáid níos oiriúnaí á baint as cistí ranna agus ghníomhaireachtaí an Rialtais dá dtabharfaí tacaíocht do líon níos lú lárionad taighde ná mar atá ann inniu, agus dá ndéanfaí roinnt maoinithe a atreorú i dtreo réiteach a fháil ar fhadhbanna inmharthanachta agus lárionaid nua a fhorbairt.

Rinneadh dhá staidéar tábhachtacha mar ionchur do *Inbhuanaitheacht na Lárionad Taighde de chuid an ACSTI – Larionaid Taighe in Éirinn* agus *Tírdhreach an Lárionaid Taighde Maoinithe go Poiblí in Éirinn in 2011*. Sa chéad tuarascáil, *Larionaid Taighe in Éirinn: Múnlaí Maoinithe, Meicníochtaí Maoirseachta agus Fís do Thírdhreach Lárionaid na Todhchaí* cuirtear anailís chomparáideach i láthair ar lárionaid taighde na hÉireann agus ar lárionaid atá suite go príomha i dtrí hionad roghnaithe (an tSualainn, an Fhionlainn agus an Chatalóin ar bhunús na ngnéithe seo a leanas:

- Samhlacha maoinithe lárionad aonair le díriú ar inmharthanacht na lárionad;
- Iomrá nó thírdhreach phunann na lárionad taighde i ngach ionad; agus
- Meicníochtaí um bainistíocht punainne nó um maoirseacht ar an ngrúpa lárionad.

Freisin cuirtear modheolaíocht rangaithe le haghaidh na lárionad taighde in ionad faoi leith i láthair sa tuarascáil ar bhunús scála um léarscáiliú lárionaid taighde ag teacht leis na fáthanna le tacaíocht ó mhaoiniú poiblí agus le hionad an lárionaid taighde.

Sa dara tuarascáil, *Tírdhreach an Lárionaid Taighde Maoinithe go Poiblí in Éirinn in 2011* cuirtear i láthair sraith léarscáileanna de thírdhreach na lárionad taighde a dtugtar tacaíocht phoiblí dóibh in Éirinn in 2011. Rinneadh tírdhreach na lárionad taighde a léarscáiliú de réir roinnt tréithe lárnacha lárionaid agus é mar aidhm faisnéis bhonnlíne a sholáthar chun plé a threorú agus a shoiléiriú agus muid ag iarraidh forbairt straitéiseach a dhéanamh ar thírdhreach na lárionad taighde ar bhealach inmharthana sa todhchaí.

## Forbairt Chreatchláir Nua an AE um Thaighde agus Nuálaíocht, Horizon 2020

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a Pháipéar Uaine dar teideal *Ó Dheiseanna go Dúshláin: I dTreo Creata Straitéiseach Comhchoiteann do Mhaoiniú Taighde agus Nuálaíochta AE* i mí Feabhra 2011 agus sheol sé comhairliúchán poiblí ar an bpáipéar. Rinne Forfás bainistíocht ar chomhairliúchán náisiúnta fairsing na hÉireann, faoi choimirce ACSTI, le haghaidh an RPFN. Chuimsigh sé sin tacaíocht na bainistíochta agus na rúnaíochta, comhairliúchán náisiúnta bunaithe ar an ngréasán a sholáthar chomh maith le dhá cheardlann comhairliúcháin a reáchtáil le haghaidh pháirtithe leasmhara na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí faoi seach ar fhreastail ionadaí sinsearach ón gCoimisiún Eorpach orthu.

Molann an Creat Straitéiseach Comhchoiteann creat Eorpach simplí agus comhtháite le haghaidh maoinithe ó 2014 go 2020 a sholáthróidh tacaí comhlántacha thar an timthriall taighde agus nuálaíochta ó cheapadh go cur i bhfeidhm tráchtála. Molann sé an Creatchlár (CC) um thaighde agus forbairt teicneolaíochta, gnéithe nuálaíochta an Chlár Iomaíochais agus Nuálaíochta (CIP) agus rannpháirtíocht an AE san Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) a thógáil le chéile.

In aighneacht náisiúnta na hÉireann, a cuireadh i láthair don Choimisiún Eorpach ag deireadh Bhealtaine 2011, chuir Éire fáilte roimh an togra um chreat Eorpach simplithe agus comhtháite a sholáthróidh tacaí comhlántacha thar an timthriall taighde agus nuálaíochta ó cheapadh go cur i bhfeidhm tráchtála ach thug sí rabhadh go mbeidh tréimhse d'aistriú dea-bhainistithe ag teastáil chun bogadh ar aghaidh ar bhealach cúramach ón gcóras reatha le haghaidh taighde agus forbartha teicneolaíochta go creat straitéiseach comhchoiteann le haghaidh taighde agus nuálaíochta. Meastar nach bhfuil aon bhearta nua móra eile ag teastáil faoi láthair, ach seachas sin go bhfuil tréimhse comhdhlúthaithe riachtanach.

Tá an aighneacht náisiúnta sin ag Rialtas na hÉireann mar an gcéad chéim d'ionchur i sainiú a dhéanamh ar phrionsabail treorach, struchtúr agus ábhar an chreata straitéisigh

chomhchoitinn a dtabharfar Horizon 2020 air. Sa chéad chéim ullmhúcháin eile d'fhorbairt Horizon 2020 a bheidh níos substaintí, beidh sé riachtanach comhaontú a lorg faoin ábhar agus faoi na tosaíochtaí téamacha sonracha agus/nó na dúshláin mhóra le dul i ngleic leo. Beidh an aighneacht náisiúnta sin mar an doiciméad treorach le linn na céime ullmhúcháin sin a leanfaidh ar aghaidh go deireadh 2013.

Thacaigh Éire leis na príomhthosaíochtaí seo a leanas:

- Glacadh le Comhar;
- Forbairt Taighdeoirí;
- Príomhshruthú na Nuálaíochta;
- Tráchtálú na nIonchur;
- Tacú le FBManna;
- Aghaidh a thabhairt ar Mórdhúshláin;
- Spreagadh na Cuimsitheachta; agus
- Cur Chun Feidhme Comhsheasmhach.

I Samhain 2011, scaoil an Coimisiún Eorpach a Chumarsáid, *Horizon 2020 – An Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht*[12]. Sa Chumarsáid sin tá tograí leagtha amach le aghaidh chlár maoinithe taighde agus nuálaíochta (2014-2020) ar luach 80 billiún euro a chomhlánóidh, inter alia, Cistí Struchtúracha agus oideachas, agus a thabharfaidh freagra ar an ngéarchéim gheilleagrach trí hinfheistiú i bhfás agus i bpoist, a rachaidh i ngleic le hábhair imní saoránach maidir le slí bheatha, leis an gcomhshaol agus le sábháilteacht agus a neartóidh seasamh an Aontais Eorpaigh sa taighde, sa nuálaíocht agus sa teicneolaíocht.

I Nollaig 2010 bhí ACSTI i gceannas ar cheardlann chomhairliúcháin náisiúnta, arna bainistiú ag Forfás, ar iarratas an RPFN, ar chumarsáid an Choimisiúin chun leas a bhaint as léargas an phobal taighde, an earnáil phoiblí agus phríobháideach araon, chun béim a leagan ar réimsí le haghaidh gníomhaíochta ag Éirinn, ballstáit agus an gCoimisiún Eorpach agus Horizon 2020 á fhorbairt.

Ár bPáirt a Ghlacadh: Ráiteas ar Horizon 2020

### Aighneacht chuig an gCleachtadh Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde

Tar éis molta roimhe sin ag ACTSI chun meicníocht um shocrú tosaíochta a chur i bhfeidhm chun bailíochtú a dhéanamh ar na réimsí nó na disciplíní ar cheart infheistíocht an Stáit sa taighde a dhíriú orthu, ghlac ACSTI ról lárnach sa Chleachtadh Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde in 2011. Thug an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta cuireadh do cheathrar comhaltaí den Chomhairle lenar áiríodh an Cathaoirleach chun dul isteach sa Ghrúpa Stiúrtha agus rinne beirt chomhaltaí astu siúd cathaoirleacht ar dhá cheann de na Meithleacha Oibre Téamacha a bunaíodh laistigh den chleachtadh. Thug an Chomhairle go léir tuairimí agus ionchuir agus moltaí an chleachtaidh á gceapadh, lenar áiríodh moltaí na Comhairle a foilsíodh roimhe sin de réir mar ba chuí, trí haschuir an chleachtaidh a bhreithniú ag cruinnithe iomlánacha na Comhairle.

[12] http://ec.europa.eu/research/horizon2020/index_en.cfm?pg=h2020-documents

# Iomaíochas

## Iomaíochas na hÉireann a chothú agus a fheabhsú

Tá iomaíochas lárnach chun feidhmíocht gheilleagrach na hÉireann a chur ina ceart arís. Aithníonn Forfás na príomhfhadhbanna atá le sárú ag Éirinn agus cuireann sé comhairle ar an Rialtas faoi roghanna beartais lena n-áirítear taighde agus anailís a sholáthar faoi iomaíochas na hÉireann.

Déanaimid monatóireacht ar fhorbairtí cánach agus ar an tionchar a bhíonn acu ar iomaíochas na fiontraíochta in Éirinn. Inár gcuid oibre le páirtithe leasmhara cuí, déanaimid iarracht tionscnaimh a fhorbairt a chuirfeadh le hiomaíochas agus a chruthódh deiseanna fáis.

Sa bhliain 2011, thug Forfás comhairle ar shaincheisteanna lárnacha i ndáil le hiomaíochas costais, lena n-áirítear saothar, allmhairí, fuinneamh agus infreastruchtúr. Tá sé riachtanach go ngníomhaíonn Éire anois chun na hathruithe struchtúracha sin a chur i bhfeidhm a chinnteoidh nach n-ardóidh costais arís agus nach maolófar an t-iomaíochas dá réir.

Aithnímid na dúshláin atá le sárú ag lucht fiontraíochta in Éirinn agus déanaimid tagarmharcáil ar fheidhmiú na hÉireann i gcomparáid le geilleagair mhóra eile ó thaobh roinnt réimsí éagsúla, lena n-áirítear fuinneamh, teileachumarsáid agus beartas um bainistíocht dramhaíola.

Déanaimid monatóireacht agus tugaimid comhairle faoin maoiniú atá ar fáil do ghnólachtaí in Éirinn agus faoin gcostas orthu agus tugaimid comhairle faoi thionscnaimh chun an timpeallacht chistiúcháin a fheabhsú.

Tacaímid leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais trí mhonatóireacht a dhéanamh ar iomaíochas na hÉireann, ag forbairt moltaí i leith beartais chun dul i ngleic le ceisteanna a thagann chun cinn, agus trí thabhairt faoi phíosaí faoi leith taighde le mórcheisteanna iomaíochais a iniúchadh ar bhealach níos doimhne ar son na Comhairle.

## Athbhreithniú ar an Timpeallacht Mhaoinithe

Chuir Forfás comhairle ar fáil don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) agus do ranna rialtais eile maidir le rochtain a bheith ag fiontair ar chreidmheas.

Tá rochtain ar maoiniú fós ina cúis mhór imní do lucht fiontair. Léiríonn taighde eacnamaíoch idirnáisiúnta go bhfuil easpa fáis chreidmheasa ina coscaire suntasach ar théarnamh geilleagrach. Forbraíodh raon tionscnamh náisiúnta chun tacú leis an sruth creidmheasa d'fhiontair. In éineacht le tionscnaimh chun athchaipitliú agus athstruchtúrú a dhéanamh ar an earnáil baincéireachta, forbraíodh tionscnaimh chun caidrimh bhaincéireachta gnó níos fearr a chruthú (m.sh. An Cód Iompair maidir le hIasachtú Gnó le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus bunú na hOifige um Athbhreithniú Creidmheasa), chun oiliúint a chur ar fhoirne bainc agus chun iasachtú a mhéadú (m.sh. spriocanna iasachta don dá bhanc a athchaipitlíodh).

San athbhreithniú a rinne Forfás ar an timpeallacht mhaoinithe, breithníodh na rioscaí a bheadh i gceist le 'téarnamh gan chreidmheas' agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar théarnamh geilleagrach. Rinneadh measúnú ann freisin ar an tábhacht a bhaineann le cineálacha éagsúla maoinithe le haghaidh cineálacha difriúla fiontair, agus sa chás ina raibh go leor sonraí, ar an gcaoi ina raibh na cainéil mhaoinithe sin ag feidhmiú. Léiríodh na gníomhartha beartais a glacadh go dtí seo agus na gníomhartha féideartha a d'fhéadfaí a ghlacadh chun an timpeallacht mhaoinithe d'fhiontair a fheabhsú – go háirithe le haghaidh gnóthaí a dhéanann trádáil idirnáisiúnta.

### Príomhthorthaí

- Tháinig laghdú ar mhéid iomlán an chreidmheasa a tugadh d'fhiontair Éireannacha san earnáil phríobháideach in 2011 - agus tháinig laghdú níos géire ar an méid creidmheasa a tugadh do FBManna.
- Tháinig laghdú ar an éileamh ar chreidmheas chomh maith. Sa suirbhé faoi iasachtú FBManna a rinne Mazars ar son an rialtais i nDeireadh Fómhair 2011 léiríodh go raibh 36 faoin gcéad de FBManna ag iarraidh creidmheas a fháil. Cheap 72 faoin gcéad de na FBManna a fhreagair an suirbhé nach mbeadh maoiniú ón mbanc á lorg acu sna 6 mhí amach rompu. I roinnt cásanna, tá an easpa fáis chreidmheasa ag tarlú toisc go bhfuil an iomad fiach san earnáil phríobháideach cheana féin.
- Tháinig méadú ar líon na n-iasachtaí gearrthéarmacha, ach lean líon na n-iasachtaí meántéarmacha agus fadtéarmacha ag laghdú fosta. D'fhéadfadh sé sin gá le caipitil oibre d'fhiontair sa ghearrthéarma a léiriú, mar aon le heaspa deiseanna infheistíochta (.i. mód marthanais) nó easpa toilteanais ar thaobh na mbanc infheistíocht fhadtéarmach a dhéanamh.
- Tá costas an mhaoinithe fós ina shaincheist d'fhiontair Éireannacha chomh maith.
- Cé go bhfuil maoiniú bainc tábhachtach níl ann ach foinse amháin de mhaoiniú. Tá maoiniú cothromais ina fhoinse thábhachtach maoinithe, go háirithe le haghaidh earnálacha nuálacha a bhfuil ráta ard fáis iontu.

Aibhsíonn an tuarascáil nach mór dúinn:

- A chinntiú go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbeart (m.sh. spriocanna iasachta, scéim ráthaithe creidmheasa, s.rl.) arna gcur ar bun chun sreabhadh creidmheasa a fheabhsú agus gníomh breise a ghlacadh más gá. Cé go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar na sonraí faoi sholáthar creidmheasa, bheadh rochtain ar shonraí níos gráinní an-úsáideach. Go háirithe, dá bhféadfaí níos mó sonraí a fháil faoi leibhéal na hiasachta breise seachas na hiasachta athstruchtúrtha bheadh pictiúr níos fearr againn ar an rochtain ar chreidmheas.

- Cé go raibh fócas láidir ar an earnáil baincéireachta/creidmheasa go dtí seo, mar ba chuí, ní mór díriú níos mó anois ar infheistíocht na hearnála príobháidí in infheistíocht tháirgiúil a spreagadh. Léiríonn infheistíocht chothromais (m.sh. aingil ghnó agus infheisteoirí príobháideacha, caipiteal fiontair, fiach fiontair agus cothromas rialtais, agus cothromas príobháideach) meicníocht freisin chun cabhrú le gnóthaí inmharthana a bhfuil an iomad fiach acu ach atá dírithe ar fhás.

Léirítear go soiléir gníomhaíochtaí ar na saincheisteanna seo sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012*.

Timpeallacht Mhaoinithe na bhFiontar Éireannach

## Scéim Pháirteach Ráthaíochta Iasachta

Tá an Clár don Rialtas tiomanta do "scéim ráthaíochta creidmheasa shealadach, pháirteach a thabhairt isteach a chuirfidh leibhéal árachais ar fáil do na bainc i gcoinne caillteanas ar iasachtaí cáilitheacha do ghnólachtaí atá ag cruthú post chun go dtosóidh na bainc ag tabhairt iasachtaí do thionscail agus d'fhiontraithe in athuair".

Faoin Scéim, tabharfaidh an Stát ráthaíocht pháirteach ar iasachtaí ó iasachtóirí traidisiúnta do ghnóthaí inmharthana atá ar imill cinntí iasachta tráchtála agus a bhfuil deacrachtaí acu creidmheas a fháil ar cheann den dá chúis seo a leanas:

- Cúlbhannaí neamhleora; agus
- Níl na scileanna ná an taithí iomchuí ag an iasachtóir chun measúnú ceart a dhéanamh ar an togra, de bharr easpa eolais ar earnálacha, margaí nó teicneolaíochtaí nua.

Trí thacú le gnóthaí inmharthana nach mbeadh rochtain acu ar mhaoiniú ar aon bhealach eile, tacóidh an scéim le forbairt fiontair agus cruthú post. Beidh an scéim bunaithe ar éileamh, agus déanfar monatóireacht ar an méid iomlán maoinithe dá dtabharfar ráthaíocht agus déanfar é sin a athbhreithniú de réir an éilimh air.

D'oibrigh Forfás, Fiontraíocht Éireann agus comhlachtaí eile go dlúth leis an RPFN i dtosach chun fiúntais scéim dá leithéid a mheas agus níos déanaí chun scéim a dhearadh a chomhlíonfadh riachtanais na hÉireann.

## Aighneacht Réamh-Bhuiséid don Téarnamh faoi stiúir Fiontraíochta

Oibríonn Forfás go dlúth leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta chun bearta cánach a fhorbairt lena dtacaítear le forbairt fiontair agus cruthú post. Chomh maith le comhairle rialta a sholáthar maidir le raon leathan saincheisteanna cánach, ullmhaíonn Forfás agus na gníomhaireachtaí forbartha, arna dtacú le taighde Forfás, aighneacht réamh-Bhuiséid bhliantúil.

Chuir 'Aighneacht Réamh-Bhuiséid Comhghníomhaireachta 2012' comhairle ar fáil maidir leis na himpleachtaí ó thaobh na fiontraíochta de a d'fhéadfadh a bheith ag réimse athruithe cánach a bhí beartaithe. Ba é fócas na moltaí an bonn cánach a leathnú, lena mbunófar sruth cobhsaí ioncaim don Stát, fad is a ndéanfaí na himpleachtaí diúltacha ar fhás geilleagrach a íoslaghdú.

Leag Forfás síos roinnt prionsabal chun an cur chuige maidir le Buiséad 2012 a threorú, lena n-áirítear:

- A chinntiú go mbeadh moltaí chun cánachas a mhéadú bunaithe ar ordlathas na gcánacha a dhéanann an dochar is lú don fhás geilleagrach, ag féachaint don ghá €3.6 billiún de choigeartú a bhaint amach, a raibh €1.5 billiún de dlite trí bhearta tiomsaithe ioncaim.
- Cinnteacht, intuarthacht agus cobhsaíocht a sholáthar d'fhiontair le go mbeadh siad in ann pleanáil agus fás.

Bhí na moltaí a chuir Forfás ar aghaidh dírithe ar bhearta a choinneáil a bhí lárnach don earnáil fiontair, go háirithe an córas cánach corparáide agus an ding cánach saothair. Chomh maith leis sin, aithníodh roinnt réimsí inar gá tuilleadh forbartha a dhéanamh i dtreo is go mbeidh Éire in ann leanúint lena hearnáil dhúchasach a fhás agus dul in iomaíocht go hidirnáisiúnta le haghaidh tionscadal infheistíochta, go háirithe i réimse an taighde agus réimse na forbartha. Mhol Forfás freisin go mbreathnófaí ar raon ceisteanna dearaidh agus méaduithe cánach carbóin á gcur i bhfeidhm chun tionchair dhiúltacha ar iomaíochas gnóthaí a íoslaghdú.

Foilsíodh Buiséad 2012 i mí na Nollag 2012. Tá Forfás an-sásta faoin ngealltanas maidir leis an ráta cánach corparáide 12.5 faoin gcéad chomh maith leis an ngealltanas nach ndéanfar an ding cánach saothair a mhéadú. Bhí siad sásta faoin athchóiriú a bhí molta ar an gClár Faoisimh um Thascanna Speisialta (SARP), na hathruithe ar an gcreidmheas cánach T&F trína dtugtar tacaíocht do ghnólachtaí beaga, agus tabhairt isteach na hAsbhainte Tuilleamh Coigríche (FED) nua freisin.

## Athbhreithniú ar Iomaíochas na nIompórtálacha go hÉireann

Is é ceann de na príomhghníomhartha i *Straitéis maidir le Trádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht* an Rialtais ná timpeallacht oscailte agus iomaíoch a chinntiú d'fhiontar. Mar chuid den straitéis trádála a ullmhú, rinne Forfás staidéar inar tugadh forbhreathnú staitistiúil ar allmhairí na hÉireann. Tarraingíodh aird sa staidéar ar chuid de na saincheisteanna a atá os comhair allmhaireoirí Éireannacha agus fiontar a bhaineann úsáid as ábhair allmhairithe.

Rinneadh tagarmharcáil sa staidéar ar fheidhmíocht iompórtála na hÉireann i gcomparáid le tíortha eile, lenar tugadh forbhreathnú ar na príomhghníomhairí san earnáil iompórtála, agus rinneadh athbhreithniú ann ar allmhairí na hÉireann de réir na catagóire eacnamaíche forleithne, d'fhonn cabhrú chun aon idirghabhálacha beartais riachtanacha a aithint.

Thug an tionscadal faoi:

- Measúnú ar an méid iomaíochais atá i gceist i bpróisis iompórtála.
- Na príomhearnálacha/príomhchatagóirí iompórtála a aithint sa chás go bhféadfadh easpa iomaíochais a bheith ag dul i gcion ar phraghsanna ionchuir le haghaidh fiontar Éireannach agus ar cháilíocht, ar theicneolaíocht agus ar rogha i margadh na hÉireann; agus
- Mheasúnú ar thionchar na bpróiseas iompórtála ar rogha tomhaltóirí, ar iomaíochas, ar tháirgiúlacht intíre agus ar éagsúlú foinse, agus ar an bhféidearthacht feabhsú.

## Costais Saothair

Chuir Forfás athbhreithniú ar iomaíochas costais saothair i gcrích agus d'fhoilsigh sé é i ndeireadh 2010. In 2011, lean Forfás air ag obair leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, de réir mar a cuireadh leasuithe ar na comhaontuithe pá earnálacha (de réir mar a comhaontaíodh leis an Troika) ar aghaidh. Is é cuspóir na leasuithe córais an Chomhchoiste Oibreachais/na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Taighde a dhéanamh níos freagrúla ar dhálaí eacnamaíocha athraitheacha agus ar dhálaí an mhargaidh shaothair, chun na córais a shimpliú agus chun córas láidir um chosaint oibreoirí a athsholáthar.

Athbhreithniú ar Iomaíochas Costais Saothair

## Tosaíochtaí Infreastruchtúir don Fhiontraíocht

Le linn 2011, thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) faoi athbhreithniú cuimsitheach ar chaiteachas caipitil don tréimhse 2012-2016. Thug an RCPA cuireadh do Forfás aighneacht a chur faoi bhráid maidir leis an bpróiseas sin. Ag cur le hobair um beartas infreastruchtúir a rinne Forfás cheana féin agus ag obair go dlúth le Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann, d'aithin Forfás na príomhthosaíochtaí infreastruchtúir le haghaidh fiontair chun tacú le fás easpórtála inbhuanaithe, go náisiúnta agus go réigiúnach araon:

- Cumarsáid: Ó thaobh forbairt fiontair de, is príomhthosaíocht infreastruchtúir é soláthar tráthúil ardseirbhísí leathanbhanda i bpíomhionaid uirbeacha. Tá infhaighteacht fhorleathan ardseirbhísí agus infreastruchtúr leathanbhanda riachtanach chun an fhéidearthacht d'fhás amach anseo a réadú in earnálacha reatha agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn.
- Uisce: Cé go bhfuil infheistíocht shuntasach déanta ag Éirinn in infreastruchtúr uisce agus fuíolluisce le blianta beaga anuas, is gá tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun dul i ngleic le heaspaí acmhainneachta uisce agus fuíolluisce ionchais i roinnt ionad uirbeach lárnach (Baile Átha Cliath, Baile Átha Luain, Leitir Ceanainn, Mala agus Loch Garman).
- Iompar: Tá roinnt caolais tráchta ar fud na tíre agus má chuirtear i gceart iad d'fhéadfaí a tairbhe is mó is féidir a bhaint as an infheistíocht shuntasach a rinneadh i mbóithre agus in infreastruchtúr eile cheana féin. Áirítear iontu sin cuarbhóithre Chorcaí agus na Gaillimhe a chur i gcrích, mar aon le dhá chuid de Bhealach an Atlantaigh (An Gort-Tuaim agus Cromadh-Mala) lena bhfeabhsófar soghluaisteacht daoine agus earraí i bpríomhchathracha réigiúnacha na hÉireann agus eatarthu. Tá sé riachtanach iompar poiblí a fheabhsú sna príomhchathracha chun soghluaisteacht a fheabhsú le haghaidh na n-úsáideoirí uile.

Tugadh faoi deara san athbhreithniú caipitil, a foilsíodh i Samhain 2011, go bhfuil Éire ag deireadh mórchéime infheistíochta caipitil arna maoiniú ón Státchiste[13]. Beidh sciar méadaitheach ioncaim á leithdháileadh do scoileanna, cúram sláinte agus fiontar le feiceáil i bpróifíl an chaiteachais chaipitil. De réir mar a dtiocfaidh laghdú suntasach ar an gcaiteachas infreastruchtúir, beidh gá le tuilleadh oibre lena chinntiú go gcuirfear príomhthosaíochtaí

13 Gearradh an buiséad don bhliain 2012 faoi €755 milliún go dtí €3.9 billiún, laghdófar é go dtí €3.3 billiún in 2013 agus €3.2 billiún in aghaidh na bliana idir 2014 agus 2016. Le haghaidh tuilleadh sonraí féach: http://per.gov.ie/wp-content/uploads/Infrastructure-and-Capital-Investment-2012-20161.pdf

gníomhaireachtaí chun cinn. Cé go raibh an t-athbhreithniú caipitil dírithe ar thosaíochtaí infheistíochta infreastruchtúir láithreacha go príomha, i bhfianaise an aga moille ó thaobh tosaíochtaí infreastruchtúir a sheachadadh, tharraing Forfás aird ar thosaíochtaí infreastruchtúir níos fadtéarmaí chun tacú le fás fiontair agus cruthú post amach anseo.

Tá deiseanna suntasacha ann freisin don Rialtas chun acmhainn agus seirbhísí infreastruchtúir a fheabhsú gan gá le hinfheistíocht bhreise ón Státchiste trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní beartais agus rialála – réimse ar a ndíreofar níos mó i gcúrsaí beartais in 2012.

Forbhreathnú ar na Príomhshaincheisteanna Infreastruchtúir don Fhiontar

## Ag Seachadadh Ardseirbhísí Leathanbhanda

Tá ardluas leathanbhanda a sholáthar mar an bpríomhthosaíocht infheistíochta infreastruchtúir le haghaidh fiontair[14]. Mar a léiríodh i dtuarascáil Forfás, *Tosaíochtaí Beartais agus Feidhmíocht Ard-Leathanbhanda na hÉireann,* cuireann infhaighteacht ardseirbhísí leathanbhanda deiseanna suntasacha forbartha ar fáil d'Éireann chun fás nua a ghabháil le haghaidh fiontraíochta agus post in earnálacha reatha agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn (m.sh. na meáin dhigiteacha, néalríomhaireacht, oideachas), chun fás táirgiúlachta a bhaint amach, chun iomaíochas a fheabhsú ar fud na n-earnálacha uile agus chun tacú le forbairt réigiúnach. Cé go gcomhlíontar ardriachtanais leathanbhanda fiontar atá dírithe go mór ar TFC in ionaid uirbeacha mhóra de ghnáth, tá rogha níos lú ag gnóthaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, lasmuigh de na príomhionaid uirbeacha, agus bíonn rochtain níos lú acu ar sheirbhísí ardchaighdeáin.

Tá imní ar Forfás go bhfuil Éire taobh thiar de thíortha ina n-iomaitheoirí ó thaobh ardseirbhísí leathanbhanda a rolladh amach agus maidir lena nglacadh. I bhfianaise na timpeallachta infheistíochta teileachumarsáide laige in Éirinn, na bpátrún daonra scaipthe agus an chúlaithe eacnamaíoch, tá baol láidir ann mura nglacfar gníomh iomchuí go gasta go dtitfeadh Éire níos faide i léig de réir mar a bhrúnn tíortha eile chun cinn chun líonraí teileachumarsáide ardfheidhmeacha a chur i bhfeidhm. Tá sé éigeantach dúinn gníomh a ghlacadh anois. Tá na gníomhartha beartais agus an infheistíocht a rinneadh go dtí seo riachtanach ach ní leor iad chun infhaighteacht fhorleathan ardseirbhísí leathanbhanda den scoth a chinntiú laistigh de scála ama a chuirfeadh ar chumas na hÉireann teacht suas leis na tíortha atá ina n-iomaitheoirí.

Is é an réiteach is fearr chun ardseirbhísí leathanbhanda a sholáthar ná go n-infheisteodh an margadh, ach sa chás nach ndéanfaidh an margadh amhlaidh ní mór don Stát idirghabháil a dhéanamh. Chun soláthar tráthúil ardseirbhísí leathanbhanda in Éirinn a chinntiú, ní mór don Stát an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Plean forfheidhmithe a fhorbairt lena gcuimseofaí mapáil a dhéanamh ar líonraí teileachumarsáide reatha agus pleananna infheistíochta nithiúla agus ansin na heasnaimh atá ann ar fud na tíre a aithint maidir le hinfhaighteacht ardseirbhísí leathanbhanda.

14 Sainmhíníonn Forfás ardseirbhísí leathanbhanda mar sheirbhísí lena dtairgtear luasanna íoslódála 100 Mbps nó níos mó, a bhfuil cumas uaslódála roinnt mhaith níos airde acu (lena n-áirítear infhaighteacht fhorleathan seirbhísí siméadracha d'fhiontar) agus aga folaigh íseal (luas freagartha an chórais don úsáideoir) agus a bhfuil luas 100 Mbps ar a laghad acu, go bhfuil siad siméadrach agus go bhfuil aga folaigh íseal acu.

- Tar éis na n-easnamh sin a aithint, meicníocht a dhearadh (m.sh. próiseas iomaíochais/soláthair) chun an leibhéal suime sa mhargadh a chinneadh maidir le dul i ngleic leis na heasnaimh arna n-aithint trí chur chuige comhoibritheach idir na gníomhairí tionscail agus an Stáit.
- Gealltanas daingean a thabhairt go soláthrófaí na cistí, nó go bhfaighfí iad, atá riachtanach chun na spriocanna atá leagtha amach sa Chlár don Rialtas a bhaint amach, agus cuspóirí agus aidhmeanna a shocrú chun rolladh amach tráthúil ardseirbhísí leathanbhanda a chinntiú. Braithfidh an méid maoinithe a bheidh ag teastáil ar mhéid na n-easnamh ardseirbhísí leathanbhanda arna n-aithint sa chleachtadh mapála, ar an méid is féidir leis na gníomhairí margaidh infheistíocht a dhéanamh agus ar an gcaoi ina ndéanfar cur i bhfeidhm an infreastruchtúir ard-leathanbhanda a chéimniú.
- Mura n-éiríonn leis an bpróiseas iomaíochais/soláthair infheistíocht a fháil ó na gníomhairí margaidh chun tacú le cuspóirí agus aidhmeanna leathanbhanda an Stáit, dul ar aghaidh le cur chuige comhoibrithe um shócmhainní an Stáit ag baint úsáide as an infreastruchtúr teileachumarsáide stáit atá ann cheana féin. Sa chomhthéacs sin, rinne Forfás grinnscrúdú ar an gcaoi ina ndéanfadh comhoibriú dá leithéid um shócmhainní an Stáit ardseirbhísí leathanbhanda a sholáthar do gach baile ina bhfuil daonra os cionn 1,500.

Ghlac Forfás páirt sa Tascfhórsa um an Chéad Ghlúin Eile den Leathanbhanda, de chuid an Aire Cumarsáide, mar bhreathnóir agus leanfaidh sé air ag cur comhairle ar an RPFN agus ag obair go dlúth leis an Roinn sin chun tacú le rolladh amach ardseirbhísí.

Tosaíochtaí Beartais agus Feidhmíocht Ard-Leathanbhanda na hÉireann

## Tosaíochtaí agus Saincheisteanna um Iomaíochas Fuinnimh don Fhiontraíocht

Ceist an-tábhachtach fós is ea iomaíochas fuinnimh d’fhorbairt fiontair agus poist. Tá fuinneamh ina ionchur éigeantach do gach gnó in Éirinn agus ní mór dúinn gníomh a ghlacadh anois lena chinntiú go mbeidh soláthar fuinnimh iontaofa, inbhuanaithe agus ar phraghas iomaíoch againn chun tacú le gach gnó Éireannach. Táimid ag pointe cinniúnach ó thaobh bheartas fuinnimh na hÉireann de. Tá grinnathbhreithniú á dhéanamh ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) ar bheartas fuinnimh na hÉireann, agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é faoi lár na bliana 2012[15.] Forbróidh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN) creat um beartas fuinnimh nua le linn 2012.

I Nollaig 2011, d’fhoilsigh Forfás a thuarascáil, Athbhreithniú ar Shaincheisteanna Iomaíochais Fuinnimh agus Tosaíochtaí don Fhiontar[16]. Rinneadh roinnt feabhsuithe tábhachtacha i bhfeidhmíocht na hÉireann ó thaobh iomaíochais fuinnimh de le blianta beaga anuas, amhail bunú an mhargaidh leictreachais uile-oileáin, cumas suntasach giniúna leictreachais spártha, dul chun cinn maidir le hacmhainneacht foinsí in-athnuaite agus méaduithe ar éifeachtúlacht

15 Cuimseofar in athbhreithniú an IEA measúnú ar éifeachtúlacht mhargaí leictreachais agus gáis na hÉireann de réir mar is gá faoi Chlár AE-CAI um Thacaíocht Airgeadais d’Éirinn.

16 Dhírigh obair fuinnimh Forfás roimhe seo go mór ar leictreachas de bharr brúnna suntasacha ar iomaíochas costais agus slándáil an tsoláthair leictreachais d’fhiontar. An uair seo rinneadh scóip na hoibre a fhorleathnú chun measúnú ar na príomh-shaincheisteanna iompair agus fuinnimh teasa d’fhiontar a chuimsiú.

fuinnimh. Ní mór gníomh breise a ghlacadh áfach. Tá dúshláin fuinnimh shuntasacha os comhair na hÉireann. Ní mór dúinn praghsanna a choinneáil chomh íseal agus is féidir, fad is a ndeimhnímid freisin go gcoinnímid na soilse ar lasadh agus go ndéanaimid ár ndícheall chun an comhshaol a chosaint do na glúine amach anseo.

Aithnímid na deacrachtaí do lucht déanta beartais agus iad ag iarraidh plé leis na cuspóirí éagsúla sin ar bhealach cothrom. Soláthróidh na hathbhreithnithe a dhéanfaidh IEA agus RCFAN ar bheartas fuinnimh na hÉireann deis thráthúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcuspóirí fuinnimh agus lena chinntiú go bhfuil na roghanna beartais fuinnimh cearta á ndéanamh againn inniu chun tacú le fás geilleagrach fadtéarmach agus le hiomaíochas idirnáisiúnta.

I measc na bpríomhthosaíochtaí um beartas fuinnimh don fhiontraíocht agus iomaíochas áirítear:

- Leanúint ag iarraidh éifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach i gcodanna rialáilte na margaí gáis agus leictreachais;
- Fóirdheontais um fhuinneamh arna ghiniúint le móin a chéimniú amach agus fóirdheontais d'fhoinsí in-athnuaite amach anseo a mhionathrú lena chinntiú nach mbrúfar suas praghsanna fuinnimh gan gá;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar infheistíocht sa ghreille, as a n-íocann úsáideoirí fuinnimh, chun aird a thabhairt ar éileamh laghdaithe agus moilleanna pleanála;
- Slándáil an tsoláthair a fheabhsú tríd an meascán breosla a éagsúlú le haghaidh teasa agus iompair, idirnascadh leis an RA agus le mór-roinn na hEorpa a mhéadú, agus trí leibhéil ísle ár gcumais stórála gáis agus ola a mhéadú;
- Dul i ngleic le moilleanna pleanála atá ag cur go mór le costais tomhaltóirí. Mar shampla, tá costas de thart ar €20-€30 milliún in aghaidh na bliana i gceist do thomhaltóirí fuinnimh de bharr moilleanna sa nasc-líne Thuaidh-Theas[17]; agus
- Leanúint ag díriú ar éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite nua a sholáthar trí aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna pleanála agus rialála.

Cuireann acmhainní fabhracha fuinnimh ghaoithe agus tonnta na hÉireann deiseanna suntasacha easpórtála agus fostaíochta ar fáil. Ní mór dúinn tacaíochtaí iomchuí a chur ar bun chun na deiseanna fiontair sin a chur chun cinn agus a fhorbairt. Ní mór é sin a dhéanamh ar bhealach ina dtacófar le forbairt na hearnála fuinnimh in-athnuaite gan dochar a dhéanamh d'iomaíochas an bhoinn fhiontair níos leithne ná do tharraingteacht na hÉireann mar áit chun gnó a dhéanamh inti. Gníomhaíochtaí an rialtais chun tacú le forbairt earnáil an fhuinnimh in-athnuaite agus chun ár spriocanna a chomhlíonadh díriú ar an gcreat rialála agus pleanála a athchóiriú.

Le linn 2011, lean Forfás air ag obair go dlúth le GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus an RPFN lena chinntiú go dtacaíonn beartas fuinnimh na hÉireann le fiontar agus iomaíochas. Tugadh cuireadh dúinn bualadh leis an bhfoireann IEA atá freagrach as an athbhreithniú Éireannach chun na saincheisteanna fuinnimh d'fhiontar a phlé nuair a bhí a gcomhairliúcháin acu le príomhpháirtithe leasmhara i Meán Fómhair 2011. Rinneamar roinnt aighneachtaí freisin leis na gníomhaireachtaí forbartha chuig príomhchomhairliúcháin fuinnimh lena

17 Aitheasc an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag comhdháil Fuinneamh Éireann i Meitheamh 2011.

chinntiú go léireofar tosaíochtaí agus cuspóirí fiontair agus iomaíochais i mbeartas fuinnimh agus i gcinntí rialála.

Athbhreithniú ar Iomaíochas Fuinnimh agus Tosaíochtaí don Fhiontar

## Infreastruchtúr Stuama

Déantar iniúchadh i dtuarascáil Forfás, *Infreastruchtúr Stuama: Tairbhí Iomaíochais agus Deiseanna Fiontair a Sholáthar*, ar an bhféidearthacht d'infreastruchtúr stuama a chur i bhfeidhm in Éirinn agus dírítear go sonrach ann ar phríomhinfreastruchtúir an fhuinnimh, an uisce, an iompair agus na dramhaíola.

Is é atá i gceist le hinfreastruchtúr stuama ná teicneolaíocht a chur i bhfeidhm chun seirbhís infreastruchtúir níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chur ar fáil. Baineann sé úsáid as sraith teicneolaíochtaí, ar féidir a leabú i ndearadh an infreastruchtúir nua nó a chur i bhfeidhm i leith infreastruchtúr atá ann cheana féin. Mar shampla, tá roinnt údarás áitiúil in Éirinn tar éis braiteoirí a chur ina bpíobáin dáilte uisce chun sceitheadh a aithint go gasta.

Cé go ndearna Éire infheistíochtaí suntasacha in infreastruchtúr le blianta beaga anuas, is gá tuilleadh infheistíochta a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh ár n-infreastruchtúr in ann tacú le téarnamh geilleagrach agus fás fiontair amach anseo. I bhfianaise na laghduithe suntasacha i mbuiséid chaipitil, ní mór dúinn úsáid níos fearr a bhaint as an teicneolaíocht chun infreastruchtúr a fheabhsú. Le hinfreastruchtúr stuama déantar feidhmiú seirbhísí infreastruchtúir a bharrfheabhsú agus laghdaítear costais infreastruchtúir. Feabhsaíonn sé táirgiúlacht infreastruchtúir agus is féidir iomaíochas náisiúnta a fheabhsú trí thimpeallacht gnó níos fearr a chruthú. Chomh maith leis sin, cuireann forbairtí in infreastruchtúr stuama deiseanna ar fáil le haghaidh táirgí agus seirbhísí nua d'earnáil fiontair na hÉireann.

Go hidirnáisiúnta, tagann réitigh infreastruchtúir chun cinn mar fhreagairt ar shaincheist shonrach nó easnamh atá i gceist i dtír nó réigiún de ghnáth. Mar shampla, agus é ag plé le brú chrapallaigh, tá Singeapór tar éis éirí ina cheannaire domhanda ó thaobh córas iompair stuama de. Tá teicneolaíochtaí stuama curtha i bhfeidhm i leith raon infreastruchtúr in Éirinn cheana féin. I réimse an leictreachais, mar shampla, tá forbairt greille leictreachais stuama ag céim réasúnta forbartha, agus cuireadh staidéar píolótach mór ar mhéadrú leictreachais stuama i gcrích agus léirigh na torthaí toradh an-dearfach ón anailís costais is tairbhe. Bunaíodh roinnt tionscnamh um chóras iompair stuama (ITS) in Éirinn freisin amhail córas dolála gan bhacainní ar an M50 agus úsáid braiteoirí chun monatóireacht a dhéanamh ar thrácht agus ar shoilse tráchta seichimh i roinnt limistéar uirbeach.

Leagtar amach gníomhartha beartais sa tuarascáil chun leas a bhaint as na tairbhí iomaíochais a bhainfear as úsáid níos stuama na teicneolaíochta i soláthar infreastruchtúir. Féachtar inti freisin ar an méid is gá a dhéanamh chun na deiseanna infreastruchtúir stuama d'fhiontair atá bunaithe in Éirinn a réadú.

Infreastruchtúr Stuama: Tairbhí Iomaíochais agus Deiseanna Fiontair a Sholáthar

## Ag Laghdú Costas Infreastruchtúir

In 2011, thacaigh Forfás le hAcadamh Innealtóireachta na hÉireann trí thabhairt faoi thuarascáil ar chostais an tsoláthair infreastruchtúir in Éirinn. Ós rud é gur cosúil nach gcaithfear ach 40 faoin gcéad den mhéid a caitheadh le linn bhuaic an bhorrtha ar

infreastruchtúr amach anseo, tá sé éigeantach go mbainfimid tairbhe níos mó as ár n-infheistíochtaí. Bhí an tuarascáil dírithe ar leas níos éifeachtaí a bhaint as infreastruchtúr. Tarraingítear aird ann ar roinnt gníomhartha beartais praiticiúla lena bhféadfaí an costas a bheadh i gceist chun na tionscadail chriticiúla sin a chur i gcrích a laghdú go suntasach. Áirítear orthu sin feabhas a chur ar an bpróiseas pleanála agus an reachtaíocht, nósanna imeachta soláthair a leasú, socruithe institiúideacha a threisiú le haghaidh tionscadal infreastruchtúir, cnuasaigh scileanna iomchuí a fhorbairt, rannpháirtíocht phríobháideach i maoiniú agus i gcistiú agus sineirgí a aithint i bhfeidhmiú infreastruchtúir idir Éire agus Tuaisceart Éireann.

## Athbhreithniú ar Thionchar Eacnamaíoch na Teorann Miondíola

Is é ceann de choinníollacha Chlár an AE-CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn ná go ndéanfaidh an Rialtas staidéar ar an tionchar eacnamaíoch a bheadh i gceist dá mbainfí an teorainn ar mhéid áitribh miondíola d'fhonn iomaíochas a fheabhsú agus praghsanna a laghdú do thomhaltóirí agus go bpléifidh sé na hiarmhairtí ar fheidhmiú a bheartais leis an gCoimisiún Eorpach. Iarradh ar Forfás an staidéar sin a dhéanamh.

D'oibrigh Forfás go dlúth le grúpa stiúrtha inar cuimsíodh oifigigh ón PRFN agus ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ). Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an dá Roinn in Aibreán, agus fuarthas faisnéis uaithi don athbhreithniú níos leithne ar na treoirlíne um pleanáil miondíola a bhí á dhéanamh ag an RCPRÁ. I Samhain 2011, d'fhoilsigh an RCPRÁ tuarascáil Forfás mar aon leis na dréacht-treoirlínte leasaithe um pleanáil miondíola.

Tá gaol casta idir an teorainn miondíola, praghsanna agus iomaíochas. Go teoiriciúil, dá mbainfí an teorainn miondíola chruthófaí coigiltis chostais níos mó do mhiondíoltóirí, trí bharainneachtaí scála, agus d'fhéadfaí iad a chur ar aghaidh go custaiméirí dá mbeadh iomaíochas láidir ann. Tá baol ann áfach, go bhféadfadh miondíoltóirí a mbuntáistí scála a shíneadh chun monaplachtaí áitiúla a chruthú. Is fadhb faoi leith é sin sa mhargadh grósaeireachta mar ní bhíonn formhór na dtomhaltóirí sásta achar fada a thaisteal chun a siopadóireacht sheachtainiúil a dhéanamh.

Fuair Forfás go bhfaighfí torthaí measctha ó thaobh iomaíochas a fheabhsú agus praghsanna tomhaltóirí a laghdú dá mbainfí na teorainneacha go forleathan. I gcomhréir le príomhthorthaí na tuarascála, déanfar idirdhealú sna dréacht-treoirlínte leasaithe um pleanáil miondíola idir cathracha agus bailte bunaithe ar mhéid. Moltar méadú measartha ar an teorainn miondíola sna príomhchathracha.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil freisin nach í an teorainn an t-aon ghné den chreat pleanála a mbíonn tionchar aici ar iomaíochas agus praghsanna tomhaltóirí, agus nach mór aghaidh a thabhairt ar na fachtóirí eile sin chomh maith. Is díol suntais é go bhfuil meánmhéid na siopaí grósaeireachta in Éirinn i bhfad níos lú ná na teorainneacha reatha.

Tar éis comhairliúchán poiblí i ndeireadh 2011 faoi na dréacht-treoirlínte leasaithe, d'fhoilsigh RCPRÁ na treoirlínte leasaithe deiridh um pleanáil ar an 1 Bealtaine. Déantar foráil sna treoirlínte nua do mhéaduithe níos measartha ar an teorainn grósaeireachta ná mar a mholann Forfás. Méadaíodh an teorainn grósaeireachta ó 3,500 méadar cearnach go 4,000 méadar cearnach i mBaile Átha Cliath, ó 3,000 méadar cearnach go 3,500 méadar cearnach i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach/Sionainn agus i bPort Láirge, ach is é 3,000 méadar cearnach an teorainn fós i ngach áit eile. Is í an teorainn trádstórais mhiondíola (siopaí móra aonleibhéil a dhíolann earraí móra tí m.sh. troscán, earraí leictreacha) an príomhathrú eile, a

socraíodh ag 6,000 méadar cearnach i ngach áit seachas na geataí NSS – ní bhaineann an eisceacht ón teorainn ach leis na cúig phríomhchathair – Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge.

Athbhreithniú ar Thionchar Eacnamaíoch na Teorann Miondíola

## An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

Tacaíonn an taighde agus an anailís a dhéanann Forfás le hobair na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC). Bhunaigh an Rialtas an NCC in 1997. Tagann comhaltaí na Comhairle ó réimsí gnó, ó cheardchumainn, ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais agus ón saol acadúil. Tuairiscíonn sí don Taoiseach maidir le príomhcheisteanna iomaíochais atá mar dhúshlán do gheilleagar na hÉireann agus molann sí gníomhartha beartais a theastaíonn chun iomaíochas na hÉireann a fheabhsú.

D'fhoilsigh an Chomhairle roinnt tuarascálacha ar iomaíochas in 2011:

- Ráiteas ar Thosaíochtaí Iomaíochais
- Costais um Dhul i mBun Gnó in Éirinn 2011
- Scórchárta Iomaíochais na hÉireann 2011
- Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2011

### Ráiteas ar Thosaíochtaí Iomaíochais

Ag tosú ón dtuiscint go bhfuil feabhsuithe ar iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann ina gcuid riachtanach dár straitéis téarnaimh, sa pháipéar seo tarraingíodh aird ar na príomh-mholtaí a chreid an Chomhairle gur ghá don Rialtas tosaíocht a thabhairt dóibh. Tá siad sin dírithe ar cheithre phríomhréimse:

- Fiontraíocht;
- Iomaíochas agus Táirgiúlacht;
- Beartas Fioscach; agus
- Ag Feabhsú Bonn Scileanna, Taighde agus Infreastruchtúir na hÉireann.

Go sonrach, tá an Ráiteas dírithe ar athchóiriú struchtúrtha a bhunú as a mbainfear tairbhí iomaíochais fadtéarmacha agus marthanacha, seachas feabhsuithe sealadacha timthriallacha ar iomaíochas.

### Costais um Dhul i mBun Gnó in Éirinn 2011

Baintear úsáid as na sonraí costais comparáideacha idirnáisiúnta is déanaí i *gCostais um Dhul i mBun Gnó in Éirinn 2011* chun iniúchadh a dhéanamh ar raon leathan costas a bhaineann le fiontar thar cheithre phríomhréimse: saothar, maoin, fóntais agus seirbhísí gnó agus gairmiúla. Cuirtear praghas roinnt príomhchostas ionchuir ghnó in Éirinn i gcomparáid leis na praghsanna a ghearrtar i ndlínsí eile (nuair atá siad ar fáil). Chomh maith leis sin, déantar

iniúchadh freisin ar athruithe ar chostais fhiontair le himeacht ama chun tuiscint a fháil ar an gcaoi ina bhfuil costais ag dul chun cinn.

Cuimsítear anailís bhreise i dtuarascáil 2011 i gcomparáid le heagráin roimhe sin. Déantar spreagthaí na gcostas gnó sin a mheas le cinneadh cén fachtóirí atá ag cur leis na costais sin agus chun na gníomhartha beartais a aithint a bhféadfaí iad a ghlacadh le go mbeifí in ann praghsanna a choigeartú go héifeachtúil de réir fhórsaí an mhargaidh. Is é príomhsprioc an pháipéir seo sraith gníomhartha praiticiúla a aithint lena bhféadfaí athchóiriú struchtúrtha a sholáthar, ag cinntiú go bhfeidhmítear margaí ar bhealach ina dtacaítear le hiomaíochas costais idirnáisiúnta na hÉireann.

Fuarthas i *gCostais um Dhul i mBun Gnó in Éirinn 2011* gur tháinig feabhas breise ar iomaíochas costais idirnáisiúnta na hÉireann in 2010, ag leanúint le treocht ó na blianta roimhe sin. D'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh iomaíochais chostais de ó 2008 i leith, is gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh fiontair Éireannacha in ann dul in iomaíocht go hidirnáisiúnta. D'ainneoin laghduithe praghais, tá raon ionchur ghnó in Éirinn fós réasúnta costasach i gcomparáid le dlínsí eile, go háirithe maidir le maoin, glaonna ó línte talún, agus táillí dlí. Tagann líon mór de na hionchuir sin chun cinn san earnáil um thrádáil áitiúil.

Léirítear sa tuarascáil freisin nach leor é costais a laghdú amháin chun iomaíochas a fheabhsú go suntasach – ní foláir nó go ndéanfar costais a laghdú ag ráta níos gasta ná ráta na laghduithe ag ár bpríomh-iomaitheoirí. Áiríodh i measc na bpríomhthorthaí eile:

- I gcás ina bhfuil costais tar éis laghdú, tharla sé sin de thoradh ar fhachtóirí timthriallacha seachas fachtóirí struchtúrtha. Tá baol ann mura mbainfear na bacainní struchtúrtha a chuireann cosc ar choigeartú costas go maolófaí an dul chun cinn atá déanta le déanaí ó thaobh iomaíochais de go gasta nuair a thiocfaidh téarnamh geilleagrach i bhfeidhm. Mar shampla, cé gur tháinig laghdú suntasach ar chostas an leictreachais thionsclaíoch le haghaidh mór-úsáideoirí fuinnimh in Éirinn (-27%) in 2010, tharla na laghduithe praghais sin de thoradh ar fhachtóirí timthriallacha den chuid ba mhó - an laghdú géar ar phraghsanna breosla domhanda (gás agus gual) agus fóirdheontais náisiúnta shealadacha a chuirfear deireadh leo de réir a chéile in 2012. Ní cosúil go mbeidh praghsanna níos ísle inmharthana go meántéarmach gan athchóiriú beartais níos bunúsaí.
- Ní hamháin go mbraitheann athruithe ar iomaíochas praghais agus costais ar threochtaí costais agus praghais ach braitheann siad ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte chomh maith. Tá rátaí malairte luaineach agus ní féidir linn iad a rialú. D'fhonn iomaíochas costais a fheabhsú ba cheart dúinn díriú ar fhachtóirí costais ar féidir tionchar a bheith againn orthu sa bhaile.

Ag cur leis na sonraí tagarmharcála agus an anailís ar spreagthaí costais, shocraigh an Chomhairle sraith moltaí sainiúla atá deartha chun costais a laghdú. Tar éis don tuarascáil a bheith curtha faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus tar éis di a bheith foilsithe, scríobh an tAire Bruton chuig na hAirí atá freagrach as na moltaí sa tuarascáil *Costais um Dhul i mBun Gnó* a chur i bhfeidhm, agus d'iarr sé orthu na céimeanna a bhí á nglacadh, nó is gá a ghlacadh, a aithint, chun na moltaí a bhaineann lena gcuid ranna nó gníomhaireachtaí a chur i bhfeidhm. Taifeadadh dul chun cinn suntasach cheana féin nó tá sé ar siúl thar raon leathan réimsí ar tharraing an Chomhairle orthu, lena n-áirítear athchóiriú seirbhísí dlí agus athchóiriú an mhargaidh shaothair.



### An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

Sa phictiúr ag cruinniú an NCC tá (c-d) Aidan O'Driscoll, Rúnaí Cúnta, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia (tulra), Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, Forfás, Sean Murphy, Leas-Phríomhfheidhmeannach, Chambers Ireland, Brendan Butler Stiúrthóir Straitéise, Trádála, Gnóthaí AE agus Idirnáisiúnta, IBEC agus Michael Delaney, Leasuachtarán na Forbartha, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

### Scórchárta Iomaíochais na hÉireann 2011

Cuireadh an teideal nua *Scórchárta Iomaíochais na hÉireann* ar fhoilseachán na bliana seo um thagarmharcáil NCC agus foilsíodh i Meán Fómhair 2011 é. Léiríonn an Scórchárta tuairim na Comhairle gur cheart d'Éirinn iarracht a dhéanamh leibhéal den chéad scoth a bhaint amach i ngach rud a dhéanaimid. Trí thagarmharcáil a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht iomaíochais soláthraítear bonn staitistiúil do bhreathnóirí chun láidreachtaí agus laigí iomaíochais na hÉireann a aithint agus tugann sé bonn taca anailíse don Chomhairle chun moltaí beartais a chumadh a bheidh deartha chun iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann a bharrfheabhsú.

Déantar feidhmíocht na hÉireann thar raon de 27 táscaire a chur i gcomparáid le 17 dár bpríomh-iomaitheoirí ar an Scórcárta.  De réir na dtorthaí ar Scórchárta Iomaíochais na hÉireann, bhí feidhmíocht mheasctha ag Éirinn in 2011.  D'fheidhmigh an earnáil fiontair go réasúnta maith - tá earnáil easpórtála na hÉireann ina láidreacht iomaíochais shuntasach agus ba í an t-aon fhoinse fáis gheilleagraigh in 2010. Rinneadh fás in onnmhairí a éascú agus a thacú le laghduithe inár mbonn costais, mar aon le feabhsuithe i dtáirgiúlacht.

Ar an drochuair, áfach, léirítear i Scórchárta 2011 go bhfuil mórán réimsí inár ngeilleagar ag tearcfheidhmiú, agus go bhféadfaí feabhas suntasach a chur orthu.  Tarraingíodh aird ar fhiach ard poiblí, ar dhífhostaíocht ag dul i méid agus ar easnaimh chreidmheasa mar chúiseanna imní.  Tháinig roinnt treochtaí eile ar ábhar buartha iad chun cinn i dtuarascáil 2011, mar shampla, feidhmíocht acadúil mheathlach ár ndaltaí in aois 15 bliana sa Chlár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí.  Ag cur leis an anailís sin, d'fhorbair an Chomhairle sraith moltaí beartais a foilsíodh sa tuarascáil um Dhúshlán Iomaíochais.

### Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2011

Foilsíodh *Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2011* in Eanáir 2011 agus pléann sé na nithe a mheasann an Chomhairle a bheith mar na hathruithe beartais is tábhachtaí atá de dhíth chun tacú leis an earnáil fiontair agus iomaíochas idirnáisiúnta a fheabhsú. Tarraingítear aird sa tuarascáil ar an ngá le gníomh gasta i bhfianaise na neamhchinnteachta eacnamaíche idirnáisiúnta leanúnaí agus an riosca mhéadaithigh de tuilleadh cúlaithe i gcuid de mhargaí na hÉireann. Tá na gníomhartha a mholann an Chomhairle (agus a bhfuil achoimre orthu thíos) dírithe ar cheithre chuspóir comhlántacha a bhaint amach - ár mbonn costais a laghdú,

táirgiúlacht a fheabhsú, cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus fhioscach a athsholáthar agus seachadadh caighdeán feidhmíochta den scoth a chinntiú.

**Laghdú na gCostas um Ghnó:** Tá fócas comhsheasmhach ar fud an Rialtais ar struchtúr costais an fhiontair a laghdú de dhíth. Baineann na moltaí faoin gceannteideal seo le níos mó faisnéise a sholáthar maidir le feidhmiú an GNBS; athchóirithe ar an mbealach ina ndéantar rátaí tráchtála a ríomh agus a bhailiú; gníomhartha amhail céimniú amach fóirdheontas um leictreachas a ghintear le móin agus athbhreithniú ar an scéim REFIT chun costais fuinnimh a laghdú.

**Borradh Táirgiúlachta:** Molann an Chomhairle go leanfaí le hiarrachtaí chun ár dtáirgiúlacht a fheabhsú. Trí dhíriú ar ghníomhartha chun caighdeáin oideachais a fheabhsú, agus chun oiliúint nua agus athoiliúint a chur ar an bhfórsa saothair, oiriúnú don mhargadh saothair a éascú, tús áite a thabhairt dár gcaiteachas ar T&F agus ár n-infreastruchtúr a fheabhsú, is féidir linn gníomhartha a ghlacadh anois chun feabhsuithe inmharthana a chur ar ár gcaighdeáin mhaireachtála.

**Athshlánú Timpeallacht Maicreacnamaíoch Iontaofa:** Tá airgeadas cobhsaí rialtais agus córas airgeadais feidhmiúil ríthábhachtach chun tacú le hiomaíochas. Go háirithe, ní mór d'Éirinn an bonn cánach a leathnú trí cháin maoine cónaithe chothrom agus fhorleathan a thabhairt isteach, agus trí úsáid níos mó a bhaint as táillí úsáideoirí, fad is a gcoinnítear córas cánach iomaíoch i leith saothair. Dírítear sa tuarascáil Dúshláin ar an ngá le bearta a thabhairt isteach a chuirfidh feabhas ar an sreabhadh airgid thirim le haghaidh gnó agus le rochtain a fheabhsú ar mhaoiniú d'fhiontar.

**Seachadadh Caighdeán Feidhmíochta den Scoth:** Ó 2008 i leith, tá an clár oibre um athchóiriú na hearnála poiblí dírithe go mór ar an gcostas a bhaineann le reáchtáil na hearnála poiblí a laghdú trí líon na bhfostaithe a laghdú. Is gá bogadh ar aghaidh ó bhraith beagnach go heisiach ar chiorruithe mar bhealach chun an t-athchóiriú a bhrú ar aghaidh áfach. Ní mór dúinn athchóiriú struchtúrtha a chur ar bun lena seachadfar feabhsuithe táirgiúlachta inbhuanaithe, nach féidir iad a mhaolú go gasta nuair a thiocfaidh fás ar an ngeilleagar arís.

Baineann soláthar caighdeán feidhmíochta den scoth leis an earnáil phríobháideach freisin. Tá muinín an phobail a ghabháil ar ais agus ár gcáil idirnáisiúnta a athbhunú i measc na bpríomhdhúshlán mór atá os comhair na hÉireann. Léirigh an ghéarchéim reatha easnaimh ghéara i rialachas corparáideach, go háirithe maidir le hearnáil na seirbhísí airgeadais, atá tábhachtach go córasach d'fholláine geilleagair. Tugtar faoi deara sa Dhúshlán go bhfuil athchóiriú an rialachais chorparáidigh ina ghné riachtanach den iomaíochas náisiúnta a fheabhsú.

Léiríodh mórán de na príomhtheachtaireachtaí ó thuarascálacha um Dhúshlán Iomaíochais roimhe seo i gClár an AE/CAI d'Éirinn agus ghlac lucht déanta beartas intíre gníomh ina leith. Tá iomaíochas ag feabhsú agus tá gníomhartha á nglacadh maidir le moltaí a rinne an Chomhairle roimhe seo, amhail tiomantas an Rialtais do cháin maoine agus táillí uisce baile a thabhairt isteach, bunú na comhairle fioscaí, chomh maith le roinnt feabhsuithe i réimse an bheartais iomaíochais.

# Daoine

## Ag forbairt ár lucht saothair ardoilte, cumasach agus solúbtha

Tá infheistíocht straitéiseach leanúnach i bhforbairt mhuintir na hÉireann ina gné ríthábhachtach do rath geilleagrach na hÉireann. Ní mór go mbeadh soláthar oideachais, oiliúna agus breisoiliúna a chomhlíonfaidh riachtanais na bhfiontar reatha agus na todhchaí mar chroílár dár mbeartais fiontraíochta. Tugann Forfás comhairle don Rialtas maidir le hoideachas, scileanna agus beartais mhargaidh mar go mbaineann siad le forbairt na fiontraíochta. Tugann Forfás comhairle chomh maith maidir le beartais a thacaíonn le solúbthacht sa mhargadh saothair.

Leagaimid béim ar riachtanais scileanna in earnálacha straitéiseacha lárnacha agus ar scileanna eile atá ríthábhachtach d'iomaíochas na hÉireann, scileanna mar oilteacht mhatamaitice, eolaíocht, teicneolaíocht agus innealtóireacht.

Déanaimid réamh-mheasúnú ar na riachtanais scileanna a bheidh ag teastáil don fhiontraíocht ar leibhéal náisiúnta agus earnála agus déanaimid moltaí maidir le conas is fearr dul i ngleic leis na riachtanais a aithnítear.

Déanaimid monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le baint amach spriocanna na Straitéise Náisiúnta Scileanna agus cuirimid anailís ar fáil maidir le hoideachais agus le hoiliúint a chur in oiriúint do riachtanais lucht fiontraíochta, ina measc, príomhthosaíochtaí oiliúna agus na slite is éifeachtúla ó thaobh costais de le freagairt dóibh.

Tugaimid comhairle don Rialtas maidir le treochtaí sa mhargadh saothair, breisoiliúint, beartais maidir le gníomhachtú agus socrúchán oibre lena n-áirítear comhairle a thabhairt maidir le haon riachtanais scileanna nach féidir a aimsiú go hinmheánach in Éirinn ag tráth ama ar bith agus dá réir go gcaithfear na scileanna sin a aimsiú trí imirce isteach.

Déanaimid tagarmharcáil ar fhorbairtí in ábhair agus i gcórais sheachadta a thacaíonn le barr feabhais a bhaint amach i gcaighdeáin oiliúna i dtíortha eile agus tugaimid comhairle maidir le conas is féidir na forbairtí sin a ionchorprú i soláthar oiliúna in Éirinn.

Soláthraímid taighde agus anailís don Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí agus forbraímid moltaí beartais thar ceann an Ghrúpa.

## Springboard - Glao um Ghníomhachtú an Mhargaidh Saothair Ardoideachais

In Eanáir 2011, d'eisigh an tÚdarás um Ard-Oideachas, thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna, Glao ar Thograí do sholáthraithe poiblí agus príobháideacha ardoideachais in Éirinn ar mhaithe leis an nglao um ghníomhachtú an mhargaidh saothair ardoideachais dar teideal Springboard. Cuid de Thionscnamh Post 2011 an Rialtais é Springboard, beartas um ghníomhachtú an mhargaidh saothair, a bhfuil sé mar aidhm aige díriú ar ghrúpa daoine ar leith atá dífhostaithe, ach go bhfuil stair fostaíochta acu. Is éard is príomhchuspóir dó ná cabhrú le daoine atá dífhostaithe fanacht chomh gar agus is féidir é don mhargadh saothair trí rochtain a fháil ar dheiseanna ardoideachais agus oiliúna páirtaimseartha agus solúbtha nó dul i mbun breisoiliúna i réimsí inar féidir go dtiocfaidh deiseanna fostaíochta inbhuanaithe chun cinn de réir mar a thagann an geilleagar chun téarnaimh.

Shonraigh Forfás na deiseanna sin i ndoiciméad, *Treoir do sholáthraithe ardoideachais ar riachtanais scileanna reatha agus todhchaíoch na fiontraíochta*, a bhí ag dul leis an nglao iomaíoch. Aithníodh ann réimsí d'éilimh sainscileanna i bhfiontair ina bhféadfaí cláir a fhorbairt ina leith. Dheimhnigh sé sin go raibh an soláthar i gcomhréir le riachtanais scileanna na bhfiontar agus dá bhrí sin gur cheart go mbeadh torthaí optamacha margaidh saothair ann do rannpháirtithe.

Cuireadh €19.7m ar fáil do 5,883 áit ar chúrsaí maoinithe Stáit ag tosú in 2011. Seo a leanas na háiteanna a bronnadh faoi Springboard agus a leithdháileadh ar na hearnálacha éagsúla: TFC 31 faoin gcéad, trasearnáil/trasghnó 21 faoin gcéad, feistí leighis 16 faoin gcéad, geilleagar glas 14 faoin gcéad, bith-chógaseolaíocht/cógaseolaíocht cheimiceach 8 faoin gcéad, bia agus deoch 7 faoin gcéad, seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta 3 faoin gcéad.

Treoir do Sholáthraithe Ardoideachais ar Riachtanais Scileanna Reatha agus Todhchaíoch na Fiontraíochta

## Treoirlínte um Ailíniú na gClár Breisoideachais le Riachtanais Scileanna na Fiontraíochta

Chuaigh Forfás i mbun taighde ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhthéacs feabhas a chur ar an slí a fhéadfadh an Coiste Gairmoideachais dul i ngleic le riachtanais scileanna reatha agus todhchaíoch fhostóirí. Is éard is aidhm dó ná treoirlínte straitéiseacha a sholáthar ar féidir leis an earnáil CGO a ghlacadh lena chinntiú go mbeidh oiriúnú feabhsaithe ann idir soláthar agus riachtanais an mhargaidh saothair.

Maidir le haghaidh a thabhairt air seo, is féidir le CGOanna iad seo a leanas a thionscain nó a fhorbairt:

- Oibriú níos dlúithe le fiontair áitiúla agus le seirbhísí fostaíochta poiblí atá ann cheana féin maidir le cúrsaí a chomhlíonfaidh riachtanais ar leibhéal áitiúil a fhorbairt;
- Feabhas a chur, i gcomhar le fiontair, ar an bhfoghlaim ionaid oibre (socrúcháin oibre, intéirneachtaí) laistigh de sholáthar na gclár;
- Monatóireacht, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha áitiúla, ar sholáthar dámhachtainí atá riachtanach de bhun rialacháin;

- Feabhas a chur ar bhailiú sonraí, go háirithe maidir le torthaí um dhul chun cinn – dul chun cinn go fostaíocht/féinfhostaíocht agus go breis oideachais/oiliúna;
- Cur leis an mbonn láidir de sholáthar scileanna bunaidh agus cineálacha, an soláthar sin a fhorbairt mar chuid de dhul chun cinn indibhidiúil nó mar chuid de phleananna forbartha gairme; agus
- Dul chun cinn a dhéanamh ó sholáthar neamh-chreidiúnaithe go soláthar creidiúnaithe, líon na roghanna creidiúnaithe san oideachas bunúsach a mhéadú (litearthacht d'aosaigh agus oideachas pobail, go príomha).

Beidh ar na CGOanna a chinntiú go scaipfear go héifeachtach eolas i ndáil le scileanna reatha agus todhchaíoch mar aon le riachtanais mhargaidh saothair trí an earnáil CGO. Beidh orthu solúbthacht mhéadaithe a chur chun cinn freisin i ndáil le freagra a thabhairt ar athruithe i scileanna agus i riachtanais margaidh saothair chomh maith le hidirghníomhaíocht fheabhsaithe a fhorbairt idir fiontair agus an earnáil CGO, agus díriú ar infhostaitheacht fhoghlaimeoirí Coiste Gairmoideachais. Ó shin tá an ROS tar éis taighde Forfás a chur faoi bhráid na CGOanna agus an Ghrúpa Forfheidhmithe Solas.

## Comh-Aighneacht (EGFSN/Forfás/NCC) chuig Comhairliúchán NCCA ar Dhréacht-Ghearrchúrsa Fiontraíochta na hArdteistiméireachta

I nDeireadh Fómhair 2011, cuireadh comh-aighneacht de chuid Forfás, na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC) agus an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) faoi bhráid Chomhairliúchán na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) ar Dhréacht-Ghearrchúrsa Fiontraíochta na hArdteistiméireachta.

Cuireadh fáilte san aighneacht roimh an dréachtchúrsa mar a bhí molta, go háirithe maidir leis na scileanna gur leagadh béim orthu sa chúrsa mar foghlaim fhéintreoraithe, smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, próiseáil eolais, obair foirne agus bainistíocht tionscadail, iad uile an-ábhartha don gheilleagar agus don ionad oibre nua-aimseartha.

Cuimsíodh roinnt moltaí san aighneacht maidir le conas a fhéadfaí an cúrsa a fheabhsú níos mó, bunaithe ar thorthaí taighde de chuid Forfás, an EGFSN agus an NCC, go háirithe maidir le:

- Béim níos mó a leagadh ar idirnáisiúnú agus ar an ngá atá le smaoineamh ó dhearcadh domhanda de;
- Suntasacht na forbartha bainistíochta agus na scileanna díolacháin agus margaíochta;
- Tábhacht scileanna teanga iasachta agus tuiscint ar chultúir dhomhanda; agus
- Béim mhéadaithe atá riachtanach a leagadh ar choincheapa na nuálaíochta a fhorbairt sa chúrsa.




**Forfás ag Comhdháil TÉ um Rathúlacht trí mheán Scileanna - Ag Claochlú na Todhchaí**

Sa phictiúr tá (c-d) Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, Forfás, Charlie Mayfield, Cathaoirleach ar Choimisiún RA um Fhostaíocht agus Scileanna agus Cathaoirleach um Chomhpháirtíocht John Lewis agus Aire Fostaíochta agus Foghlama, an Dr Stephen Farry

## Aighneacht ar an Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020

I mí Feabhra 2011, cuireadh comh-aighneacht de chuid Forfás agus an EGFSN isteach chuig an bpróiseas comhairliúcháin don *Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020*.

Seo a leanas na príomhthosaíochtaí de chuid Forfás/EGFSN a aibhsíodh:

- A chinntiú go leagann an Straitéis béim ar an nasc soiléir atá ann idir scileanna litearthachta agus uimhearthachta agus an tábhacht a ghabhann leo don gheilleagar agus don ionad oibre;
- An litearthacht agus an uimhearthacht a chomhtháthú thar raon disciplíní;
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) i litearthacht agus in uimhearthacht a fheabhsú do mhúinteoirí agus rannpháirtíocht i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach a mhéadú; agus
- Measúnú a dhéanamh níos minice ar shonraí a thagann chun cinn agus iad a úsáid chun cleachtas a fheabhsú.

Léirítear go láidir na tosaíochtaí sin sa Straitéis deiridh a sheol an tAire Oideachais agus Scileanna ar an 8 Iúil 2011. Go sonrach, léiríonn an Straitéis an nasc láidir atá ag an litearthacht agus ag an uimhearthacht le hinfhostaitheacht agus rath geilleagrach.

## Comhairle ar an mBeartas Imirce Eacnamaíochta

Le linn 2011, lean Forfás ar aghaidh ag cur comhairle ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi bheartas imirce eacnamaíochta.

I measc na comhairle a cuireadh ar fáil in 2011 bhí athruithe i dtreochtaí agus i nganntanais scileanna sa mhargadh saothair a aithint, bunaithe ar an anailís cuimsithe sa bhFeasachán

Scileanna Náisiúnta 2011. Úsáideann an RPFN an t-eolas seo chun cinneadh a dhéanamh faoi na gairmeacha beatha a bheadh incháilithe le haghaidh Cártaí Glasa agus Ceadanna Oibre.

Chomh maith le nuashonruithe ar an margadh saothair, lean Forfás ag soláthar ionchuir don Roinn i ndáil le raon saincheisteanna beartais imirce de réir mar a tháinig siad chun cinn. Chuimsigh sé sin comhairle ar shocruithe margaidh saothair atá ann cheana féin idir Éire agus ballstáit an AE agus ár n-acmhainn riachtanais saothair agus scileanna a chomhlíonadh chomh fada le hEanáir 2014. In Iúil 2011, tháirg Forfás páipéar inar tugadh comhairle don Rialtas ar bheartas imirce i ndáil le rochtain ar an margadh saothair do náisiúnaigh na Bulgáire agus na Rómáine don tréimhse ó 2012 go 2014.

## AE 2020: Ag Leagadh Sprioc um Ráta Fostaíochta na hÉireann

I Márta 2010, mhol an Coimisiún straitéis nua a fhorbairt don deich mbliana le teacht, *Straitéis Eoraip 2020*, d'fhonn an AE a chumasú le go bhféadfadh sé teacht slán níos láidre ó ghéarchéim trí fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, in éineacht le leibhéil arda fostaíochta, táirgiúlachta agus comhtháthaithe shóisialta. Sonraítear i gcúig sprioc cheannlíne na comhchuspóirí a threoraíonn gníomhaíochtaí na mBallstát. Is í an sprioc fostaíochta don AE in 2020 ná go mbeidh 75 faoin gcéad de dhaoine d'aois 20-64 bliain fostaithe agus go ndéanfaidh na ballstáit cláir leasaithe náisiúnta a chur i bhfeidhm, cláir a oibreoidh ina threo seo agus i dtreo na spriocanna eile.

Chur Forfás comhairle ar fáil i leith na hÉireann gur cheart di ráta fostaíochta de 69-71 faoin gcéad a leagadh síos leis an bhféidearthacht é sin a athrú in 2014. Measadh gurbh é sin an cur chuige ba fheiliúnaí. Ní mór polasaithe a chuireann fás fostaíochta chun cinn agus a fheabhsaíonn rannpháirtíocht mhargaidh saothair a dhíriú ar na réimsí seo a leanas:

- Éileamh lag ar shaothar agus dreasachtaí/spreagthaí le fostaíocht a mhéadú i réimse na fiontraíochta;
- Dífhostaíocht fhadtéarmach agus eilimintí struchtúracha na dífhostaíochta;
- Daoine go bhfuil leibhéil ísle de ghnóthachtálacha oideachais acu agus céimithe níos óige ardoideachais; agus
- Thar na tréimshe fadtéarmaí, grúpaí le rátaí rannpháirtíochta / fostaíochta cuíosach íseal – mná, daoine faoi mhíchumas, oibrithe breacaosta, tuismitheoirí aonaracha agus cleithiúnaithe leasa.

## Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

Tugann an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) comhairle do Rialtas na hÉireann maidir le riachtanais scileanna reatha agus todhchaíoch an gheilleagair agus maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an margadh saothair a bhfuil tionchar acu ar fhás fiontraíochta agus fostaíochta na hÉireann. Tá ról lárnach ag an Sainghrúpa deimhin a dhéanamh de go ndéantar riachtanais an mhargaidh saothair i ndáil le hoibrithe oilte a bheith ar fáil, a réamh-mheas agus a chomhlíonadh. I measc comhaltaí EGFSN cuimsítear ionadaithe lucht gnó, fostaithe, lucht oideachais, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit.

Cuireann Forfás, i gcomhar leis an Aonad Taighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair in FÁS, tacaíocht taighde agus anailíse ar fáil don Sainghrúpa. Is é Ceannaire na Rúnaíochta, atá bunaithe i Forfás, a bhainistíonn clár oibre an Ghrúpa.

Cuireann an EGFSN comhairle ar fáil don Rialtas maidir le saincheisteanna scileanna a bhfuil tionchar acu ar an bhfiontraíocht trí chomhairle a sholáthar faoi:

- Riachtanais scileanna ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na n-earnálacha éagsúla;
- Tosaíochtaí maidir le riachtanais oiliúna;
- Riachtanais scileanna a chaithfear a shásamh trí imirce isteach chun na tíre;
- Oiriúnú a dhéanamh ar ábhar agus ar mhodh seachadta na gclár; agus
- Tionchar a imirt ar fhorfheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh air.

Le linn 2011, lean an EGFSN ar aghaidh ag obair le páirtithe leasmhara lena chinntiú go scaipfí sonraí ríthábhachtacha faoin margadh saothair i measc na bpáirtithe ábhartha uile. Chur an Grúpa léirithe i láthair faoi raon fairsing saincheisteanna margaidh saothair ag comhdhálacha agus ag fóraim i gcaitheamh na bliana. In 2011 dhírigh an Grúpa ar obair sna réimsí seo a leanas:

- Ag Dul i nGleic le Deacrachtaí Earcaíochta um Scileanna TFC na gCuideachtaí Dúchasacha agus faoi Úinéireacht Iasachta
- Ag Forbairt Aitheantais Réamhfhoghlama
- Dul chun cinn ar chur chun feidhme moltaí tuarascála EGFSN
- Comhoibriú le hAonad Taighde Margaidh Saothair agus Scileanna de chuid FÁS

## Ag Dul i nGleic le Deacrachtaí Earcaíochta um Scileanna TFC na gCuideachtaí Dúchasacha agus faoi Úinéireacht Iasachta

Aithníodh raon deacrachtaí scileanna earcaíochta trí obair an EGFSN, go háirithe maidir leis an saincheist láithreach a bhaineann le scileanna ardleibhéil TFC / ríomhaireachta agus innealtóireachta. Tá imní léirithe ag cuideachtaí FDI agus dúchasacha araon i dtionscail TFC nach leor an soláthar intíre de chéimithe le scileanna ardleibhéil TFC/ríomhaireachta agus innealtóireachta leictreonaice chun an t-éileamh reatha a shásamh. Chuaigh an EGFSN i mbun comhairliúcháin le cuideachtaí chun eolas a fháil faoi mhéid agus nádúr na bpost i gceist agus bearta a aithint chun aghaidh a thabhairt orthu sin.

Ar an éileamh láithreach ar scileanna tá (i) céimithe ar leibhéal iontrála; (ii) gairmithe TFC le taithí 2-8 mbliana; agus (iii) gairmithe TFC le taithí 8+ mbliana. Athraíonn an riachtanas seo ó chuideachta go cuideachta. Is éard is cúis leis na deacrachtaí maidir leis an éileamh seo a shásamh ná meath suntasach ar an soláthar intíre de chéimithe TFC le blianta beaga anuas. Bhí laghdú de 20 faoin gcéad ar iontrálacha na bliana 2010 do chláir ríomhaireachta Leibhéal 8 i gcomparáid leis an mbliain 2000, cé go bhfuil méadú de 29 faoin gcéad tagtha ar líon na n-iontrálacha le trí bliana anuas. Meastar gur 2,500 an t-iomlán bliantúil d’éileamh leata agus

athsholáthair na hearnála TFC d'innealtóirí ríomhaireachta agus leictreonaice NFQ Leibhéal 8+ don tréimhse 2012-2013. Tá tuairim agus 55 faoin gcéad dá riachtanais scileanna TFC ar ardleibhéal á bhfoinsiú ag cuideachtaí trí imirce isteach, cé go bhfuil sé ag fáil níos deacra, mar go bhfuil an-éileamh ar na scileanna seo fud an domhain.

Léiríonn torthaí gur deacair do chuideachtaí daoine le hardscileanna TFC a earcú, go háirithe ó thaobh tallainne ríomhaireachta/bog earraí de, mar thoradh ar:

- Leathadh oibríochtaí gnó chuideachtaí le ceithre bliana anuas (fás fostaíochta +4 faoin gcéad).
- Acmhainneacht ag cuideachtaí coigríche infheistíocht shoghluaiste a aimsiú ó mháthairchuideachta.
- Méadú ar an sciar fostaíochta san earnáil gurb comhaltaí foirne le hardleibhéal scileanna iad.

Ag leanúint ar aghaidh ó thaighde ar ghlac Forfás leis thar ceann an EGFSN, réitíodh *an Plean Gníomhaíochta TFC – Ag freastal ar riachtanais scileanna ardleibhéal na fiontraíochta in Éirinn,* comhréitithe ag Forfás, an ROS, agus an HEA.



**Seoladh an Phlean Gníomhaíochta TFC: Ag Freastal ar Riachtanais Scileanna Ardleibhéal na Fiontraíochta in Éirinn**

Sa phictiúr tá (c-d) Ruairí Quinn, T.D., Airea Oideachais agus Scileanna agus Richard Bruton, T.D., Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Bunaíonn an Plean sprioc uileghabhálach i ndáil le líon na n-aschur bliantúil a dhúbailt ó chláir fhochéime onóracha TFC go 2,000 céimí roimh 2018. I measc roinnt de na gníomhaíochtaí atá molta chun soláthar na gcéimithe a mhéadú tá:

- Cúrsaí tiontaithe TFC a chur ar fáil;
- Moladh le haghaidh glao breise faoi Springboard d'áiteanna breise TFC ag 3ú leibhéal dírithe ar lucht cuardaigh fostaíochta;
- Feasacht a mhéadú i measc iarratasóirí CAO i ndáil le deiseanna fostaíochta TFC;
- An foinse soláthair níos fadtéarmaí a chothú trí líon agus caighdeán na mac léinn a ghlacann le háiteanna ar chláir ghaolmhara TFC a mhéadú agus trí fheabhas a chur ar rátaí coinneála na mac léinn nuair a bhíonn siad cláraithe; agus
- Feabhas a chur ar leibhéil oilteachta matamaitice na mac léinn ag dul go hoideachas tríú leibhéal.

Sheol Ruairí Quinn, T.D., Aire Oideachais agus Scileanna agus Richard Bruton, T.D., Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta an plean gníomhaíochta TFC dar teideal *An Plean Gníomhaíochta*

*TFC: Ag Freastal ar Riachtanais Scileanna Ardleibhéal na Fiontraíochta in Éirinn* ar 30 Eanáir 2012.

## Ag Forbairt Aitheantais Réamhfhoghlama i gComhthéacs Cuspóirí Breisoiliúna na Straitéise Scileanna Náisiúnta

Ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna bhreathnaigh an EGFSN ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) i ndáil le spriocanna breisoiliúna sa Straitéis Scileanna Náisiúnta.

Is éard atá i gceist le RPL ná aitheantas a thabhairt do scileanna agus inniúlachtaí gnóthaithe ag daoine, cibé acu trí fhoghlaim fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil. Is féidir le daoine RPL a úsáid chun rochtain a fháil ar cháilíochtaí i gcás nach sásaíonn siad critéir iontrála ar bhonn cáilíochtaí foirmiúla amháin, díolúintí a fháil ó mhodúil ar leith de cháilíochtaí agus, i gcásanna áirithe, dámhachtainí iomlána a ghnóthú.

Foilsíodh páipéar beartais ullmhaithe ag Forfás don EGFSN, le hionchur agus ábhar suntasach acu ó Fheidhmeannas Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), in Aibreán 2011.

Ba é príomhchinneadh na tuarascála ná cé go bhfuil forbairt shuntasach déanta ar thaithí an RPL in Éirinn, tá gá le chur chuige comhordaithe náisiúnta beartais. Is aidhm do na moltaí, atá dírithe ar fud an 10 leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, an bonn a sholáthar do chur chuige níos comhtháite agus níos náisiúnta beartais don RPL in Éirinn.

Ag Forbairt Aitheantais Réamhfhoghlama



**Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí**

Sa phictiúr ag cruinniú an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí tá (c-d) Una Halligan, Cathaoirleach, EGFSN agus Marie Bourke, Bainisteoir Rannóige um Beartas Oideachais, Scileanna & Margaidh Saothair, Forfás agus Ceannaire na Rúnaíochta, EGFSN

## Dul chun cinn ar chur chun feidhme moltaí tuarascála EGFSN

Téann an EGFSN i mbun monatóireachta leanúnaí ar dhul chun cinn ar chur chun feidhme moltaí, lena n-áirítear athbhreithniú ar staidéir earnála sé mhí tar éis a chríochnú dóibh. Cuimsítear tráchtaireacht chomh maith ar an gcur chun feidhme i Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Bliantúla an EGFSN a sholáthraítear don Aire Oideachais agus Scileanna agus don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta araon.

### Riachtanais Scileanna na Todhchaí um an Earnáil Mhórdhíola agus Mhiondíola

Rinneadh tuarascáil de chuid an EGFSN *Riachtanais Scileanna na Todhchaí um an Earnáil Mhórdhíola agus Mhiondíola,* a foilsíodh i mBealtaine 2010, measúnú ar riachtanais scileanna na hearnála mórdhíola agus miondíola in Éirinn thar na tréimshe go 2016, agus aithníodh ann gníomhaíochtaí riachtanach chun na riachtanais scileanna sin a shásamh.

Mar chuid de ról an EGFSN maidir le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an fhorfheidhmithe, thionól Cathaoirleacht an tSainghrúpa cruinniú le príomhpháirtithe leasmhara ar an 31 Bealtaine 2011 le plé a dhéanamh ar an dul chun cinn go dáta ar mholtaí na tuarascála agus ar conas a d'fhéadfaí a bhforfheidhmiú a chur chun cinn níos mó.

Tá roinnt dul chun cinn déanta i réimsí mar córais choiteanna dámhachtainí a fhorbairt don mhiondíol ag Leibhéal 4, 5 agus 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, tá an ghníomhaíocht i ndáil le RPL ag méadú san earnáil agus sholáthair an Tionscnamh Springboard thart ar 12 clár ábhartha do shainghairmeacha gairmiúla laistigh den earnáil mhiondíola.

Níl príomh-mholadh na tuarascála, creat scileanna miondíola a fhorbairt, curtha chun cinn go fóill. Thángthas ar chomhaontú cruinniú a reáchtáil idir Retail Ireland agus Retail Excellence d'fhonn cinneadh a dhéanamh i ndáil le cén slí ba fhearr an Creat a chur chun cinn, agus plé a dhéanamh faoi shaineolaí earnála miondíola a ainmniú chun an creat a fhorbairt i gcomhar le tionscail agus soláthraithe oideachais/oiliúna.

## Comhoibriú le hAonad Taighde Margaidh Saothair agus Scileanna FÁS

Le linn 2011, lean Forfás ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Aonad Taighde Margaidh Saothair agus Scileanna (SLMRU) de chuid FÁS. In 2011 d'fhoilsigh FÁS na tuarascálacha seo a leanas thar ceann an EGFSN:

- An *Feasachán Scileanna Náisiúnta 2011,* a foilsíodh in Iúil 2011, a úsáideann sonraí maidir le fostaíocht, folúntais, fógraí poist agus eolas ar inimirce agus eolas cineálach eile atá sa Bhunachar Sonraí Scileanna Náisiúnta chun éagothroime i margadh saothair na hÉireann ar leibhéal gairme de a aithint.
- Cuireann *Monatóireacht ar Sholáthar Scileanna na hÉireann 2011 - Treochtaí in Aschuir Oideachais agus Oiliúna*, a foilsíodh in Iúil 2011, in iúl an soláthar scileanna do mhargadh saothair na hÉireann ón gcóras oideachais agus oiliúna foirmiúil trí imscrúdú a dhéanamh ar eis-sreafaí ón gcóras oideachais fhoirmiúil thar leibhéil 1-10 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ).
- Baineann an *Forbhreathnú ar Fholúntais 2010*, a foilsíodh i Márta 2011, leas as roinnt foinsí éagsúla sonraí sa Bhunachar Náisiúnta Scileanna chun forbhreathnú a sholáthar ar an éileamh saothair mar atá tomhaiste ag treochtaí i bhfolúntais poist fógartha.

Chomh maith leis sin forbraíonn agus cothabhálann an SLMRU an Bunachar Náisiúnta Scileanna (NSD), ina dtiomsaítear gach faisnéis atá ar fáil maidir le soláthar agus éileamh ar scileanna in Éirinn. Le linn 2011 nuashonraíodh an Bunachar Náisiúnta Scileanna chun go mbeadh na staitisticí agus an fhaisnéis is déanaí le fáil air faoi fhostaíocht, táirgeacht oideachais agus oiliúna; lucht saothair inimirceach; folúntais poist a fógraíodh; múnlaí réamhaisnéise lucht saothair; múnlaí réamhaisnéise fostaíochta gairme, agus suirbhéanna ar ghníomhaireachtaí earcaíochta.

# Discover Science & Engineering

Is é Discover Science & Engineering (DSE) clár náisiúnta na hÉireann um chur chun cinn na heolaíochta.

Is é atá mar aidhm leis an gclár spéis a spreagadh san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM) i measc mac léinn, múinteoirí agus an phobail. Tugann DSE go leor gníomhaíochtaí feasachta eolaíochta agus innealtóireachta le chéile, gníomhaíochtaí a bhí á mbainistiú ag comhlachtaí poiblí agus príobháideacha éagsúla tráth.

D'fheidhmigh Forfás an clár DSE ó Deireadh Fómhair 2003 go dtí Nollaig 2011. I mí Eanáir 2012, aistríodh an DSE chuig Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

# Discover Science & Engineering

Is é atá mar aidhm le Discover Science & Engineering (DSE) ná feachtas feasachta spriocdhírithe, straitéiseach agus inchainníochtaithe a sheachadadh. Seo a leanas cuspóirí foriomlána DSE:

- Cur leis an líon mac léinn atá ag déanamh staidéir ar na heolaíochtaí fisiceacha agus matamaitic;
- Dearcadh dearfach i leith gairmeacha san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic a spreagadh; agus
- Cur le tuiscint an phobail ar na heolaíochtaí fisiceacha, innealtóireacht agus matamaitic agus an tábhacht a bhaineann leo i sochaí na hÉireann.


I rith na bliana 2011 bhí gníomhaíochtaí DSE sna réimsí seo a leanas:

| |
|---|
| Feasacht Ghinearálta |
| Eolaíocht Bhunscoile |
| Eolaíocht Dara Leibhéal |

## Feasacht Ghinearálta

### Seachtain Eolaíochta na hÉireann

Is imeacht tábhachtach náisiúnta feasachta í Seachtain Eolaíochta na hÉireann, imeacht atá á reáchtáil ó lár na 1990aidí ar aghaidh. D'fhonn aird a tharraingt ar 2011 mar Bhliain Idirnáisiúnta na Ceimice, ba é *Ceimic an tSaoil* an téama a roghnaíodh do Sheachtain Eolaíochta 2011.



**Ceimic an tSaoil**

Sa phictiúr tá Aoibhinn Ní Shúilleabháin ag seoladh na Seachtaine Eolaíochta 2011

Ghlac breis is 120,000 duine páirt in thart ar 500 imeacht a reáchtáladh ar fud na tíre in ionaid éagsúla dála scoileanna, coláistí, ollscoileanna agus leabharlanna. Mar chuid dá ról mar chomhordaitheoir na Seachtaine Eolaíochta, reáchtáil DSE seónna bóthair ar fud na tíre agus in 2011 eagraíodh breis is 50 seó le cabhair ó lucht eagraithe imeachtaí áitiúla. I measc na n-acmhainní éagsúla atá le fáil ar an suíomh gréasáin www.scienceweek.ie tá féilire ar líne imeachtaí, gníomhaíochtaí ceimic-bhunaithe, gné-ailt, gailearaí grianghraf agus píosaí scannáin ó Shraith Léachtaí bliantúil na Seachtaine Eolaíochta.

Leanadh le forbairt Chlár Comhpháirtithe Corparáideacha na Seachtaine Eolaíochta i rith 2011 agus ghlac cuideachtaí ó earnálacha tionsclaíocha éagsúla páirt in imeachtaí for-rochtana eolaíochta. Ghlac idir chuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta páirt ann, iad araon dírithe ar spéis daoine óga agus an phobail san eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht a spreagadh. Leanadh le forbairt na gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha le roinnt féilte réigiúnacha i nGaillimh, Corcaigh, Sligeach, Luimneach, Maigh Eo agus Port Láirge.

### Big Day Out na Féile Pádraig

Ghlac Discover Science & Engineering páirt i Big Day Out na Féile Pádraig i Márta 2011. Sholáthair DSE ábhar don Limistéar Eolaíochta inar reáchtáladh seó eolaíochta mar aon le haonach beag eolaíochta ina raibh ábhar ar taispeáint ann ó Zú Bhaile Átha Cliath, Galway Atlantaquaria, Abbott Ireland, agus Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI). D'éirigh go breá le ceardlanna matamaitice a bhí dírithe ar leanaí óga. Is deis é an imeacht bliantúil seo do DSE idirghníomhnú le teaghlaigh go háirithe i suíomh neamhoideachais, agus teaghlaigh a spreagadh le spéis a chur san eolaíocht.



**Á Oibriú Amach**

Sa phictiúr ag Limistéar Eolaíochta DSE ag an Big Day Out atá mar chuid d'imeachtaí na Féile Pádraig.

### DSE Ar-líne

Tá ról tábhachtach ag cainéil na meán sóisialta dála YouTube, Twitter agus Facebook i gcabhrú le DSE dul i bhfeidhm go héifeachtach ar a spriocllucht féachana – daoine óga – in 2011. I rith na Seachtaine Eolaíochta, rinneadh poiblíocht laethúil ar imeachtaí, roinneadh físeáin de léachtaí, agus chruthaigh na rannpháirtithe go léir pobal láidir. Leanadh leis na gníomhaíochtaí ar líne i ndiaidh na Seachtaine Eolaíochta.

Ag deireadh na bliana 2011, seoladh feachtas nua ar líne dar teideal Todhchaí Chliste. San áireamh sa tionscadal píolótach seo, comhthionscnamh idir an tionscal agus an rialtas, bhí comórtas ábhar digiteach; aonach gairme ar líne a reáchtáladh idir 23-27 Eanáir 2012 lena n-

áirítear plé ar líne le daoine atá ag obair sa tionscal; nuashonraithe rialta blag faoin earnáil; scéalta gairme; agus comórtais.

Tá DSE ag leanúint le tacú le húsáid TFC chun eolaíocht a theagasc agus a chur chun cinn i measc mac léinn agus múinteoirí trí acmhainní foghlama ar líne a sholáthar. Is féidir le múinteoirí agus mic léinn gníomhaíochtaí logála sonraí chun súil a choinneáil ar theacht an Earraigh ar fud na hEorpa a dhéanamh ar shuíomh gréasáin Greenwave (www.greenwave.ie). Is é atá mar aidhm le suíomh gréasáin an tionscadail dara leibhéal www.DiscoverSensors.ie ná múinteoirí a spreagadh chun úsáid a bhaint as teagasc eolaíochta, foghlaim agus measúnú ar bhonn fiosraithe.

### Gairmeacha Discover Science

Is éard atá i gClár Ambasadóir Eolaíochta de chuid Discover Science & Engineering ná eolas faoi eolaithe agus innealtóirí óga nuacháilithe atá ag obair in earnálacha fostaíochta éagsúla in Éirinn ar shuíomh gréasáin speisialta atá dírithe ar ghairmeacha www.MyScienceCareer.ie. Is acmhainn úsáideach ar líne eile atá ann do threoirchomhairleoirí, tuismitheoirí agus mic léinn chun iad a spreagadh le smaoineamh ar ghairm a bhaint amach dóibh féin i STEM.

## Eolaíocht Bhunscoile

### Discover Primary Science and Maths (DPSM)

Is é Discover Primary Science and Maths (DPSM) an clár náisiúnta atá dírithe ar spéis leanaí bunscoile (idir 4-12 bliain d'aois) a chothú san eolaíocht, matamaitic agus innealtóireacht. Tá go leor acmhainní forbartha le tacú le scoileanna rannpháirteacha tairbhe a bhaint as gníomhaíochtaí ar bhonn fiosraithe, mar aon le cur chuige teagmhálach maidir le heolaíocht agus matamaitic sa seomra ranga. Chomh maith leis sin, spreagtar scoileanna DPSM cur le scóip na heolaíochta agus na matamaitice ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfaí cuairt a thabhairt ar ghréasán Lárionaid Discover a sholáthraíonn ceardlanna ábhartha don churaclam eolaíochta bunscoile, páirt a ghlacadh in Greenwave d'fhonn súil a choinneáil agus taifead a dhéanamh ar theacht an earraigh nó páirt a ghlacadh in imeachtaí ábhartha don tSeachtain Eolaíochta.

### Gréasán na Lárionad um Discover Science

Lean gréasán na Lárionad um Discover Science, lena n-áirítear músaeim, páirceanna náisiúnta, uisceadáin agus réadlanna, ag obair lena chéile in 2011 chun cláir DSPM a sheachadadh. Ar an iomlán, thuairiscigh lárionaid fás a bheith i líon na gcuairteanna scoile DPSM ó 679 in 2009/2010 go 755 in 2010/2011, méadú 11%.

### www.primaryscience.ie

I measc na n-acmhainní atá le fáil ar shuíomh gréasáin Discover Primary Maths and Science www.primaryscience.ie tá acmhainní le tacú le breis is 90 gníomhaíocht theagmhálach, gníomhaíochtaí ar féidir iad a dhéanamh agus úsáid á baint as ábhair ar furasta teacht orthu agus atá saor le ceannach.




**primaryscience.ie**

Ag soláthar acmhainní chun tacú le hos cionn 90 gníomhaíocht eolaíochta teagmhálach

Tá an-tóir ag rannpháirtithe ar an suíomh gréasáin seo. Thuairiscigh 77% d'fhreagróirí a rinne suirbhé measúnaithe go dtugann siad cuairt ar an suíomh gréasáin uair sa mhí ar a laghad. Taifeadadh breis agus 60,000 cuairt agus 330,000 amharc ar an suíomh gréasáin idir Meán Fómhair 2010-Meitheamh 2011.

### Dámhachtainí um Fheabhas san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic

Tá na Dámhachtainí um Fheabhas san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic, dámhachtainí a thugann aitheantas do scoileanna ar cúis bróid iad a leibhéil rannpháirtíochta in DPSM trí chritéir réamhdhearbhaithe a chomhlíonadh, á reáchtáil ar feadh sé bliana anois. In 2011:

- Fuair 472 scoil dámhachtain
- Thuairisc iarratasóirí dámhachtana go ndearnadh 207 turas chuig Lárionaid Discover
- Ag thart ar 75% d'iarratasóirí dámhachtana bhí 412 cuairt ó chainteoirí ar réimse ábhar ar théamaí ábhartha eolaíochta agus matamaitice
- Thuairisc iarratasóirí rannpháirtíocht i 488 imeacht eolaíochta

Déantar critéir na nDámhachtainí a athbhreithniú gach bliain ar mhaithe le hathnuachan na scéime agus spéis a chothú i scoileanna rannpháirteacha trí shonraí a gcuid oibre Eolaíochta agus Matamaitice a choinneáil i nDialann Discovery. In 2011, bhí dualgas ar scoileanna a bhí ag déanamh iarratais ar Dhámhachtain roinnt oibre bunaithe ar théama na Seachtaine Eolaíochta a dhéanamh, *Our Place in Space* an téama a bhí ann in 2010. Cuireadh roinnt gníomhaíochtaí teagmhálacha le suíomh gréasáin DPSM i roinn nua "spástaistil" i gcomhar le hOifig Acmhainní Ghníomhaireacht Spástaisil na hEorpa (ESERO) in Éirinn le tacú le scoileanna leas a bhaint as an gcur chuige seo. Glacadh go fonnmhar leis an athrú seo agus leanadh leis in 2011 tráth arb é *Ceimic an tSaoil* téama na Seachtaine Eolaíochta.

### Oiliúint do Mhúinteoirí

Dlúthchuid den tacaíocht a sholáthraíonn an clár do scoileanna iad deiseanna do mhúinteoirí páirt a ghlacadh i seisiúin oiliúna theagmhálacha do mhúinteoirí le hoiliúnóirí oilte DPSM.

- Bhí oiliúnóirí DPSM freagrach as laethanta oiliúna sa scoil uile a reáchtáil ar iarratas ó 500 múinteoir in 36 scoil i rith 2011.
- Cuireadh oiliúint ar 240 múinteoir réamhsheirbhíse breise i rith laethanta oiliúna DPSM sna coláistí oideachais. Leanadh ag obair i gcomhar le Coláiste Oideachais Froebel i mBaile Átha Cliath agus den chéad uair riamh cuireadh tús le hobair le hInstitiúid Oideachais Marino i mBaile Átha Cliath agus le Coláiste Mhuire gan Smál i Luimneach.

### Greenwave

Tionscnamh de chuid Chlár DSE Forfás é Greenwave ar cuireadh tús leis in 2006; clár a chuireann ar chumas bunscoileanna ar fud na hÉireann súil a choinneáil ar theacht an earraigh agus é a thaifeadadh. Coinníonn mic léinn súil ar an aimsir agus ar speicis choiteanna agus déanann siad na sonraí a thaifeadadh ar shuíomh gréasáin an tionscadail www.greenwave.ie. Tugann sé seo deis do rannpháirtithe léargas a fháil ar an impleacht a bhíonn ag laethanta níos faide agus ag teochtaí níos airde ar speicis ina ndúiche féin, mar aon lena machnamh a dhéanamh ar an mbogann tonn glas an earraigh ó dheisceart go tuaisceart na hÉireann nó intíre ó chósta go lár na tíre.  I rith 2011, cuireadh leis an tionscadal agus anois tá 17 tír Eorpach páirt ann mar chuid de thionscadal Fibonacci, http://www.greenwave-europe.eu/.





**Greenwave**

Grianghraif bhuacacha curtha faoi bhráid in 2011

### Comhpháirtíochtaí - comhar le ESRO, SEAI agus Abbott Ireland

I rith 2011, lean DPSM le comhpháirtíochtaí a aithint agus a bhunú le heagraíochtaí, díreach cosúil leis an gcaidreamh atá acu faoi láthair leis na coláistí oiliúna do mhúinteoirí, a chiallaíonn go mbíonn páirtithe leasmhara in ann costais a roinnt agus ionchuir sa chóras oideachais a fheabhsú.

I ndiaidh bhunú na hOifige Eorpaí um Acmhainní Oideachais Spástaistil (ESERO) in DSE, aithníodh agus forbraíodh téama clár nua Spástaistil in 2010-11, clár a raibh gníomhaíochtaí nua bunaithe ar théama an spástaistil mar thoradh air; cúrsa samhraidh do mhúinteoirí a bhí dírithe ar ábhar an chúrsa a nascadh le téama na huimhearthachta; agus gné spástaistil-bhunaithe a áireamh i gCritéir na nDámhachtainí um Fheabhas san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic.



**Oiliúint de chuid Discover Primary Science do Mhúinteoirí**

Déanann múinteoirí tástáil ar roicéid chúir ag an gcúrsa samhraidh

I gcomhar le Abbott táthar tar éis roinn nua um an Eolaíocht sa Bhaile a sheoladh ar www.primaryscience.ie, roinn atá lán le gníomhaíochtaí.

Ag obair i gcomhpháirt le SEAI, cuireadh gníomhaíocht nua splaince faoi fhuinneamh inmharthana ar an suíomh gréasáin. Reáchtáladh comh-imeacht oiliúna d'oiliúnóirí DPSM agus ceardlann éascaitheoirí SEAI i Meán Fómhair d'fhonn cabhrú le gréasán na Lárionad Discover a bheith páirteach i seachadadh ceardlann SEAI do scoileanna.

## Eolaíocht Dara Leibhéal

### Discover Sensors

Is é atá mar aidhm leis an tionscadal Discover Sensors ná teagasc agus foghlama ar bhonn fiosraithe a chur chun cinn ag an dara leibhéal agus táthar ag tacú leis trí TFC a úsáid sa seomra ranga. Dlúthchuid den tionscadal é creatchlár de theagasc agus d'fhoghlaim ar bhonn fiosraithe atá forbartha ag múinteoirí eolaíochta agus é mar aidhm go mbeidh sé in úsáid ag múinteoirí eolaíochta.

Tugtar tús áite do chur chuige cumaisc i ndáil le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) agus príomhghné den tionscadal seo é roinn na múinteoirí de chuid an tsuímh ghréasáin www.discoversensors.ie. Is sa roinn seo atá acmhainní dála ranganna teagaisc físthaifeadta, a chuireann le seisiúin duine le duine, agus fóram múinteoirí ina dtugtar deis do mhúinteoirí eolaíochta labhairt lena chéile agus smaointe a roinnt lena chéile mar chuid de phobal cleachtais.

Is ionann an tionscadal seo agus deis do mhic léinn taithí a fháil ar eolaíocht dháiríre sa seomra ranga agus ag an am céanna tairbhe a bhaint as an gcur chuige imscrúdaitheach a mholtar i siollabas eolaíochta an Teastais Shóisearaigh.

D'oibrigh Discover Sensors le breis is 600 múinteoir eolaíochta Teastais Shóisearaigh le cúig mbliana anuas. In 2010, chuir DSE tús le tionscadal píolótach nua leis na múinteoirí eolaíochta ar fad i scoileanna Coiste Gairmoideachais (CGO) Chill Dara agus Lú. Léargas é an tsamhail seachadta seo ar an tábhacht a bhaineann le hoibriú leis na múinteoirí eolaíochta ar fad i scoil mar aon leis an tábhacht a bhaineann le tacaíocht lucht bainistíochta agus

comhghleacaithe na scoile nuair atá athrú ar theagasc ábhair á chur i bhfeidhm. I láthair na huaire, tá an tionscadal Discover Sensors, i mbun imscrúdaithe ar na modhanna éagsúla atá ann le heolaíocht an Teastais Shóisearaigh a mheas i gcomhar le mic léinn chéad bhliana CGO Chill Dara, agus cuid den obair seo é suíomh gréasáin rPhunainne (www.scifolio.ie) a fhorbairt. Tá an tionscadal píolótach seo á reáchtáil i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus tá sé ag cur le próiseas comhairliúcháin Nuálaíochta agus Aitheantais NCCA ar Theastas Sóisearach nua.

### SciFest

Is sraith d'aontaí eolaíochta lae é SciFest a eagraítear i gcomhpháirt le Intel Ireland agus DSE, agus a reáchtáiltear ar fud na tíre i gcomhar leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta. Cuid lárnach de gach aonach eolaíochta SciFest é comórtas agus taispeántas tionscadal, rogha cainteanna eolaíochta, taispeántais eolaíochta i saotharlanna an choláiste chuí agus searmanas bronnta duaiseanna. I ngach ionad, bíonn mic léinn in iomaíocht lena chéile do roinnt dámhachtainí i gcatagóirí éagsúla, dámhachtainí atá urraithe ag comhpháirtithe tionscail.

Is ionann SciFest agus comhpháirtíocht straitéiseach thábhachtach do DSE de bhrí gurb é an aidhm atá leis grá don eolaíocht a spreagadh trí fhoghlaim ghníomhach, chomhoibríoch, ar bhonn fiosraithe agus fóram a sholáthar do mhic léinn ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach ionas gur féidir leo a n-imscrúduithe eolaíocha a chur i láthair agus a thaispeáint. Is deis é an taithí foghlama mar aon lena dtorthaí a roinnt le mic léinn eile agus leis na moltóirí ag SciFest níos mó a fhoghlaim seachas fíricí a chur de ghlanmheabhair. Ciallaíonn sé seo gur mó an seans atá ann go mbeidh na scileanna riachtanacha ag mic léinn chun fadhbanna dáiríre a réiteach ar fhágáil na scoile dóibh.

In 2011 mhéadaigh an leibhéal rannpháirtíochta sna tionscadail ó 2,649 in 2010 go dtí breis is 2,900 in 2011, mar aon le méadú 16% i rannpháirtíocht sna tionscadail.

## An Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spástaistil (ESERO) in Éirinn

Soláthraíonn ESERO Éireann, bunaithe in Forfás le linn 2011, ábhar agus gníomhaíochtaí oideachais a chinnteoidh go mbeidh eolaíocht níos meallaí do dhaoine óga trí úsáid a bhaint as breathnú agus taiscéalaíocht spástaistil mar théama mealltach. Chomh maith leis sin, tacaíonn ESERO, a bunaíodh in 2010, le rannpháirtíocht mhéadaithe na hÉireann sa tionscal spástaistil. Tá oifigí ESERO bunaithe i gcúig thír ar fud na hEorpa. Tá ESERO Éireann á chómhaoiniú ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) agus DSE.

Ar an iomlán, tháinig fás ar ghníomhaíochtaí ESERO Éireann agus leanadh le caidreamh a bhunú le heagraíochtaí múinteoirí, an saol acadúil, an rialtas agus an tionscal. Rinneadh athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí ESERO Éireann do 2010 i gcomhar le ESA in Eanáir 2011 bunaithe ar an bplean comhaontaithe cur chun feidhme.

Bhí an téama spástaistil le tabhairt faoi deara i gcláir uile DSE in 2011 agus i Samhain 2011, chuir ESA le maoiniú an chláir - bliain bhreise go dtí Nollaig 2012. Ó Mheán Fómhair 2011, tá DSE ag cur le pleananna ESA cur le gréasán reatha cúig thír ESERO go mbeidh 17 mballtír ar fad san áireamh.

## Comhpháirtíochtaí

Soláthraíonn DSE maoiniú do roinnt comhpháirtithe straitéiseacha i réimse na hinnealtóireachta, go háirithe Steps to Engineering atá á reáchtáil ag Institiúid Innealtóirí na hÉireann agus Cumann Tionscal Leictreonaice Chorcaí. Ciallaíonn na comhpháirtíochtaí straitéiseacha gur féidir le DSE gné innealtóireachta a chláir oibre a chur i gcrích agus ag an am céanna tá cuid lárnach d'obair fheidhmeannacht DSE dírithe ar eolaíocht.

Lena chois sin, sholáthair DSE maoiniú do roinnt eagraíochtaí a rinne iarratas ar ghlao faoi na ceannteidil seo a leanas i rith 2011 – Seachtain Eolaíochta, Matamaitic, Gairmeacha agus Spástaistil 2011. Tá obair fós ar bun lena chinntiú go mbaintear an méid tairbhe agus is féidir as na comhpháirtíochtaí seo.

# Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB)

Tá ról tábhachtach ag creidiúnú ag ráthú rochtain ar tháirgí Éireannacha do na margaí AE agus domhanda araon. Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh atá ar chreidiúnú le deireanas de bhrí go bhfuil rialtóirí náisiúnta ag leanúint orthu ag brath ar mheasúnú comhréireachta mar mheicníocht le tacú le cur chun feidhme reachtaíocht agus inniúlacht a chinntiú. Is rannóg de chuid Forfás é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, comhlacht náisiúnta ceaptha na hÉireann laistigh de ghréasán Eorpach de chomhlachtaí creidiúnaithe.

Is sínitheoir é INAB do na comhaontuithe iltaobhacha (MLAanna) don Eoraip trí mheán an Chomhair Eorpaigh um Chreidiúnú (EA) agus ar bhonn domhanda trí mheán an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) agus an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnaithe (IAF). Cinntíonn stádas an sínitheora, stádas atá á chothú trí mheasúnuithe rialta, go mbíonn aitheantas idirnáisiúnta ag teastais agus tuarascálacha eisithe ag eagraíochtaí creidiúnaithe INAB, agus go bhfuil a gcreidiúnaithe siúd chomh hiontaofa le creidiúnaithe atá á n-eisiúint ag comhlachtaí creidiúnaithe sínitheora eile. Baineann fíorthábhacht leis an nglacacht agus leis an aitheantas frithpháirteach seo i gcomhthéacs trádáil earraí agus seirbhísí a éascú.

## Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB)

Is é an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú (INAB) foras náisiúnta na hÉireann laistigh de líonra Eorpach na bhforas creidiúnaithe. Déanann INAB measúnú ar chomhlachtaí deimhniúcháin, saotharlanna agus comhlachtaí iniúchta d'fhonn comhréireacht a chinntiú le caighdeáin chomhchuibhithe idirnáisiúnta trí dhearbhú a sholáthar go léiríonn na comhlachtaí seo inniúlacht agus acmhainn feidhmíochta agus a gcuid oibre á cur i gcrích acu.

Tá ról tábhachtach ag creidiúnú ag ráthú rochtain ar tháirgí Éireannacha do na margaí AE agus domhanda araon. Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh atá ar chreidiúnú le deireanas de bhrí go bhfuil rialtóirí náisiúnta ag leanúint orthu ag brath ar mheasúnú comhréireachta mar mheicníocht le tacú le cur chun feidhme reachtaíocht agus inniúlacht a chinntiú.

Cinntíonn ballraíocht INAB i gcomhaontuithe idirnáisiúnta go bhfuil teastais chreidiúnaithe agus torthaí tástála a dhéantar in Éirinn inghlactha ar fud an domhain, rud a laghdaíonn bacainní teicniúla ar thrádáil idirnáisiúnta. Tá an INAB mar shínitheoir do chomhaontuithe iltaobhacha (MLA) don Eoraip trí mheán an Chomhair Eorpaigh um Chreidiúnú (EA) agus ar bhonn domhanda trí mheán an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) agus an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnaithe (IAF).

## Feidhmeanna INAB

Tá cúig fheidhm ar leith ag INAB, gach ceann ag feidhmiú de réir caighdeán agus/nó rialachán sonrach Eorpach agus idirnáisiúnta.

- Creidiúnú Saotharlainne
- Creidiúnú Comhlachtaí Deimhniúcháin
- Creidiúnú Comhlachtaí Cigireachta
- Dea-chleachtas Saotharlainne
- An Comhlacht Náisiúnta Inniúil le haghaidh EMAS

Déanann INAB iniúchtaí bliantúla ar an láthair chun comhlíonadh leanúnach leis na critéir chreidiúnaithe a dhearbhú.  Is é Feidhmeannacht agus Bord INAB a dhéanann cinntí maidir le bronnadh, cothú agus scor creidiúnaithe.

### Creidiúnú Saotharlainne

**Tástáil agus Calabrú do ISO/IEC 17025:2005**

Is aitheantas foirmiúil ar inniúlacht saotharlainne tástálacha sonracha a dhéanamh é creidiúnú saotharlainne ISO/IEC 17025:2005, creidiúnú a bhronnann INAB. I rith 2011, rinne INAB 137 iniúchadh ar an láthair ag saotharlanna creidiúnaithe/iarratasóra mar chuid den Chlár Creidiúnaithe Saotharlainne, clár arb é a bhí mar thoradh leis cothú 108 creidiúnú saotharlainne, bronnadh creidiúnú ar 10 saotharlann nua agus leathnú scóipe ar fud na ndisciplíní éagsúla.

**Creidiúnú Saotharlainne Míochaine do ISO/IEC 15189:2007**

Chothaigh INAB 58 creidiúnú saotharlainne míochaine ag caighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 15189:2007 i rith 2011, agus rinne INAB 77 iniúchadh ar an láthair ar eagraíochtaí iarratasóra agus creidiúnaithe. Bronnadh creidiúnú ISO/IEC 15189:2007 ar dhá shaotharlann tástála míochaine in 2011 agus leathnaíodh scóip ar fud na ndisciplíní éagsúla. Lena chois sin, fuair INAB tuilleadh iarratas ar chreidiúnú sna disciplíní míochaine ar fad ón earnáil seo i rith 2011, rud a chiallaíonn gur earnáil í seo atá fós ag fás.




**Ceiliúrann an Taoiseach Creidiúnú INAB de chuid airmid**

(c-d) Máire Fox, Bainisteoir Cáilíochta, airmid healthgroup; An Taoiseach Enda Kenny TD; James Stapelton, INAB; an Dr. Bruce Mitchell, Cathaoirleach Feidhmiúcháin, airmid healthgroup; Angela Southey, Bainisteoir Teicniúil, airmid healthgroup

## Creidiúnú Comhlachtaí Deimhniúcháin

Tugann INAB creidiúnú do chomhlachtaí deimhniúcháin atá i bun deimhniú táirge, deimhniú córas bainistíochta agus deimhniú daoine. Chomh maith leis sin, tugann sé creidiúnú do chomhlachtaí deimhniúcháin atá i mbun deimhniú EMAS - Scéim Iniúchta agus Éicea-Bhainistíochta an AE, córas bainistíochta comhshaoil (EMS).

Tá na comhlachaí deimhniúcháin sin freagrach as eagraíochtaí a dheimhniú atá ag comhlíonadh le sraith caighdeán ISO 9000 (córais bhainistíochta cáilíochta), ISO 14001 (córais bhainistíochta comhshaoil), EN 50001 (córais bhainistíochta fuinnimh); ISO 27001 (bainistiú slándáil faisnéise), táirgí agus daoine a dheimhniú agus astuithe gáis cheaptha teasa a dheimhniú de réir chreidiúnú INAB.

Rinne INAB 49 iniúchadh ar an láthair i ndáil le comhlachtaí deimhniúcháin creidiúnaithe/ iarratasóra i rith na bliana 2011.

**An Scéim um Thrádáil Astuithe Gáis Cheaptha Teasa**

Bhunaigh agus chuir INAB, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), clár creidiúnaithe i bhfeidhm le tacú le cur chun feidhme scéim trádála astuithe Gáis Cheaptha Teasa (GCT) atá sonraithe i dTreoir Eorpach 2003/87/CE. Is é EPA an t-údarás inniúil ainmnithe maidir le cur chun feidhme na treorach in Éirinn. Is é INAB an comhlacht

deimhniúcháin atá freagrach as fíoraitheoirí a chreidiúnú chun fíoruithe a dhéanamh ar na tuarascálacha astuithe de réir na reachtaíochta cuí.

Cuireadh tús le caighdeán creidiúnaithe nua do chreidiúnú fíoraitheoirí GCT in 2011 agus cuirfidh INAB an caighdeán seo i bhfeidhm ina chomhlachtaí creidiúnaithe i rith 2012.

**Creidiúnú na gCóras Bainistíochta**

Chothaigh INAB creidiúnú do cheithre chomhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe d'fhonn deimhniú cuideachtaí Éireannacha a bhronnadh ar roinnt caighdeán córas bainistíochta.

Fuarthas iarratas ar an gcóras bainistíochta sábháilteachta bia agus deimhniú córas sláinte ceirde agus sábháilteachta in 2011.

**Creidiúnú Táirge**

Is réimse fáis a mbaineann tábhacht náisiúnta leis é deimhniú táirge bia. Éilíonn miondíoltóirí bia sa Bhreatain ar tháirgeoirí bia Éireannacha atá ag soláthar mhargadh na Ríochta Aontaithe go mbeidh a dtáirgí bia creidiúnaithe de réir shonraíocht Chuibhreannas Miondíola na Breataine (BRC). Lena chois sin, éilíonn táirgeoirí bia ar tháirgeoirí bia Éireannacha atá ag soláthar margaí idirnáisiúnta a dtáirgí bia a bheith creidiúnaithe acu sa tslí is go mbeidh riachtanais EUREPGAP/GLOBALGAP á gcomhlíonadh acu.

In 2011, chothaigh agus leathnaigh INAB creidiúnú dá chomhlachtaí deimhniúcháin atá ag soláthar scéimeanna dearbhaithe cáilíochta bia do tháirgí bia ar leibhéal riachtanas idirnáisiúnta, mar aon le scéimeanna dearbhaithe cáilíochta bia náisiúnta, dála scéimeanna Bhord Bia agus Bhord Iascaigh Mhara. Tá creidiúnú INAB do dheimhniú gníomhaíochtaí feirmeoireacht orgánach in Éirinn sonraithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia, de réir Theoir an AE ar Fheirmeoireacht Orgánach. I láthair na huaire, tá dhá chomhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe ag INAB don scéim seo, a mbeidh dobharshaothrú san áireamh inti in 2012 freisin.

Leanfaidh creidiúnú táirge bia ar aghaidh ina réimse fás do INAB ar feadh na todhchaí intuartha.

Le cois deimhniú táirge san earnáil bia, tugann INAB creidiúnú do chomhlachtaí deimhniúcháin atá freagrach as suiteáil seirbhísí slándála a dheimhniú.

## Creidiúnú Comhlachtaí Cigireachta

Déanann an INAB creidiúnú ar chomhlachtaí atá i mbun oibre, a chuimsíonn scrúdú ar ábhair, táirgí, suiteálacha, planda, próisis, gnáthaimh oibre nó seirbhísí agus cinneadh faoina gcomhréir le riachtanais agus tuairisciú ar thorthaí na ngníomhaíochtaí sin ina dhiaidh sin. In 2011, chothaigh INAB na hocht gcreidiúnú do chomhlachtaí iniúchta atá sa chóras. Bronnadh leathnú ar scóip na gcomhlachtaí iniúchta creidiúnaithe reatha i réimsí na n-iniúchtaí bia agus innealtóireachta.

I rith 2011, rinne INAB 30 iniúchadh ar an láthair ar chomhlachtaí iniúchta creidiúnaithe / iarratasóra agus bronnadh creidiúnú ar chomhlacht iniúchta chun fógra a chéadú faoi threoir um shábháilteacht táirge.

### Dea-chleachtas Saotharlainne

Is é INAB an t-údarás náisiúnta monatóireachta atá freagrach as iniúchadh agus fíorú Dea-chleachtas Saotharlainne (GLP) faoi I.R. Uimh.4 de 1991 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (GLP). Ag deireadh 2011, bhí Ráitis Chomhlíonta GLP ag ceithre áis tástála faoin gclár seo. Rinneadh trí iniúchadh ar an láthair ar áiseanna comhlíontacha GLP in 2011. In 2011, rinne an OECD (Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta) measúnú rathúil ar INAB i ndáil le cur chun feidhme a Chlár Comhlíonta GLP

### An Comhlacht Náisiúnta Inniúil le haghaidh EMAS

Is é INAB an comhlacht comharthaithe forásach in Éirinn do chlárú suímh atá ag glacadh páirte san Scéim Iniúchta agus Éicea-Bhainistíochta an AE (EMAS). I rith 2011, chothaigh INAB sé eagraíocht atá cláraithe le haghaidh EMAS, a raibh a gcórais bhainistíochta comhshaoil fíoraithe ag fíoraitheoirí creidiúnaithe EMAS de réir na Scéime Iniúchta agus Éicea-Bhainistíochta atá sonraithe i Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 de Pharlaimint agus Comhairle na hEorpa.

## Rialachán 765(2008)

Chomhaontaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Pharlaimint na hEorpa ar Rialachán AE (765/08) a sholáthróidh, den chéad uair, creatchlár dlíthiúil do sholáthar seirbhísí creidiúnaithe ar fud na hEorpa. Sonraítear sa Rialachán na riachtanais a bhaineann le creidiúnú agus faireachán margaidh a bhaineann le margaíocht táirgí.  Tá an Rialachán i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2010 agus baineann sé le deimhniú saotharlann, comhlachtaí iniúchta agus comhlachtaí deimhniúcháin atá i mbun seirbhísí creidiúnaithe measúnaithe comhréire ar bhonn deonach nó d'fhonn tacú le reachtaíocht. Sonraítear ann na hoibleagáidí atá ar bhallstáit, comhlachtaí measúnaithe comhréireachta, comhlachtaí creidiúnaithe agus an Comhar Eorpach don Chreidiúnú (EA).

Cuireann an Rialachán dualgas ar bhallstáit creidiúnú a aithint mar an rogha is fearr chun inniúlacht na gcomhlachtaí measúnaithe comhréireachta a léiriú. Cuirfidh an creatchlár dlíthiúil do sholáthar seirbhísí creidiúnaithe bunaithe ag an Rialachán seo le muinín sa mheasúnú comhréireachta mar aon le haitheantas frithpháirteach na dtorthaí agus na dteastas measúnachta comhréireachta a spreagadh.

I mí Eanáir 2010, ceapadh INAB mar an t-aon chomhlacht náisiúnta um chreidiúnú d'Éirinn.

## Comhaontuithe Iltaobhacha

Tá ballraíocht na gcomhaontuithe iltaobhacha (MLAnna) don Eoraip cothabháilte ag INAB trí mheán an Chomhair Eorpaigh um Chreidiúnú (EA) agus ar bhonn domhanda trí mheán an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) agus an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnaithe (IAF).

## Feasacht ar Chreidiúnú

Leanadh le feasacht chreidiúnaithe agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara i gcaitheamh na bliana 2011. Táirgeadh dhá eagrán de nuachtlitir INAB in 2011 mar aon le nuashonruithe teicniúla rialta do chliaint.

# Comhaltaí Boird INAB

| | |
|---|---|
|  | **Tom O'Neill, Cathaoirleach**<br>**Ceannaire Láithreáin, Pfizer, an tOlieán Beag** |

| | |
|---|---|
| An Dr Adrienne Duff | (de bhrí oifige) Bainisteoir INAB |
| An Dr Nuala Bannon | Cigire, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil |
| Tom Dempsey | Iar-Bhainisteoir, INAB |
| Dermot Hayes | Ceimiceoir Stáit, an tSaotharlann Stáit |
| Paul Hetherington | Stiúrthóir, an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta, NSAI |
| An Dr Andrew Hodgson | Haemaiteolaí Comhairleach, Ospidéal Ginearálta Shligigh |
| Martin O'Halloran | Príomhfheidhmeannach, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Pat O'Mahony | POF, Bord Leigheasra na hÉireann |
| An tOll. Alan Reilly | Príomhfheidhmeannach, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann |
| John Shine | Leaschathaoirleach INAB, Stiúrthóir um Chleachtais Tomhaltóirí, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí |
| Jan van der Poel, Príomhfheidhmeannach | Comhlacht Creidiúnaithe na hÍsiltíre (RvA) |

Ceapadh Paul Hetherington i mí Iúil 2011

Ceapadh John Shine mar Leaschathaoirleach i mí Iúil 2011

Ceapadh Jan van de Poel i mí Iúil 2011

Chuaigh Michael Maloney, Stiúrthóir Gairneoireachta, ar scor ó Bhord INAB i Meitheamh 2011

Chuaigh Vagn Anderson, Bainisteoir Gnóthaí Idirnáisiúnta, Comhlacht Creidiúnaithe na Danmhairge (DANAK) ar scor ó Bhord INAB i Meitheamh 2011

# Rialachas Corparáideach

# Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Forfás faoi Acht um Fhorbairt Tionscail 1993 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go 2009 agus faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta.  Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Forfás d'fhonn comhlíonadh leis na riachtanais shonracha seo a leanas a chinntiú:

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

De réir fhorálacha na hAchta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na hAchta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, soláthraíonn Baill Bhord Forfás agus baill de Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), a fheidhmíonn mar rannóg agus fo-Bhord de chuid Forfás, ráitis a mbaineann leas ábhartha leo do Rúnaí an Choimisiúin, don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus cóipeanna don Rúnaí.

Le héifeacht ó 2011, tá baill ón Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) agus baill den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC) ainmnithe faoi na hAchtanna.  Tá ráitis maidir le 2011 curtha ar fáil ag baill na gcomhlachtaí seo.

Lena chois sin, comhlíonann comhaltaí foirne Forfás a bhfuil poist ainmnithe acu leis an dá Acht.

## Saoráil Faisnéise (SF)

Le héifeacht ó Eanáir 2001, tá Forfás cumhdaithe ag forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF).  Bhunaigh na hAchtanna seo trí cheart reachtúla:

- Ceart dlíthiúil ag gach duine rochtain a fháil a fhaisnéis atá coinnithe ag comhlachtaí poiblí;
- Ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil, atá coinnithe ag comhlacht poiblí maidir leis/léi a fháil leasaithe nuair atá sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Ceart dlíthiúil cúiseanna a fháil maidir le cinntí atá tógtha ag comhlacht poiblí, mar a bhaineann leis an duine féin.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá Forfás geallta do bheartas deiseanna comhionanna agus uchtaíonn sé cur chuige dearfach i dtreo comhionannais san eagraíocht.

Tá roinnt scéimeanna á reáchtáil againn, ag soláthar comhaltaí foirne le roghanna maidir le riachtanais ghairme agus phearsanta a chomhlíonadh, roghanna dála postroinnt, saoire staidéir, cláir oideachais agus sosanna gairme.

Tá Forfás ag comhlíonadh lena oibleagáidí reachtúla faoi Achtanna um Chomhionannas 1998 agus 2004.  Tá beartas maidir le Cosaint na Dínite san Ionad Oibre i bhfeidhm agus tá an fhoireann ar fad curtha ar an eolas faoin mbeartas seo.

## Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

Tá struchtúir chomhairleacha fo-bhoird curtha i bhfeidhm ag Forfás le tacú le struchtúr cumarsáide agus comhairleach na heagraíochta.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir na hAchta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus Rialacháin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair (Feidhmeanna Ginearálta) 2007, tá Ráiteas Sábháilteachta ullmhaithe ag Forfás lena n-áirítear na gnéithe ar fad a bhfuil tionchar acu ar leas foirne agus cuairteoirí. Tá an cháipéis seo á nuashonrú ar bhonn leanúnach.

## Íoc Pras Cuntas

Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht), a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, ag Rialacháin na gComhphobal (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) Eorpach 2002.

Tá na cleachtais íocaíochta ag Forfás tuairiscithe thíos, de réir an Achta, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011.

1. Is é polasaí Forfás cinntiú go n-íoctar na sonraisc go léir go pras. Tá nósanna imeachta sainiúla ar bun le cur ar a chumas rianú a dhéanamh ar na sonraisc go léir agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an spriocdháta. cláraítear sonraisc gach lá agus eisítear íocaíochtaí de réir mar a theastaíonn siad d'fhonn comhlíonadh tráthúil a chinntiú.
2. Comhshnaidhmeann an córas rialaithe inmheánach srianta agus modhanna dá leithéid a meastar le bheith riachtanach chun géilleadh leis an Acht a chinntiú. Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh na heagraíochta rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaireachta atá chun aitheantas na sonrasc agus na gconarthaí atá le n-íoc a chinntiú laistigh de dháta íocaíochta atá leagtha síos agus sainithe faoin Acht. Tá na smachta seo deartha chun árachas réasúnta, agus ní fíor-árachas, i gcoinne neamh-ghéilleadh ábhartha leis an Acht a sholáthar. Táirgeann Roinn na gCuntas tuarascáil a aithníonn sonraisc nach bhfuil íoctha go fóill agus déantar athbhreithniú ar an dtuarascáil seo go rialta.

Tá an bhainistíocht sásta gur ghéill Forfás le forálacha an Achta i dtaobh gach gné ábhartha.

Ní raibh aon fhorbairtí ábhartha ó 1 Eanáir 2012.

### Íoc Pras na Soláthraithe

Tá Forfás tiomanta dá oibleagáidí faoin Riail Íoc Pras 15 lá a chomhlíonadh, riail a cuireadh i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2011.

Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe i ndáil le gach sonrasc bailí faighte laistigh de 15 lá féilire.

Tuairiscíonn Forfás gach ráithe sa rannóg 'Our Commitments' den suíomh gréasáin faoi chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

## Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2009, tá athbhreithniú déanta ag Forfás ar a phróisis d'fhonn a chinntiú go bhfuil forálacha an Chóid Athbhreithnithe á chomhlíonadh aige.

### Nochtadh Leasanna na gComhaltaí Boird

De réir an Chóid Chleachtais Athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009, soláthraíonn Comhaltaí Boird Forfás, tráth a gceaptha ar an mBord agus i rith a tréimhse in oifig, sonraí leasanna a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le coinbhleacht leasa nó a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith aige ar an gcomhalta agus é/í ag feidhmiú nó i mbun dualgais mar chomhalta den Bhord.

### Táillí agus Tinreamh an Bhoird

| Comhalta Boird | | Táillí €'000 | Tinreamh (reácháladh 13 chruinniú in 2011) |
|---|---|---|---|
| Eoin O'Driscoll | | 19 | 13 as 13 |
| Martin D. Shanahan | | 10 | 13 as 13 |
| Sean Gorman | (scortha 21ú Deireadh Fómhair2011) | Nialas | 7 as 10 |
| Barry O'Leary | | Nialas | 8 as 13 |
| Frank Ryan | | Nialas | 10 as 13 |
| William O'Brien | | 11 | 11 as 13 |
| An Dr. Don Thornhill | | 11 | 10 as 13 |
| Bob Brannock | | 11 | 8 as 13 |
| Tim Dullea | | 11 | 13 as 13 |
| Miriam Magner Flynn | | 11 | 10 as 13 |
| Simon Barry * | (scortha mí na Nollag 2011) | 22* | 10 as 13 |
| Paul O'Toole | (scortha mí na Nollag 2011) | Nialas | 12 as 13 |

* Áirítear riaráistí don tréimhse 3ú Márta go dtí 31ú Nollaig 2010 a íocadh in mí an Mheithimh 2011.

### Costais an Bhoird

B'ionann iomlán na gcostas a íocadh le comhaltaí de chuid Bord Forfás in 2011 agus €7,874 ag cuimsiú:

| | € |
|---|---|
| Míleáiste | 6,484 |
| Costais Traenach, Tacsaithe & costais deimhnithe | 1,390 |

## Cairt Chustaiméirí

Sonraítear i gCairt Chustaiméirí Forfás a thiomantas do sheirbhís ar ardchaighdeán dá chustaiméirí. Tá an chairt chustaiméirí le fáil ag www.forfas.ie. Áirítear nós imeachta chun déileáil le gearáin sa Chairt seo. Ní bhfuarthas aon ghearáin i 2011.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Faoi Ionstraim Reachtúil (IR) 542 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (éifeachtúlacht úsáid deiridh fuinnimh agus seirbhísí fuinnimh) 2009, tá oibleagáidí sonracha tuairiscithe fuinnimh ar an earnáil phoiblí. Iarrann Forfás na maoine is tíosaí ar fhuinneamh agus is cairdiúla don chomhshaol ó thaobh an fhuinnimh de atá ar fáil a úsáid i ngach ceantar ábhartha d'úsáid fuinnimh agus seirbhísí dá bhfoirgnimh. D'fhonn comhlíonadh le riachtanais rialála tá Teastas Taispeána Fuinnimh crochta sa limistéar fáiltithe.

Ag deireadh 2009, chuir Forfás tús le tionscadal ilbhliantúil atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i dTeach Pháirc Wilton le tacaíocht ó Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann. San áireamh sa tionscadal seo bhí athrú ó chóras ola go córas gáis (2010), soilsiú tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil (2010), córas feabhsaithe bainistíochta foirgneamh agus tionscnaimh fheasachta fuinnimh.


### Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2011

Is foirgneamh seacht stór é Teach Pháirc Wilton (WPH) atá tógtha os cionn íoslach oifige a tógadh i 1984. Tá limistéar thart ar 17,298 $m^2$ ar fad i gceist. San áireamh i ndearadh an fhoirgnimh bhí ardleibhéil inslithe agus in go leor gnéithe den dearadh cuireadh béim ar chaomhnú fuinnimh, gné a bhfuil an-bhéim á leagan uirthi anois. Tá Teach Pháirc Wilton inslithe go maith agus tá na U-luachanna inchomparáide, ar a laghad, le moltaí reatha. Is ionann é sin, agus cumraíocht agus treoíocht ár n-oifigí, a laghdaíonn an riachtanas soilsithe, mar aon le ganntanas mórshuiteáil AC agus úsáid aeráil nádúrtha, agus buntáistí ó thaobh cúrsaí fuinnimh de. Tuairiscíonn trí ghníomhaireacht Stáit atá lonnaithe san fhoirgneamh don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Forfás, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus GFT Éireann) agus, mar aon le hÚdarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI), tá úsáid á baint acu as 14,827$m^2$ (lena n-áirítear Forfás, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an t-íoslach). Tá spás ag dhá thionónta san fhoirgneamh chomh maith céanna. In 2011, d'úsáid Forfás, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann 2,655 MWh fuinneamh, mar seo a leanas:

- 1,501 MWh leictreachais
- 1,154 MWh breoslaí iontaise
- 0 MWh breoslaí in-athnuaite

| | Úsáid WPH 2011 | Úsáid WPH 2009 | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cineál Fuinnimh** | **kWh** | **kWh** | **Coigilt (kWh)** | **Coigilt (%)** |
| **Leictreachas** | 1,765,884 | 2,078,163 | 312,279 | 15% |
| **Gás** | 1,358,164 | 1,187,323 | -170,841 | -14% |
| **Ídiú Fuinnimh Iomlán** | 3,124,048 | 3,265,486 | 141,438 | 4% |

**Figiúr 17: Úsáid Fuinnimh i dTeach Pháirc Wilton 2009 - 2011**




Foinse: Aramark

**Gníomhartha Curtha i gCrích in 2011**

In 2011 thug Forfás faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Comhdhlúthú agus fíorúlú freastalaithe Forfás
- Suiteáil insliú breise
- Níos mó pointí socraithe sa seomra freastalaithe
- Rannpháirtíocht leanúnach le SEAI maidir le tionscnaimh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú

Bhí méadú le tabhairt faoi deara in úsáid gáis mar gheall ar an aimsir a bheith níos fuaire agus deacrachtaí leis an gcóras radaitheoirí, nithe ba chúis leis an éileamh breise ar an gcóras téimh.

### Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2012

In 2012 tá sé beartaithe ag Forfás a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh agus feidhmíocht fuinnimh a thionóntaí chomh maith céanna trí na tionscnaimh seo a leanas:

- An feachtas feasachta foirne a sheoladh an athuair
- Éifeachtúlacht radaitheoirí a fheabhsú
- An úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as an gcóras bainistíochta foirgneamh
- An Córas Fuinnimh Ghníomhaigh a fheabhsú
- Seomraí freastalaithe a chumasc agus a athchumrú
- Bainistíocht cumhachta ríomhairí deisce a chur chun feidhme
- Páirt a ghlacadh i gclár Comhpháirtíochta Fuinnimh SEAI
- Imscrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme córas struchtúrtha bainistíochta fuinnimh

Tá sé mar aidhm ag Forfás 150 MWh, ar a laghad, a shábháil in úsáid leictreachais gach bliain sa dá bhliain amach romhainn.

## Bainistíocht Réadmhaoine – Teach Carrisbrook agus Teach Knockmaun

Tráth dhíscaoileadh an Údaráis Forbartha Tionscail, agus tráth bhunú Forfás an 1 Eanáir 1994, aistríodh an leas léasachta in dhá fhoirgneamh ceanncheathrú GFT tráth go Forfás .i. Teach Carrisbrook i nDroichead na Dothra agus Teach Knockmaun i Sráid an Mhóta. Rachaidh léas Knockmaun in éag in Iúil 2014. Rachaidh léas Theach Carrisbrook in éag in 2034.

Bhí na foirgnimh foligthe don chuid is mó den tréimhse ó 1994, ach bhain dhá thionónta, ceann i dTeach Knockmaun agus ceann i dTeach Carrisbrook, tairbhe as clásail scoir in 2008 agus 2009 agus tá siad imithe ón bhfoirgneamh. Tá nóta curtha ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena Thuarascáil Iniúchta ar Ráitis Airgeadais 2011 Forfás, ag rá go raibh “Caiteachas Neamhéifeachtach” tabhaithe ar chíos agus ar chostais ghaolmhara bainteach le spás oifige neamháitithe sna foirgnimh seo. Tá na cóimheasa reatha áitíochta cothrom le thart ar 88 faoin gcéad do Theach Knockmaun agus thart ar 15 faoin gcéad do Theach Carrisbrook.

Tá tréaniarracht déanta tionóntaí nua a fháil nó an leas léasachta a dhiúscairt. Tá roinnt tionscnamh margaíochta nua déanta agus fós á ndéanamh i gcomhar le gníomhaireachtaí eastáit gairmiúla. Tá Forfás ag leanúint ar aghaidh ag obair le GFT Éireann chun margaíocht a dhéanamh ar an bhfoirgneamh. Tá comhairle curtha ar Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus an Roinn Airgeadais, tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Forfás, faoi infhaighteacht spás folamh sna foirgnimh seo, spás atá le cur san áireamh i gcomhthéacs iarratas ar spás breise chuig OPW ó laistigh den Earnáil Phoiblí. Tá Forfás ag leanúint le haird OPW a tharraingt ar an infhaighteacht spáis seo. Ainneoin coinníollacha margaidh agus roinnt cainte le tionóntaí ionchasacha, níl an foirgneamh ligthe ar cíos fós.

# Ráitis Airgeadais

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí ag Comhaltaí Boird

## Do Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2011

Éilíonn Mír 7(2) den Chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 ar Forfás gach cuntas cuí agus gnách i ndáil leis an t-airgead a fuarthas agus a caitheadh a choinneáil, ina leithéid d'fhoirm a d'fhéadfadh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a fhaomhadh le comhthoil an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe.

In ullmhú na ráitis airgeadais sin, éilítear ar Forfás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura bhfuil sé feiliúnach glacadh leis go leanfaidh Forfás i mbun oibre;
- aon imeachtaí ábhartha ó Chaighdeáin Chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as ucht leabhair chuntais chuí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le Mír 7(2) den Chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Tá na leabhair chuntais seo le fáil ag ceanncheathrú na Gníomhaireachta, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach freisin as ucht a shócmhainní a chosaint agus dá réir sin as ucht bearta réasúnta a ghlacadh de láimh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:

Eoin O'Driscoll
Cathaoirleach

Martin Shanahan
Príomhfheidhmeannach

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Forfás

Tá ráitis airgeadais de chuid Forfás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 iniúchta agam faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu, na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn na ráiteas airgeadais a bheith á n-ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus ag teacht leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn.

## Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú dtugann siad tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí Forfás agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé d'fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh tagraím do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú Comhlachtaí Stáit.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a ghnóthú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé an mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí do chúinsí Forfás, agus an bhfuil siad curtha chun feidhme ar bhonn comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar mhaithe le haon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráitis nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim mo mhachnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

## Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú go cuí de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a Ghlactar leis Go Coitianta in Éirinn, tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí Forfás ar an 31 Nollaig 2011 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar críoch ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chearta proper coimeádta ag Forfás. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

## Nithe a ndéanaim tuairisciú de réir eisceachta orthu

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i gcaitheamh m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha a leagadh síos ina leith nó sa chás nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis atá i dTuarascáil Bhliantúil Forfás don bhliain ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais ina leith comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúlacht Forfás don Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Tarraingím aird ar Nóta 12 leis na ráitis airgeadais a nochtann caiteachas neamh-éifeachtúil de chuid €1.43 milliún a thabhaigh Forfás in 2011 ar chíos agus costais ghaolmhara i ndáil le spás oifige neamhshealbhaithe.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe eile a dtuairiscím de réir eisceachta orthu.



**Gerard Smyth**

**Le haghaidh agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**31 Bealtaine 2012**

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann an Bhoird de chuid Forfás, aithním ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais atá éifeachtúil.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní absalóideach a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath in achar tráthúil ama.

Tá an Bord tar éis tabhairt faoi roinnt beart chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Cultúr freagrachta a fhorbairt thar leibhéil uile na heagraíochta.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá roimh an eagras a aithint lena n-áirítear méid agus catagóirí a bhraitheann siad atá inghlactha;
- An dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta a mheasúnú;
- ag obair go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint soiléir ar spriocanna Forfás agus tacaíocht le haghaidh na straitéisí de chuid Forfás chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Tá an Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bainistíochta rialta, gnáthaimh riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus córas de tharmligean agus freagracht. Áirítear ann ach go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord;
- Athbhreithnithe rialta bainte amach ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin;
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaigh seachfhoinsithe ag Forfás, a fheidhmíonn de réir Creat-Chód an Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, a tuairiscíonn díreach chuig an gCoiste Iniúchóireachta. Faigheann obair na hiniúchóireachta inmheánaigh a cuid eolais ó anailís ar an riosca atá roimh an gcomhlacht agus tá pleananna iniúchóireachta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn an Coiste Iniúchóireachta anailís ar an riosca agus pleananna na hiniúchóireachta inmheánaí. Buaileann an Coiste Iniúchóireachta le chéile ar bhonn ráithiúil chun athbhreithniú a dhéanamh leis an Iniúchóir Inmheánaigh ar thoradh na n-iniúchtaí agus chun fóntacht agus éifeachtacht leanúnach an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais a dhearbhú. In 2010, d'fhostaigh an Bord saineolaí seachtrach chun comhairle a chur ar an gCoiste Iniúchóireachta ar ábhair airgeadais teicniúla.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach airgeadais bunaithe ar eolas a eascraíonn ó obair an iniúchóra inmheánaigh agus an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh agus rialú na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Forfás atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreatchláir rialaithe airgeadais agus tuairimí de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste ina litir bhainistíochta.

Deimhním, maidir leis an mbliain dar chríoch 31 Nollaig 2011, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais.

